



Uimhir 26 de 2020

An tAcht Airgeadais, 2020
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 26 de 2020

AN tACHT AIRGEADAIS, 2020

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

**MUIREAR SÓISIALACH UILÍOCH, CÁIN IONCAIM, CÁIN CHORPARÁIDE AGUS CÁIN GNÓCHAN
CAIPITIÚIL**

CAIBIDIL 1

Léiriú

Alt

1. Léiriú (Cuid 1)

CAIBIDIL 2

Muirear Sóisialach Uilíoch

2. Leasú ar alt 531AN den Phríomh-Acht (ráta muirir)

CAIBIDIL 3

Cáin Ioncaim

3. Leasú ar alt 126 den Phríomh-Acht (mar a dhéileálfar, ó thaobh cánach, le sochair áirithe is iníoctha faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh)
4. Leasú ar alt 192BA den Phríomh-Acht (íocaíochtaí áirithe arna ndéanamh nó arna n-údarú ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach a dhíolmhú)
5. Leasú ar alt 466 den Phríomh-Acht (creidmheas cánach gaoil chleithiúnaigh)
6. Díolúine i leith Liúntas Soghluaiseachta
7. Leasú ar alt 477C den Phríomh-Acht (cabhair cheannaigh)
8. Tuairisciú scairseáime
9. Leasú ar alt 472AB den Phríomh-Acht (creidmheas cánach ioncaim thuillte)
10. Leasú ar alt 472BB den Phríomh-Acht (creidmheas pearsanra cabhlaigh farraige)

CAIBIDIL 4

Cáin Ioncaim, Cáin Chorporáide agus Cáin Gnóchan Caipitiúil

11. An Scéim Tacaíochta um Shrianta Covid
12. Leasú ar alt 285A den Phríomh-Acht (liúntais chaithimh agus chuimilte a luathú le haghaidh trealamh áirithe atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de)
13. Leasú ar Chaibidil 1 de Chuid 18 den Phríomh-Acht (íocaíochtaí i leith seirbhísí gairmiúla ag daoine áirithe)
14. Leasú ar Chuid 11C den Phríomh-Acht (teorainneacha astaíocht-bhunaithe ar liúntais agus caiteachais chaipitiúla i leith feithiclí bóthair áirithe)
15. Praghsáil Aistrithe
16. Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann leis an bPríomh-Acht (sásra chun cáin a mheasúnú, a mhuirearú agus a íoc faoi Sceideal C agus, i gcásanna áirithe, faoi Sceideal D)
17. Liúntais chaithimh agus chuimilte a luathú le haghaidh trealamh sábháilteachta feirme

CAIBIDIL 5

Cáin Chorporáide

18. Leasú ar alt 288 den Phríomh-Acht (liúntais chothromaíochta agus muirir chothromaíochta)
19. Leasú ar alt 481 den Phríomh-Acht (faoiseamh i leith infheistíocht i scannáin)
20. Leasú ar Chuid 35B den Phríomh-Acht (cuideachtaí coigríche rialaithe)
21. Leasú ar Chuid 35C den Phríomh-Acht (neamhchomhfhreagairtí hibrideacha)
22. Leasú ar alt 769Q den Phríomh-Acht (feidhm)

CAIBIDIL 6

Cáin Gnóchan Caipitiúil

23. Leasú ar alt 541 den Phríomh-Acht (fiacha)
24. Leasú ar alt 597AA den Phríomh-Acht (faoiseamh athleasaithe d'fhiontraithe)
25. Leasú ar alt 629 den Phríomh-Acht (cáin scuchta a iarchur)

CUID 2

MÁL

26. Rátaí cánach táirgí tobac
27. Leasú ar Chaibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 1999 agus ar Sceidil 2 agus 2A a ghabhann leis an Acht sin (cáin ola mianra)
28. Leasú ar alt 67 den Acht Airgeadais, 2010 (cáin charbóin gáis nádúrtha)
29. Leasú ar Chaibidil 3 de Chuid 3 den Acht Airgeadais, 2010 agus ar Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht sin (cáin charbóin breosla sholadaigh)

30. Leasú ar alt 104 den Acht Airgeadais, 2001 (faoisimh)
31. Dleacht mháil a tharscaoileadh ar athnuachan ceadúnas áirithe deochanna meisciúla, ceadúnas rince phoiblí agus deimhnithe clárúcháin clubanna
32. Leasú ar alt 96 den Acht Airgeadais, 2001 (léiriú (Cuid 2))
33. Leasú ar alt 132 den Acht Airgeadais, 1992 (dleacht mháil a mhuirearú)
34. Leasú ar alt 135C den Acht Airgeadais, 1992 (loghadh nó aisíoc i leith cáin cláraithe feithiclí, etc.)
35. Leasú ar Chuid I den Sceideal a ghabhann le hAcht 1952
36. Leasú ar alt 92 den Acht Airgeadais, 1989

CUID 3

CÁIN BHREISLUACHA

37. Léiriú (Cuid 3)
38. Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht (léiriú - ginearálta)
39. Leasú ar alt 46 den Phríomh-Acht (rátaí cánach)
40. Leasú ar alt 86 den Phríomh-Acht (forálacha speisialta i leith cáin arna sonrasc ag feirmeoirí cothromráta)
41. Ionadaí cánach
42. Leasú ar alt 24, Sceideal 1 agus Sceideal 2 den Phríomh-Acht
43. Bia agus deoch
44. Leasú ar Sceideal 2 (earraí agus seirbhísí nialas-rátaithe) a ghabhann leis an bPríomh-Acht agus ar alt 46 (rátaí cánach) den Phríomh-Acht
45. Leasú ar alt 120 den Phríomh-Acht agus ar Sceidil 1 agus 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht (cóiríocht)
46. Leasú ar Sceidil 2 agus 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht

CUID 4

DLEACHTANNA STAMPA

47. Léiriú (Cuid 4)
48. Leasú ar alt 31C den Phríomh-Acht (scaireanna a dhíorthaíonn luach ó mhaoin dhochorraithe atá suite sa Stát)
49. Leasú ar alt 81C den Phríomh-Acht (faoiseamh breise comhdhlúthúcháin feirme)
50. Leasú ar alt 83D den Phríomh-Acht (dleacht stampa a aisíoc i gcás go n-úsáidtear talamh chun críoch cónaithe)
51. Rialacháin árachais – dleacht stampa
52. Leasú ar alt 126AA den Phríomh-Acht (tobhach breise ar fhorais airgeadais áirithe)

53. Leasú ar Sceideal 1 a ghabhann leis an bPríomh-Acht (dleachtanna stampa ar ionstraimí)

CUID 5

CÁIN FÁLTAS CAIPITIÚIL

54. Léiriú (Cuid 5)

55. Leasú ar alt 46 den Phríomh-Acht (tuairisceáin a sheachadadh)

56. Leasuithe ar an bPríomh-Acht i ndáil leis an teorainn ama 4 bliana le fiosrúcháin, measúnachtaí agus aisíocaí

CUID 6

ILGHNÉITHEACH

57. Léiriú (Cuid 6)

58. Leasú ar an bPríomh-Acht (achomhairc chun na gCoimisinéirí Achomhairc)

59. Nochtadh sainordaitheach idirbheart áirithe

60. Rialacháin árachais

61. Tuairisceáin ar idirbhearta cárta íocaíochta áirithe ó sholáthraithe cárta íocaíochta

62. Leasuithe de dhroim ascnamh scaireanna chuig taisclann lárnach urrús AE

63. Leasú ar Chuid 7 den Acht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020

64. Leasú ar an Acht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020

65. Covid-19: forálacha speisialta stórasaithe agus úis (cáin ioncaim)

66. Leasú ar alt 991B den Phríomh-Acht (Covid-19: forálacha speisialta stórasaithe agus úis)

67. Leasú ar alt 114B den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010 (Covid-19: forálacha speisialta stórasaithe agus úis)

68. Leasú ar alt 17C den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 (Covid-19: forálacha speisialta stórasaithe agus úis i gcomhair ranníocaí)

69. Aisíoc nó aischistiú íocaíochta arna déanamh de bhreis ar dhliteanas i leith cánach arna mheasúnú ag cáiniócoir

70. Leasú ar alt 1001 den Phríomh-Acht (cáin etc. a bheith dlite de shealbhóir muirir shocráithe ar fhiacha leabhair de chuid cuideachta)

71. Leasú ar alt 1077E den Phríomh-Acht (pionós mar gheall ar thuairisceáin mhíchruinne, etc., a dhéanamh d'aon turas nó go míchúramach)

72. Leasú ar Chuid 3 de Sceideal 26A a ghabhann leis an bPríomh-Acht (comhlacht a cheadú mar charthanas cáilithe)

73. Leasú ar alt 908E den Phríomh-Acht (ordú doiciméid a thabhairt ar aird nó faisnéis a sholáthar)

74. Leasuithe teicniúla ilghnéitheacha i ndáil le cáin

[2020.]

An tAcht Airgeadais, 2020.

[*Uimh.* 26.]

75. Cúram agus bainistiú cánacha agus dleachtanna

76. Gearrtheideal, forléiriú agus tosach feidhme

AN SCEIDEAL

LEASUITHE TEICNIÚLA ILGHNÉITHEACHA I NDÁIL LE CÁIN

NA HÁCHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 (Uimh. 1)
Acht an Bhainc Ceannais, 1971 (Uimh. 24)
An tAcht um Chúram Leanaí, 1991 (Uimh. 17)
Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimh. 38)
An tAcht Custam, 2015 (Uimh. 18)
Customs Consolidation Act 1876 (39 & 40 Vict., c.36.)
An tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999 (Uimh. 23)
An tAcht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020 (Uimh. 2)
Finance (1909-10) Act 1910 (10 Edw. 7, c.8)
An tAcht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithiclí), 1952 (Uimh. 24)
An tAcht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012 (Uimh. 52)
An tAcht Airgeadais, 1980 (Uimh. 14)
An tAcht Airgeadais, 1989 (Uimh. 10)
An tAcht Airgeadais, 1992 (Uimh. 9)
An tAcht Airgeadais, 1999 (Uimh. 2)
An tAcht Airgeadais, 2000 (Uimh. 3)
An tAcht Airgeadais, 2001 (Uimh. 7)
An tAcht Airgeadais, 2005 (Uimh. 5)
An tAcht Airgeadais, 2010 (Uimh. 5)
An tAcht Airgeadais, 2019 (Uimh. 45)
An tAcht um Fhorálacha Airgeadais (Covid-19) (Uimh. 2), 2020 (Uimh. 8)
An tAcht Sláinte, 1947 (Uimh. 28)
An tAcht Sláinte, 1970 (Uimh. 1)
An tAcht Deochanna Meisciúla (Grúdlanna agus Drioglanna), 2018 (Uimh. 17)
An tAcht Deochanna Meisciúla (An Ceoláras Náisiúnta), 1983 (Uimh. 34)
An tAcht Deochanna Meisciúla (An Lárionad Náisiúnta Comhdhála), 2010 (Uimh. 9)
An tAcht Deochanna Meisciúla, 2003 (Uimh. 31)
An tAcht um Ascnamh Urrús Rannpháirteach, 2019 (Uimh. 50)
An tAcht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 (Uimh. 11)
Post Office Savings Bank Act 1861 (24 & 25 Vict., c.14)
An tAcht um Hallaí Rinnce Puiblí, 1935 (Uimh. 2)
Registration of Clubs (Ireland) Act 1904 (4 Edw. 7, c.9)
An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 (Uimh. 26)
An tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 (Uimh. 31)
An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Uimh. 39)
An tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010 (Uimh. 31)



Uimhir 26 de 2020

AN tACHT AIRGEADAIS, 2020

[An tiontú oifigiúil]

Acht do dhéanamh socrú maidir le forchur, aisghairm, loghadh, athrú agus rialáil cánachais, dleachtanna stampa agus dleachtanna a bhaineann le mál agus do dhéanamh socrú breise thairis sin i dtaobh airgeadais lena n-áirítear rialáil custam; do leasú Chuid 7 den Acht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020 agus do dhéanamh socrú thairis sin maidir le tacaí d'earnálacha áirithe den gheilleagar; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [19 Nollaig 2020]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

MUIREAR SÓISIALACH UILÍOCH, CÁIN IONCAIM, CÁIN CHORPARÁIDE AGUS CÁIN GNÓCHAN
CAIPITIÚIL

CAIBIDIL 1

Léiriú

Léiriú (Cuid 1)

1. Sa Chuid seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

CAIBIDIL 2

Muirear Sóisialach Uilíoch

Leasú ar alt 531AN den Phríomh-Acht (ráta muirir)

2. (1) Leasaítear alt 531AN den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) D’ainneoin fho-alt (1) agus an Tábla a ghabhann leis an alt seo, i gcás go bhfuil ioncam comhiomlán nach mó ná €60,000 á fháil ag pearsa aonair agus go bhfuil sé nó sí faoi bhun 70 bliain d’aois agus go bhfuil

láncháilíocht aige nó aici le haghaidh seirbhísí faoi Chuid IV den Acht Sláinte, 1970, de bhua ailt 45 agus 45A den Acht sin nó Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ón gComhairle an 29 Aibreán 2004¹, in ionad an phearsa aonair a mhuirearú i leith muirear sóisialach uilíoch ar an gcuid den ioncam comhiomlán don bhliain chánach lena mbaineann is mó ná €20,484 de réir an ráta dá bhforáiltear i gcolún (2) de Chuid 1 den Tábla sin, déanfar é nó í a mhuirearú ar mhéid an bharrachais de réir ráta 2 faoin gcéad.”,

(b) i bhfo-alt (4), trí “2022” a chur in ionad “2021”, agus

(c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Chuid 1 den Tábla a ghabhann leis an alt sin:

“Cuid 1

An chuid den ioncam comhiomlán (1)	An ráta muirir shóisialaigh uilíoch (2)
An chéad €12,012	0.5 faoin gcéad
An chéad €8,472 eile	2 faoin gcéad
An chéad €49,560 eile	4.5 faoin gcéad
An fuilleach	8 faoin gcéad

”.

(2) Beidh feidhm ag *míreanna (a)* agus *(c) d’fho-alt (1)* maidir leis an mbliain mheasúnachta 2020.

(3) Leasaítear alt 531AN den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) D’ainneoin fho-alt (1) agus an Tábla a ghabhann leis an alt seo, i gcás go bhfuil ioncam comhiomlán nach mó ná €60,000 á fháil ag pearsa aonair agus go bhfuil sé nó sí faoi bhun 70 bliain d’aois agus go bhfuil láncháilíocht aige nó aici le haghaidh seirbhísí faoi Chuid IV den Acht Sláinte, 1970, de bhua ailt 45 agus 45A den Acht sin nó Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ón gComhairle an 29 Aibreán 2004², in ionad an phearsa aonair a mhuirearú i leith muirear sóisialach uilíoch ar an gcuid den ioncam comhiomlán don bhliain chánach lena mbaineann is mó ná €20,687 de réir an ráta dá bhforáiltear i gcolún (2) de Chuid 1 den Tábla sin, déanfar é nó í a mhuirearú ar mhéid an bharrachais de réir ráta 2 faoin gcéad.”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Chuid 1 den Tábla a ghabhann leis an alt sin:

1 IO Uimh. L166, 30.4.2004, lch.1

2 IO Uimh. L166, 30.4.2004, lch.1

“Cuid 1

An chuid den ioncam comhiomlán (1)	An ráta muirir shóisialaigh uilíoch (2)
An chéad €12,012	0.5 faoin gcéad
An chéad €8,675 eile	2 faoin gcéad
An chéad €49,357 eile	4.5 faoin gcéad
An fuilleach	8 faoin gcéad

”.

- (4) Beidh feidhm ag *fo-alt (3)* maidir leis an mbliain mheasúnachta 2021 agus le gach bliain mheasúnachta dá héis.

CAIBIDIL 3

Cáin Ioncaim

Leasú ar alt 126 den Phríomh-Acht (mar a dhéileálfar, ó thaobh cánach, le sochair áirithe is iníoctha faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh)

3. (1) Leasaítear alt 126 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (3)(a)—

(i) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ia):

“(iib) na híocaíochtaí, ar a dtugtar de ghnáth na híocaíochtaí dífhostaíochta paidéime, arna ndéanamh faoi alt 202 d’Acht 2005 an 13 Márta 2020 agus dá éis sin go dtí an dáta iomchuí (de réir bhrí alt 7 den Acht sin),”

agus

(ii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (iib) (a chuirtear isteach le *fomhír (i)*):

“(iic) íocaíocht dífhostaíochta phaindéim Covid-19 (de réir bhrí Acht 2005),”

agus

(b) i gcolún (1) den Tábla a ghabhann leis an alt sin, trí “(seachas na híocaíochtaí dá dtagraítear i bhfo-alt (3)(a)(iib))” a chur isteach i ndiaidh “Íocaíocht i leith riachtanais phráinneacha”.

- (2) Measfar gur tháinig *míreanna (a)(i)* agus *(b) d’fho-alt (1)* i ngníomh ar an 13 Márta 2020.

- (3) Measfar gur tháinig *mír (a)(ii) d’fho-alt (1)* i ngníomh ar an 5 Lúnasa 2020.

Leasú ar alt 192BA den Phríomh-Acht (íocaíochtaí áirithe arna ndéanamh nó arna n-údarú ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach a dhíolmhú)**4. (1) Leasaítear alt 192BA den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)—**

- (a) sa mhíniú ar “cúramóir” trí “nó thar ceann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte” a chur isteach i ndiaidh “na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach”, agus
- (b) sa mhíniú ar “íocaíocht cháilitheach” tríd an méid seo a leanas a chur in ionad na bhfocal go léir dar tosach “íocaíocht—” síos go dtí “nó”, agus an focal sin san áireamh, áit a bhfuil sé díreach i ndiaidh mhír (a)(iii):

“íocaíocht—

(a) arb éard atá inti—

(i) íocaíocht—

(I) a thuairiscítear i gcolún (1) den Tábla a ghabhann leis an alt seo,

(II) a íoctar ar bhonn a shonraítear i gcolún (2) den Tábla sin, agus

(III) a dhéanann nó a údaraíonn an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach thar ceann an Aire,

nó

(ii) a dhéanann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nó a dhéantar thar a ceann, le cúramóir i leith an liúntais dá ngairtear i gcoitinne agus ar a dtugtar de ghnáth Liúntas Óstaigh Comhroinnte Teaghaise,

nó”.

- (2) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir leis an mbliain mheasúnachta 2020 agus le gach bliain mheasúnachta dá héis.

Leasú ar alt 466 den Phríomh-Acht (creidmheas cánach gaoil chleithiúnaigh)**5. (1) Leasaítear alt 466 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (2) trí “€245” a chur in ionad “€70”.**

- (2) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir leis an mbliain mheasúnachta 2021 agus le gach bliain mheasúnachta dá héis.

Díolúine i leith Liúntas Soghluaiseachta**6. Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 7 den Phríomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 192G:**

“192H. (1) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le híocaíocht arna déanamh faoi alt 61 den Acht Sláinte, 1970, dá ngairtear i gcoitinne agus ar a dtugtar de ghnáth Liúntas Soghluaiseachta, ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nó thar a ceann, le duine a chomhlíonfaidh coinníollacha na scéime um Liúntas Soghluaiseachta arna riaradh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

- (2) Aon íocaíocht lena mbaineann an t-alt seo, a dhéanfar an 1 Eanáir 2021 nó dá éis, beidh sí díolmhaithe ó cháin ioncaim agus ní áireofar í le linn ioncam iomlán a ríomh chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncaim.
- (3) Déileálfar le híocaíocht lena mbaineann an t-alt seo, arna déanamh roimh an 1 Eanáir 2021, amhail is dá mbeadh sí díolmhaithe ó cháin ioncaim sa bhliain mheasúnachta ina ndearnadh í agus ní áireofar í le linn ioncam iomlán a ríomh chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncaim.”.

Leasú ar alt 477C den Phríomh-Acht (cabhair cheannaigh)

- 7. Leasaítear alt 477C den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (5A), trí “Nollaig 2021” a chur in ionad “Nollaig 2020”.

Tuairisciú scairscéime

- 8. (1) Leasaítear alt 897B den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) Más rud é, in aon bhliain mheasúnachta, go ndéanfaidh fostóir nó duine eile scaireanna nó coibhéis airgid scaireanna a dhámhachtain do stiúrthóir nó d’fhostaí agus go bhféadfaidh cáin ioncaim faoi Sceideal D nó faoi Sceideal E a bheith inmhuireachaithe ar an stiúrthóir nó ar an bhfostaí i leith na dámhachtana sin, déanfaidh an fostóir nó an duine eile, de réir mar a bheidh, sonraí i dtaobh na dámhachtana sin a sheachadadh ar na Coimisinéirí Ioncaim, i bhformáid leictreonach a bheidh ceadaithe acu, an 31 Márta, nó roimhe, sa bhliain mheasúnachta tar éis na bliana sin.”,

agus

- (b) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) Beidh feidhm freisin ag forálacha mhír (a) maidir le luach lascainí ar scaireanna arna ndámhachtain ag fostóir nó ag duine eile do stiúrthóir nó d’fhostaí.”.

- (2) Leasaítear an Príomh-Acht i gCaibidil 5 de Chuid 5—

- (a) in alt 128C(15), trí “i bhformáid leictreonach a bheidh ceadaithe acu” a chur isteach i ndiaidh “Coimisinéirí Ioncaim”,
- (b) in alt 128D(8), trí “i bhformáid leictreonach a bheidh ceadaithe acu” a chur isteach i ndiaidh “Coimisinéirí Ioncaim”, agus
- (c) in alt 128E(9), trí “i bhformáid leictreonach a bheidh ceadaithe acu” a chur isteach i ndiaidh “Coimisinéirí Ioncaim”.

Leasú ar alt 472AB den Phríomh-Acht (creidmheas cánach ioncaim thuillte)

- 9. (1) Leasaítear alt 472AB den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (2), trí “€1,650” a chur in ionad “€1,500” gach áit a bhfuil sé.

- (2) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir leis an mbliain mheasúnachta 2020 agus le gach bliain mheasúnachta dá héis.

Leasú ar alt 472BB den Phríomh-Acht (creidmheas pearsanra cabhlaigh farraige)

10. Leasaítear alt 472BB den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) Más rud é, don bhliain mheasúnachta 2021, gur pearsa aonair cháilitheach pearsa aonair—

(a) beidh sé nó sí i dteideal creidmheas pearsanra cabhlaigh farraige de €1,500, agus

(b) ní thabharfar faoiseamh faoi alt 472B nó 472BA i leith na bliana sin.”.

CAIBIDIL 4

Cáin Ioncaim, Cáin Chorparáide agus Cáin Gnóchan Caipitiúil

An Scéim Tacaíochta um Shrianta Covid

11. (1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 483:

“Cuspóirí alt 485, críocha chun a n-achtaítear a fhorálacha agus dualgas áirithe an Aire Airgeadais maidir le hoibriú na bhforálacha sin

484. (1) (a) Is iad cuspóirí alt 485—

- (i) an spreagadh riachtanach a sholáthar don gheilleagar (i dteannta an spreagtha dá bhforáiltear le Cuid 7 den Acht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020 agus leis an Acht um Fhorálacha Airgeadais (Covid-19)(Uimh. 2), 2020) d’fhonn éifeachtaí Covid-19 ar an ngeilleagar a mhaolú, agus
 - (ii) más rud é, amhail an 1 Eanáir 2021, nach mbeidh aon chomhaontú arna dhéanamh idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe (maidir leis an gcaidreamh sa todhchaí eatarthu ar na nithe iomchuí), maolú a dhéanamh ar na héifeachtaí ar an ngeilleagar a thuigtear a eascróidh as an gcéanna.
- (b) I mír (a), ciallaíonn ‘nithe iomchuí’ na nithe a thuairiscítear i gCuid II den Dearbhú polaitiúil lena leagtar amach an creat don chaidreamh sa todhchaí idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe³.
- (c) Ar mhaithe leis na cuspóirí roimhe seo a bhisiú, is iad seo a leanas na críocha chun a ndéantar forálacha éagsúla alt 485 (dá ngairtear an ‘Scéim Tacaíochta um Shrianta Covid’ san alt seo) a achtú:
- (i) i dteannta bunsásraí a sholáthar chun na cuspóirí sin a chomhlíonadh, chun úsáid éifeachtúil na Scéime Tacaíochta

3 IO Uimh. C384I, 12.11.2019, lch.178

um Shrianta Covid a chinntiú d'fhonn an costas a bheidh ar an Státchiste i leith na scéime a íoslaghdú (a mhéid a bheidh sé sin i gcomhréir le comhlíonadh na gcuspóirí sin);

- (ii) chun go seachnófar, más féidir, leithroinnt acmhainní ar earnálacha den gheilleagar nach bhfuil gá acu le spreagadh díreach tríd an Scéim Tacaíochta um Shrianta Covid (agus is earnálacha a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis go n-athbhunófar a n-inmharthanacht airgeadais agus go gcuirfear ar chonair fáis faoi dheoidh iad le héifeachtaí neamhdhíreacha na scéime);
 - (iii) chun an t-airgeadas poiblí a chosaint trí shásraí chun scor d'aon cheann amháin nó níos mó de na híocaíochtaí faoin Scéim Tacaíochta um Shrianta Covid nó chun aon cheann amháin nó níos mó díobh a leasú (nó chun iad a athrú) in imthosca mínithe;
 - (iv) chun go gcuirfear i gcuntas an gá atá ann athruithe in imthosca daoine a léiriú, ar daoine iad, ina gcáil mar ghnóthaí, a bhfuil íocaíochtaí faoin Scéim Tacaíochta um Shrianta Covid á ndéanamh ina leith, i gcásanna ina mbaineann na daoine sin leas as tacaí airgeadais eile a sholáthraíonn an Stát;
 - (v) chun go gcuirfear i gcuntas athruithe in imthosca eacnamaíochta an Stáit agus na héilimh ar a acmhainní airgeadais a tharlódh sa chuid eile den bhliain airgeadais reatha agus ina dhiaidh sin.
- (d) Beidh sé de dhualgas ar an Aire Airgeadais faireachán agus maoirsiú a dhéanamh ar riaradh na Scéime Tacaíochta um Shrianta Covid (ach ní dhéantar, leis an mír seo, maolú ar an bhfeidhm chúraim agus bhainistíochta a thugtar do na Coimisinéirí Ioncaim le halt 485(21)).
- (e) Gan dochar do ghinearálacht mhír (d), cuirfidh an tAire Airgeadais faoi deara go ndéanfar measúnacht, i gceann cibé eatraimh is cuí leis nó léi ach gach 3 mhí ar a laghad, dar tosach an 13 Deireadh Fómhair 2020, ar na nithe seo a leanas, agus ar aon nithe iomchuí eile—
- (i) sonraí cothrom le dáta arna dtiomsú ag an Roinn Airgeadais agus a bhaineann le fáiltais agus caiteachas an Stáit,
 - (ii) sonraí cothrom le dáta ón gclár dá ngairtear an 'Beo-Chlár' go coitianta agus sonraí a bhaineann leis an gclár sin arna soláthar don Roinn Airgeadais ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (cibé acu sonraí arna dtiomsú ag an Roinn Stáit sin is déanaí a luaitear óna foinsí féin nó sonraí atá ar fáil di ó fhoinsí a chothabháiltear in áit éigin eile sa tSeirbhís Phoiblí),
 - (iii) cibé sonraí eile a mheasfaidh an tAire Airgeadais is iomchuí i ndáil le tionchar agus éifeachtaí Covid-19 nó gan (más ea) comhaontú den chineál dá dtagraítear i mír (a)(ii) a bheith ann,

agus, má choimisiúnaítear an méid seo a leanas, faoi threoir measúnacht, ar fhorais eacnamaíochta, ar an Scéim Tacaíochta um Shrianta Covid, is measúnacht a fhéadfaidh an tAire Airgeadais a

choimisiúnú agus aon tuairim maidir le hinchothaitheacht na scéime a nochtar inti.

- (f) Tar éis measúnacht a dhéanamh faoi mhír (e), beidh sé de dhualgas ar an Aire Airgeadais, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cinneadh a dhéanamh i dtaobh an gá aon cheann nó gach ceann de na cumhachtaí faoi fhomhíreanna (i) go (iv) d'fho-alt (2)(a) a fheidhmiú, de réir mar is cuí, chun na nithe seo a leanas a dhéanamh—

(i) na cuspóirí a shonraítear i mír (a) a chomhlíonadh ar shlí níos fearr, nó

(ii) bisiú aon cheann de na críocha a shonraítear i mír (c) a éascú,

agus, má chinneann an tAire Airgeadais gur gá é sin, tiocfaidh na cumhachtaí faoi fhomhír amháin nó níos mó ná fomhír amháin, de réir mar a fhoráiltear san fho-alt sin (2)(a), de na fomhíreanna sin (i) go (vi), chun bheith infheidhmithe ag an Aire Airgeadais agus beidh siad infheidhmithe aige nó aici.

- (2) (a) I gcás go ndéanfaidh an tAire Airgeadais cinneadh den chineál dá dtagraítear go deireanach i bhfo-alt (1)(f), déanfaidh an tAire Airgeadais, de réir mar a mheasfaidh sé nó sí is cuí agus is gá—

(i) ordú go ndéanfar an tagairt sa mhíniú ar 'srianta Covid' in alt 485(1) do shrianta dá bhforáiltear i rialacháin arna ndéanamh faoi ailt 5 agus 31A den Acht Sláinte, 1947, is srianta chun leathadh Covid-19 a chosc nó chun an priacal go leathfar Covid-19 a laghdú, agus a bhfuil d'éifeacht leo srian a chur le gníomhaíocht ghnó áirithe a sheoladh le linn na tréimhse sonraithe, a theorannú ar cibé slite a shonrófar san ordú (lena n-áirítear, más cuí leis an Aire Airgeadais, trí cheanglas a shonrú, maidir le gníomhaíocht ghnó áirithe a shrianadh, nach foláir go ndéanfaidh an srian difear, go feadh méid sonraithe, don ghníomhaíocht ghnó áirithe sin) agus déanfar, le hordú faoin bhfomhír seo, cibé modhnuithe breise ar fhorálacha alt 485 a mheasfaidh an tAire Airgeadais is gá agus is cuí de dhroim na teorann roimhe seo,

(ii) ordú gurb é a bheidh sa lá dá dtagraítear sa mhíniú ar 'tréimhse shonraithe' in alt 485(1) mar an lá a rachaidh an tréimhse dá dtagraítear ansin in éag cibé lá is déanaí ná an 31 Márta 2021 (ach nach déanaí ná an 31 Nollaig 2021) a mheasfaidh an tAire Airgeadais is cuí agus a shonróidh sé nó sí san ordú,

(iii) ordú go mbeidh sa chéatadán a shonraítear in alt 485(4)(b)(i) cibé céatadán is mó nó is lú ná an céatadán a shonraítear san fhoráil sin, agus—

(I) a mheasfaidh an tAire Airgeadais is gá chun na nithe seo a leanas a dhéanamh—

(A) na cuspóirí a shonraítear i bhfo-alt (1)(a) a chomhlíonadh ar shlí níos fearr, nó

- (B) bisiú aon cheann de na críocha a shonraítear i bhfo-alt (1) (c) a éascú,

agus

(II) a shonróidh an tAire Airgeadais san ordú,

- (iv) ordú go mbeidh sa chéatadán a shonraítear i bhfomhír (i)(I) nó i bhfomhír (ii)(I) d'alt 485(7)(a) cibé céatadán is mó nó is lú ná an céatadán a shonraítear san fhomhír sin (i)(I) nó san fhomhír sin (ii)(I), agus—

(I) a mheasfaidh an tAire Airgeadais is gá chun na nithe seo a leanas a dhéanamh—

- (A) na cuspóirí a shonraítear i bhfo-alt (1)(a) a chomhlíonadh ar shlí níos fearr, nó

- (B) bisiú aon cheann de na críocha a shonraítear i bhfo-alt (1) (c) a éascú,

agus

(II) a shonróidh an tAire Airgeadais san ordú,

- (v) ordú go mbeidh sa chéatadán dá dtagraítear i bhfomhír (i)(II) nó i bhfomhír (ii)(II) d'alt 485(7)(a) cibé céatadán is mó nó is lú ná an céatadán sin a shonraítear san fhomhír sin (i)(II) nó san fhomhír sin (ii)(II), agus—

(I) a mheasfaidh an tAire Airgeadais is gá chun na nithe seo a leanas a dhéanamh—

- (A) na cuspóirí a shonraítear i bhfo-alt (1)(a) a chomhlíonadh ar shlí níos fearr, nó

- (B) bisiú aon cheann de na críocha a shonraítear i bhfo-alt (1) (c) a éascú,

agus

(II) a shonróidh an tAire Airgeadais san ordú,

- (vi) ordú go scoirfidh fo-alt (8) d'alt 485 de bheith i ngníomh ar cibé lá agus ó cibé lá, nó nach mbeidh an roghnú dá dtagraítear i mír (b) den fho-alt sin, agus a gcumasaítear do dhuine cáilitheach a dhéanamh leis an bhfo-alt sin, infheidhmithe ach amháin i cibé imthosca—

(I) a mheasfaidh an tAire Airgeadais is gá chun na nithe seo a leanas a dhéanamh—

- (A) na cuspóirí a shonraítear i bhfo-alt (1)(a) a chomhlíonadh ar shlí níos fearr, nó

- (B) bisiú aon cheann de na críocha a shonraítear i bhfo-alt (1) (c) a éascú,

agus

(II) a shonróidh an tAire Airgeadais san ordú,

agus maidir le haon ní dá bhforáiltear sna fomhíreanna roimhe seo, gairtear ‘modhnú’ in alt 485(3) de.

- (b) I gcás go mbeartófar ordú faoi fhomhír (i), (ii), (iii), (iv), (v) nó (vi) de mhír (a) a dhéanamh, déanfar dréacht den ordú a leagan faoi bhráid Dháil Éireann agus ní dhéanfar an t-ordú mura mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag an Teach sin.

An Scéim Tacaíochta um Shrianta Covid

485.(1) San alt seo—

déanfar ‘forálacha srianta gnó infheidhme’ a fhorléiriú ar an modh dá bhforáiltear sa mhíniú ar ‘tréimhse srianta Covid’ san fho-alt seo;

ciallaíonn ‘gníomhaíocht ghnó’, i ndáil le duine a sheolann trádáil go haonraic nó i gcomhpháirtíocht—

- (a) i gcás go bhfaigheann custaiméirí de chuid na trádála earraí nó seirbhísí ón duine sin ó aon áitreabh gnó amháin, gníomhaíochtaí na trádála, nó
- (b) i gcás go bhfaigheann custaiméirí de chuid na trádála earraí nó seirbhísí ón duine sin ó níos mó ná aon áitreabh gnó amháin, gníomhaíochtaí na trádála is iomchuí maidir le gach áitreabh gnó,

agus i gcás go bhfaigheann custaiméirí de chuid na trádála earraí nó seirbhísí ón duine sin ar shlí seachas trí fhreastal ar áitreabh gnó, maidir leis an gcuid sin den trádáil a bhaineann le hidirbhearta a bheidh déanta ar an modh sin, measfar go mbaineann sí leis an áitreabh gnó nó, i gcás go bhfuil níos mó ná aon áitreabh gnó amháin ann, déanfar í a chionroinnt idir na háitribh ghnó sin ar bhonn cóir réasúnach;

ciallaíonn ‘áitreabh gnó’, i ndáil le gníomhaíocht ghnó, foirgneamh nó déanmhas fisiciúil tuinithe eile den tsamhail chéanna óna seoltar gníomhaíocht ghnó de ghnáth;

tá le ‘tréimhse inmhuirearaithe’ an bhrí chéanna atá leis in alt 321(2);

ciallaíonn ‘tréimhse éilimh’ tréimhse srianta Covid nó tréimhse fadaithe srianta Covid, de réir mar a éilíonn an comhthéacs;

tá le ‘Covid-19’ an bhrí chéanna atá leis san Acht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020;

ciallaíonn ‘srianta Covid’ srianta dá bhforáiltear i rialacháin arna ndéanamh faoi ailt 5 agus 31A den Acht Sláinte, 1947, ar srianta iad chun leathadh Covid-19 a chosc nó an priacal go leathfar Covid-19 a laghdú agus a bhfuil d’éifeacht leo seoladh gníomhaíochta gnó áirithe a shrianadh le linn na tréimhse sonraithe;

tá le ‘tréimhse fadaithe srianta Covid’ an bhrí a shanntar dó le fo-alt (2);

ciallaíonn ‘tréimhse srianta Covid’, i ndáil le gníomhaíocht ghnó iomchuí arna seoladh ag duine, tréimhse ar lena linn a cheanglaítear ar an duine, le forálacha srianta Covid, toirmeasc a chur ar dhaoine den phobal rochtain a bheith acu, nó iad a shrianadh go suntasach ó rochtain a bheith acu, ar an áitreabh gnó ina seoltar an ghníomhaíocht ghnó iomchuí (dá ngairtear ‘forálacha srianta gnó infheidhme’ san alt seo) agus ar tréimhse í dar tosach an dáta tosaigh do thréimhse srianta Covid agus dar críoch an dáta deiridh do thréimhse srianta Covid;

ciallaíonn ‘dáta tosaigh do thréimhse srianta Covid’, i ndáil le gníomhaíocht ghnó iomchuí, an lá is déanaí díobh seo a leanas—

- (a) an 13 Deireadh Fómhair 2020, nó
- (b) an lá ar a dtiocfaidh forálacha srianta gnó infheidhme i ngníomh (is forálacha nach mbeidh tar éis a bheith i ngníomh an lá díreach roimh an lá sin);

ciallaíonn ‘dáta deiridh do thréimhse srianta Covid’, i ndáil le gníomhaíocht ghnó iomchuí, an lá is luaithe díobh seo a leanas—

- (a) an lá a bheidh ann trí seachtaine tar éis an dáta tosaigh do thréimhse srianta Covid,
- (b) an lá a sonraítear sna srianta Covid (arb iad na srianta sin iad sna téarmaí ina raibh siad leagtha amach ar an dáta tosaigh do thréimhse srianta Covid) gurb é an lá é a rachaidh na forálacha srianta gnó infheidhme in éag,
- (c) an lá roimh an gcéad lá tar éis an dáta tosaigh do thréimhse srianta Covid, ar a scoirfidh na srianta gnó infheidhme de bheith i ngníomh (de bhíthin nach ionann na téarmaí ina bhfuil na srianta Covid leagtha amach agus mar a bhí siad leagtha amach de réir mar a thagraítear i mír (b)), nó
- (d) an 31 Márta 2021,

agus, chun críocha mhír (c)—

- (i) ní bhainfidh sé le hábhar (más amhlaidh atá an cás) go ndéanfar rialacháin arna ndéanamh faoi ailt 5 agus 31A den Acht Sláinte, 1947 a chúlghairm agus a ionadú le rialacháin úra faoi na hailt sin (ach go leanfaidh na forálacha srianta gnó infheidhme d’fheidhm a bheith acu maidir leis an ngníomhaíocht ghnó iomchuí), agus
- (ii) maidir leis an gcéad tagairt sa mhír sin do na téarmaí ina bhfuil na srianta Covid leagtha amach, is tagairt í do na téarmaí a ghabhann leo agus dá bhforálfar sna rialacháin úra sin;

tá le ‘trádáil chomhpháirtíochta’ an bhrí chéanna atá leis in alt 1007;

tá le ‘comhpháirtí tosaíochta’, i ndáil le comhpháirtíocht agus le trádáil chomhpháirtíochta, an bhrí chéanna atá leis in alt 1007;

tá le ‘gníomhaíocht ghnó iomchuí’ an bhrí a shanntar dó i bhfo-alt (4);

ciallaíonn ‘réigiún geografach iomchuí’ suíomh geografach ina bhfuil srianta Covid i ngníomh;

ciallaíonn ‘tréimhse shonraithe’ an tréimhse dar tosach an 13 Deireadh Fómhair 2020 agus dar críoch an 31 Márta 2021;

ciallaíonn ‘cáin’ cáin ioncaim nó cáin chorparáide;

ciallaíonn ‘trádáil’ trádáil a mbeidh aon bhrabúis nó aon ghnóchain a eascraíonn uaithi inmhuirearaithe i leith cánach faoi Chás I de Sceideal D.

- (2) (a) Faoi réir fho-alt (8), más rud é, i ndáil le gníomhaíocht ghnó iomchuí arna seoladh ag duine, go leanfaidh forálacha srianta gnó infheidhme d’fheidhm a bheith acu, mar gheall ar rialacháin arna ndéanamh nó arna leasú faoi ailt 5 agus 31A den Acht Sláinte, 1947, maidir leis an ngníomhaíocht ghnó iomchuí an lá tar éis an lae ar a gcuirfear deireadh le tréimhse srianta Covid, gairtear ‘tréimhse fadaithe srianta Covid’, san alt seo, den tréimhse ar lena linn a leanfaidh na srianta sin d’fheidhm a bheith acu amhlaidh, ar tréimhse í dar tosach an lá sin roimhe sin (dá ngairtear ‘dáta tosaigh do thréimhse fadaithe srianta Covid’ san alt seo) agus dar críoch an dáta deiridh do thréimhse fadaithe srianta Covid.
- (b) San alt seo, ciallaíonn ‘dáta deiridh do thréimhse fadaithe srianta Covid’, i ndáil le gníomhaíocht ghnó iomchuí, an lá is luaithe díobh seo a leanas—
- (i) an lá a bheidh ann trí seachtaine tar éis an dáta tosaigh do thréimhse fadaithe srianta Covid,
- (ii) an lá a sonraítear sna srianta Covid (arb iad na srianta sin iad sna téarmaí ina raibh siad leagtha amach ar an dáta tosaigh do thréimhse fadaithe srianta Covid) gurb é an lá é a rachaidh na forálacha srianta gnó infheidhme in éag,
- (iii) an lá roimh an gcéad lá, tar éis an dáta tosaigh do thréimhse fadaithe srianta Covid, ar a scoirfidh na forálacha srianta gnó infheidhme de bheith i ngníomh (de bhíthin nach ionann na téarmaí ina bhfuil na srianta Covid leagtha amach agus mar a bhí siad leagtha amach de réir mar a thagraítear i bhfomhír (ii)), nó
- (iv) an 31 Márta 2021,
- agus, chun críocha fhomhír (iii)—
- (i) ní bhainfidh sé le hábhar (más amhlaidh atá an cás) go ndéanfar rialacháin arna ndéanamh faoi ailt 5 agus 31A den Acht Sláinte, 1947 a chúlghairm agus a ionadú le rialacháin úra faoi na hait sin (ach leanfaidh na forálacha srianta gnó infheidhme d’fheidhm a bheith acu maidir leis an ngníomhaíocht ghnó iomchuí), agus
- (ii) maidir leis an gcéad tagairt san fhomhír sin do na téarmaí ina bhfuil na srianta Covid leagtha amach, is tagairt í do na téarmaí a ghabhann leo agus dá bhforálfar sna rialacháin úra sin.

- (c) Más rud é, i ndáil le gníomhaíocht ghnó iomchuí arna seoladh ag duine, go leanfaidh forálacha srianta gnó infheidhme d’fheidhm a bheith acu, mar gheall ar rialacháin arna ndéanamh nó arna leasú faoi ailt 5 agus 31A den Acht Sláinte, 1947, maidir leis an ngníomhaíocht ghnó iomchuí an lá tar éis an lae ar a gcuirfear deireadh le tréimhse fadaithe srianta Covid, gairtear ‘tréimhse fadaithe srianta Covid’ freisin san fho-alt seo den tréimhse ar lena linn a leanfaidh na srianta sin d’fheidhm a bheith acu amhlaidh, ar tréimhse í dar tosach an lá sin roimhe sin agus dar críoch an dáta deiridh do thréimhse fadaithe srianta Covid.

(3) Maidir leis na forálacha seo a leanas a dhéantar san alt seo, eadhon:

- (a) an tagairt sa mhíniú ar ‘srianta Covid’ i bhfo-alt (1) do shrianta dá bhforáiltear i rialacháin arna ndéanamh faoi ailt 5 agus 31A den Acht Sláinte, 1947, is srianta chun leathadh Covid-19 a chosc nó an priacal go leathfar Covid-19 a laghdú agus a bhfuil d’éifeacht leo seoladh gníomhaíochta gnó áirithe a shrianadh le linn na tréimhse sonraithe;
- (b) an 31 Márta 2021 a bheith sonraithe sa mhíniú ar ‘tréimhse shonraithe’ i bhfo-alt (1) mar an dáta a rachaidh an tréimhse dá dtagraítear ansin in éag;
- (c) 25 faoin gcéad a bheith sonraithe i bhfo-alt (4)(b)(i);
- (d) 10 faoin gcéad a bheith sonraithe i bhfo-alt (7)(a)(i)(I) nó (ii)(I);
- (e) 5 faoin gcéad a bheith sonraithe i bhfo-alt (7)(a)(i)(II) nó (ii)(II);
- (f) fo-alt (8) agus an roghnú dá dtagraítear i mír (b) den fho-alt sin a gcumasaítear do dhuine cáilitheach é a dhéanamh de bhua an fho-ailt sin,

déanfar iad, mar aon le haon fhoráil eile den alt seo lena mbaineann an modhnú seo a leanas, a fhorléiriú agus a oibriú faoi réir aon mhodhnú dá bhforáiltear in ordú arna dhéanamh faoi alt 484(2)(a) agus a bheidh i bhfeidhm.

(4) (a) San alt seo—

ciallaíonn ‘meánláimhdeachas seachtainiúil ón ngníomhaíocht ghnó iomchuí bhunaithe’ meánláimhdeachas seachtainiúil an duine, a sheolann an ghníomhaíocht, i leith na gníomhaíochta gnó iomchuí bunaithe don tréimhse dar tosach an 1 Eanáir 2019 agus dar críoch an 31 Nollaig 2019;

ciallaíonn ‘meánláimhdeachas seachtainiúil ón ngníomhaíocht ghnó iomchuí nua’ meánláimhdeachas seachtainiúil an duine, a sheolann an ghníomhaíocht, i leith na gníomhaíochta gnó iomchuí nua don tréimhse dar tosach an dáta a thosaigh an duine an ghníomhaíocht ghnó agus dar críoch an 12 Deireadh Fómhair 2020;

ciallaíonn ‘gníomhaíocht ghnó iomchuí bhunaithe’, i ndáil le duine, gníomhaíocht ghnó iomchuí a bheidh tosaithe ag an duine sin roimh an 26 Nollaig 2019;

ciallaíonn ‘gníomhaíocht ghnó iomchuí nua’, i ndáil le duine, gníomhaíocht ghnó iomchuí a bheidh tosaithe ag an duine sin an 26 Nollaig 2019 nó dá éis agus roimh an 13 Deireadh Fómhair 2020;

ciallaíonn ‘gníomhaíocht ghnó iomchuí’, i ndáil le duine, gníomhaíocht ghnó a sheolann an duine sin in áitreabh gnó atá suite go hiomlán i réigiún geografach iomchuí;

ciallaíonn ‘méid láimhdeachais iomchuí’—

- (i) i gcás go seolann duine gníomhaíocht ghnó iomchuí bhunaithe, méid a chinnfear de réir na foirmle—

$$A \times B$$

más rud é—

gurb é A an meánláimhdeachas seachtainiúil ón ngníomhaíocht ghnó iomchuí bhunaithe, agus

gurb é B an líon iomlán de sheachtainí iomlána sa tréimhse éilimh, nó

- (ii) i gcás go seolann duine gníomhaíocht ghnó iomchuí nua, méid a chinnfear de réir na foirmle—

$$A \times B$$

más rud é—

gurb é A an meánláimhdeachas seachtainiúil ón ngníomhaíocht ghnó iomchuí nua, agus

gurb é B an líon iomlán de sheachtainí iomlána arb éard é an tréimhse éilimh.

- (b) Faoi réir fho-ailt (5) agus (6), beidh feidhm ag an alt seo maidir le duine a sheolann gníomhaíocht ghnó iomchuí agus—

- (i) de réir treoirilínte arna bhfoilsíú ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi fho-alt (22), a léireoidh chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim, gurb amhlaidh, sa tréimhse éilimh, mar gheall ar fhorálacha srianta gnó infheidhme lena gcuirtear toirmeasc ar dhaoine den phobal rochtain a bheith acu, nó lena ndéantar iad a shrianadh go suntasach ó rochtain a bheith acu, ar an áitreabh gnó ina seoltar gníomhaíocht ghnó iomchuí an duine—

(I) go bhfuil gníomhaíocht ghnó iomchuí an duine curtha ar fionraí go sealadach, nó

(II) go bhfuiltear tar éis cur isteach ar ghníomhaíocht ghnó iomchuí an duine,

i gcaoi a fhágfaidh, maidir le láimhdeachas an duine i leith na gníomhaíochta gnó iomchuí sa tréimhse éilimh, gurb éard a bheidh

ann méid atá 25 faoin gcéad (nó níos lú) den mhéid láimhdeachais iomchuí, agus

(ii) a chomhlíonfaidh na coinníollacha a shonraítear i bhfo-alt (5),

(dá ngairtear ‘duine cáilitheach’ anseo ina dhiaidh seo san alt seo).

(5) Is iad seo a leanas na coinníollacha dá dtagraítear i bhfo-alt (4)(b)(ii)—

- (a) gur logáil an duine isteach ar chóras ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim (dá ngairtear ‘ROS’ san alt seo) agus go ndearna sé nó sí iarratas ar ROS chun é nó í a chlárú mar dhuine lena mbaineann an t-alt seo agus, mar chuid den chlárúchán sin, go soláthróidh sé nó sí cibé sonraí a mheasfaidh na Coimisinéirí Ioncaim is gá agus is cuí chun críoch clárúcháin agus a mbeidh ar áireamh iontu na sonraí sin a shonraítear i bhfo-alt (14),
 - (b) maidir leis an tréimhse éilimh, go gcomhlánóidh an duine foirm éilimh leictreonach ar ROS, ina mbeidh cibé sonraí a mheasfaidh na Coimisinéirí Ioncaim is gá agus is cuí chun an t-éileamh a chinneadh agus a mbeidh ar áireamh iontu na sonraí sin a shonraítear i bhfo-alt (14),
 - (c) maidir leis an tréimhse éilimh, go ndéanfaidh an duine dearbhú do na Coimisinéirí Ioncaim trí ROS go gcomhlíonann an duine na coinníollacha atá san alt seo chun go measfar gur duine cáilitheach é nó í maidir leis an tréimhse éilimh sin,
 - (d) gur chomhlíon an duine aon oibleagáidí a bhaineann leis an duine sin i leith an chlárúcháin le haghaidh cáin bhreisluacha agus tuairisceáin a thabhairt ar aird maidir le cáin bhreisluacha,
 - (e) go mbeidh an duine, i gcaitheamh na tréimhse éilimh, incháilithe chun deimhniú imréitigh cánach, de réir bhrí alt 1095, a eisiúint chuig an duine, agus
 - (f) go seolfadh an duine, murach na srianta Covid, an ghníomhaíocht ghnó, is gníomhaíocht ghnó iomchuí, san áitreabh gnó i réigiún geografach iomchuí, agus go bhfuil sé ar intinn aige nó aici an ghníomhaíocht sin a sheoladh nuair a scoirfidh forálacha srianta gnó infheidhme de bheith i ngníomh i ndáil leis an ngníomhaíocht ghnó iomchuí sin.
- (6) I gcás nach ionann gníomhaíocht ghnó iomchuí de chuid duine cáilitheach agus trádáil iomlán arna seoladh ag an duine sin, ansin, d’fhonn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an gcomhlíontar na ceanglais atá i bhfo-alt (4)(b)(i), déileálfar leis an ngníomhaíocht ghnó iomchuí amhail is dá mba thrádáil ar leith í agus déanfar láimhdeachas na trádála iomláine a chionroinnt idir an trádáil ar leith agus an chuid eile den trádáil ar bhonn cóir réasúnach, agus maidir leis an méid láimhdeachais a bheidh le cur síos i leith na trádála ar leith le linn na tréimhse éilimh, ní lú é ná an méid a bheadh le cur síos i leith na trádála ar leith dá mba rud é gur dhuine éagsúil ar leith a bheadh ag gabháil don ghníomhaíocht ghnó iomchuí sin.

(7) Faoi réir fho-ailt (10) agus (11), ar éileamh a dhéanamh faoin alt seo, beidh duine cáilitheach, i leith gach seachtaine iomláine a bheidh sa tréimhse éilimh, i dteideal méid atá ar cóimhéid leis an méid is ísle díobh seo a leanas—

(a) (i) i gcás go seolann an duine cáilitheach gníomhaíocht ghnó iomchuí bhunaithe, méid atá ar cóimhéid le comhshuim—

(I) 10 faoin gcéad de cibé méid den mheánláimhdeachas seachtainiúil ón ngníomhaíocht ghnó iomchuí bhunaithe nach mó ná €20,000, agus

(II) 5 faoin gcéad d'aon mhéid den mheánláimhdeachas seachtainiúil ón ngníomhaíocht ghnó iomchuí bhunaithe is mó ná €20,000,

nó

(i) i gcás go seolann an duine cáilitheach gníomhaíocht ghnó iomchuí nua, méid atá ar cóimhéid le comhshuim—

(I) 10 faoin gcéad de cibé méid de mheánláimhdeachas seachtainiúil an duine ón ngníomhaíocht ghnó iomchuí nua nach mó ná €20,000, agus

(II) 5 faoin gcéad d'aon mhéid de mheánláimhdeachas seachtainiúil an duine ón ngníomhaíocht ghnó iomchuí nua is mó ná €20,000,

agus

(b) €5,000 sa tseachtain,

agus gairtear ‘luathchreidmheas i leith caiteachais trádála’, san alt seo, d’aon mhéid is iníoctha faoin alt seo.

(8) (a) Más rud é, i ndáil le gníomhaíocht ghnó iomchuí arna seoladh ag duine—

(i) go raibh forálacha srianta gnó infheidhme i ngníomh a d’fhág go ndearna duine cáilitheach éileamh faoin alt seo i leith tréimhse éilimh agus maidir leis an éileamh sin, mar aon le haon éilimh arna ndéanamh ag an duine díreach roimh an éileamh sin, gur i leith tréimhse leanúnach trí seachtaine ar a laghad atá siad, agus

(ii) go bhfuil na forálacha srianta gnó infheidhme sin scortha de bheith i ngníomh,

ansin, más rud é, laistigh de thréimhse réasúnach ama ón dáta ar a scoirfidh na forálacha srianta gnó infheidhme de bheith i ngníomh, go n-athchromfaidh nó go leanfaidh, de réir mar a bheidh, an duine cáilitheach sin ar earraí nó seirbhísí a sholáthar do chustaiméirí ón áitreabh gnó ina seoltar gníomhaíocht ghnó iomchuí an duine cháilitheach, féadfaidh an duine cáilitheach sin roghnú a dhéanamh faoi mhír (b).

- (b) Maidir leis an tseachtain díreach i ndiaidh an dáta ar a scoirfidh forálacha srianta gnó infheidhme de bheith i ngníomh i leith gníomhaíocht ghnó iomchuí, dá mba rud é nach mbeadh aon chuid di ina cuid, thairis sin, de thréimhse srianta Covid nó de thréimhse fadaithe srianta Covid, féadfaidh duine cáilitheach lena mbaineann mír (a) roghnú a dhéanamh go ndéileálfar leis an tseachtain sin mar thréimhse fadaithe srianta Covid agus féadfaidh sé nó sí éileamh a dhéanamh faoin alt seo i leith na tréimhse sin.
- (9) Maidir le héileamh arna dhéanamh faoin alt seo i leith luathchreidmheas i leith caiteachais trádála, déanfar é—
- (a) faoi réir mhír (b), tráth nach déanaí ná—
- (i) ocht seachtaine ón dáta ar a dtosóidh an tréimhse éilimh lena mbaineann an t-éileamh, nó
- (ii) más rud é, maidir leis an dáta ar a gclárófar an duine cáilitheach mar dhuine lena mbaineann an t-alt seo (tar éis iarratas a bheith déanta de réir fho-alt (5)(a) agus laistigh den tréimhse ocht seachtaine a shonraítear i bhfomhír (i)), go mbeidh sé ar dháta i ndiaidh dhul in éag don tréimhse ocht seachtaine a shonraítear amhlaidh, trí seachtaine ón dáta ar a gclárófar an duine amhlaidh,
- agus
- (b) i gcás éileamh arna dhéanamh faoin alt seo agus dá dtagraítear i bhfo-alt (8), tráth nach déanaí ná ocht seachtaine ón dáta ar a scoirfidh na forálacha srianta gnó infheidhme lena mbaineann de bheith i ngníomh.
- (10) Más rud é, maidir le haon seachtain a bheidh i dtréimhse éilimh, gur duine cáilitheach é nó í duine i ndáil le níos mó ná aon ghníomhaíocht ghnó iomchuí amháin arna seoladh ón áitreabh gnó céanna, agus go ndéanfar éileamh i ndáil le gach gníomhaíocht ghnó iomchuí, maidir leis an méid a bheidh an duine cáilitheach i dteideal a éileamh faoin alt seo i leith na ngníomhaíochtaí gnó iomchuí sin go léir i gcomhair aon tréimhse sheachtainiúil, ní mó é ná an méid a shonraítear i bhfo-alt (7)(b) agus beidh feidhm ag fo-alt (7) fara aon mhodhnuithe is gá chun éifeacht a thabhairt don fho-alt seo.
- (11) (a) I gcás go seoltar gníomhaíocht ghnó iomchuí, ar duine cáilitheach duine ina leith, mar thrádáil chomhpháirtíochta iomlán, nó mar chuid di, ansin, maidir le haon éileamh arna dhéanamh faoin alt seo ar luathchreidmheas i leith caiteachais trádála maidir leis an ngníomhaíocht ghnó iomchuí, déanfaidh an comhpháirtí tosaíochta é thar ceann na comhpháirtíochta agus thar ceann gach comhpháirtí de na comhpháirtithe sa chomhpháirtíocht sin, agus maidir le huasmhéid aon éilimh den sórt sin arna dhéanamh i leith na gníomhaíochta gnó iomchuí in aon tréimhse sheachtainiúil, ní mó é ná an méid is lú de na méideanna a shonraítear i bhfo-alt (7)(a)(i) nó (a)(ii), de réir mar a bheidh.
- (b) I gcás go ndéanfaidh comhpháirtí tosaíochta éileamh faoin alt seo ar luathchreidmheas i leith caiteachais trádála maidir le gníomhaíocht

ghnó iomchuí arna seoladh mar thrádáil chomhpháirtíochta iomlán, nó mar chuid di, ansin—

- (i) chun críocha fho-ailt (15) agus (16), measfar gur éiligh gach comhpháirtí, i leith thrádáil leithleach an chomhpháirtí sin, cion den luathchreidmheas i leith caiteachais trádála arna ríomh mar seo a leanas—

A x B

más rud é—

gurb é A an luathchreidmheas i leith caiteachais trádála arna éileamh ag an gcomhpháirtí tosaíochta, agus

gurb é B an céatadán comhpháirtíochta i dtosach na tréimhse éilimh,

- (ii) déanfaidh an comhpháirtí tosaíochta, i leith gach éilimh den sórt sin, ráiteas ina mbeidh na sonraí seo a leanas a sholáthar do gach comhpháirtí sa chomhpháirtíocht—

- (I) ainm na comhpháirtíochta agus a seoladh gnó,

- (II) an méid de luathchreidmheas i leith caiteachais trádála arna éileamh ag an gcomhpháirtí tosaíochta thar ceann na comhpháirtíochta agus thar ceann gach comhpháirtí,

- (III) an céatadán brabúis do gach comhpháirtí,

- (IV) an cion den luathchreidmheas i leith caiteachais trádála arna leithroinnt ar gach comhpháirtí,

- (V) dáta tosaigh agus dáta scoir na tréimhse éilimh,

- (VI) tréimhse inmhuirearaithe na trádála comhpháirtíochta ar lena linn a bheidh an tréimhse éilimh tosaithe,

- (iii) chun críocha fho-ailt (17) agus (18), maidir le tagairtí do dhuine a mbeidh éileamh á dhéanamh aige nó aici, glacfar gur tagairtí iad don chomhpháirtí tosaíochta a mbeidh an t-éileamh á dhéanamh aige thar ceann na comhpháirtíochta agus thar ceann gach comhpháirtí dá comhpháirtithe, agus

- (iv) chun críocha fho-alt (19), beidh feidhm ag alt 1077E amhail is dá mba rud é, maidir le tagairtí do dhuine, gur thagairtí iad do gach comhpháirtí agus maidir le tagairtí d'éileamh, gur thagairt iad d'éileamh a measadh a bheith déanta ag gach comhpháirtí faoi fhomhír (i).

- (12) Ciallaíonn aon tagairt do 'láimhdeachas' san alt seo aon mhéid a bheidh aitheanta mar láimhdeachas i dtréimhse áirithe ama de réir na rialacha cearta a bhaineann le cuntasáíocht tráchtála, ach amháin aon mhéid a bheidh aitheanta mar láimhdeachas sa tréimhse áirithe ama sin mar gheall ar athrú a bheith tagtha ar bheartas cuntasáíochta.

- (13) I gcás go ndéanfaidh duine éileamh ar luathchreidmheas i leith caiteachais trádála faoin alt seo, déanfar, le linn méid bhrabúis nó ghnóchain na trádála a ríomh, lena mbaineann an ghníomhaíocht ghnó iomchuí, don tréimhse inmhuirearaithe ar lena linn a bheidh an tréimhse éilimh tosaithe, méid aon eisíocaíochta nó caiteachais is inlamhála mar asbhaint, ag féachaint d’alt 81, a laghdú de mhéid an luathchreidmheasa i leith caiteachais trádála agus ní dhéanfar an luathchreidmheas i leith caiteachais trádála a chur i gcuntas ar shlí eile le linn méid bhrabúis nó ghnóchain na trádála don tréimhse inmhuirearaithe sin a ríomh.
- (14) (a) Maidir leis na sonraí dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b) d’fho-alt (5), is iad na sonraí sin iad a mheasfaidh na Coimisinéirí Ioncaim is gá agus is cuí chun éileamh arna dhéanamh faoin alt seo a chinneadh, lena n-áirítear an méid seo a leanas—
- (i) i ndáil le duine cáilitheach—
- (I) ainm,
- (II) seoladh, lena n-áirítear *Eircode*, agus
- (III) uimhir chlárúcháin chánach,
- agus
- (ii) i ndáil le gníomhaíocht ghnó iomchuí—
- (I) an t-ainm faoina seoltar an ghníomhaíocht ghnó,
- (II) tuairisc ar an ngníomhaíocht ghnó,
- (III) seoladh, lena n-áirítear *Eircode*, an áitribh gnó ina seoltar an ghníomhaíocht ghnó,
- (IV) i gcás gur cuireadh tús leis an ngníomhaíocht ghnó roimh an 26 Nollaig 2019, meánláimhdeachas seachtainiúil an duine cháilithigh i leith na gníomhaíochta gnó sa tréimhse dar tosach an 1 Eanáir 2019 agus dar críoch an 31 Nollaig 2019,
- (V) i gcás go seoltar trádáil i níos mó ná aon áitreabh gnó amháin, láimhdeachas an duine cháilithigh i leith an áitribh gnó, lena mbaineann an ghníomhaíocht ghnó iomchuí, sa tréimhse dar tosach an 1 Eanáir 2019 agus dar críoch an 31 Nollaig 2019,
- (VI) más rud é, maidir le gníomhaíocht ghnó, gur gníomhaíocht ghnó iomchuí nua í, dáta tosaigh na gníomhaíochta agus an méid láimhdeachais i leith na gníomhaíochta gnó nua dar tosach an dáta tosaigh agus dar críoch an 12 Deireadh Fómhair 2020,
- (VII) an meánláimhdeachas seachtainiúil i leith gníomhaíocht ghnó iomchuí bhunaithe nó gníomhaíocht ghnó iomchuí nua, de réir mar a bheidh,
- (VIII) i leith cáin, de réir bhrí alt 2 den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010, i gcomhair na dtréimhsí inchánacha atá sa

tréimhse ama dá dtagraítear i gclásail (IV) agus (VI), an méid cánach a tháinig chun bheith dlite de réir alt 76(1)(a)(i) den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010,

(IX) cibé ioncam iomlán eile gan an láimhdeachas gnó iomchuí a áireamh i leith na cánach iomláine a thuairiscítear i leith alt 76(1)(a)(i) den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010, i gcomhair na dtréimhsí inchánacha atá sa tréimhse ama dá dtagraítear i gclásal (IV) nó (VI),

(X) laghdú ionchais de réir céatadáin i láimhdeachas an duine cháilithigh i leith na gníomhaíochta gnó sa tréimhse éilimh, agus

(XI) cibé sonraí eile a éileoidh na Coimisinéirí Ioncaim.

(b) Tar éis dóibh an fhaisnéis arna hiarraidh faoin alt seo a fháil, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim tuilleadh sonraí nó fianaise a lorg chun an t-éileamh a chinneadh.

(15) I gcás go ndéanfaidh cuideachta éileamh faoin alt seo i leith tréimhse éilimh agus go ndealraíonn sé ina dhiaidh sin nárbh éileamh a cheadaítear a dhéanamh leis an alt seo an t-éileamh, agus nach mbeidh an méid mar a cheanglaítear le fo-alt (17)(a)(II) aisíoctha ag an gcuideachta—

(a) muirearófar cáin ar an gcuideachta faoi Chás IV de Sceideal D don tréimhse inmhuirearaithe ina dtosaíonn an tréimhse éilimh, ar mhéid atá ar cóimhéid le 4 oiread cibé méid den mhéid faoin alt seo nár ceadaíodh amhlaidh a dhéanamh, agus

(b) déileálfar le méid is inmhuirearaithe i leith cánach faoin bhfo-alt seo mar ioncam nach bhféadfar aon chaillteanas, easnamh, creidmheas, caiteachas ná liúntas a fhritháireamh ina choinne, agus ní bheidh sé ina chuid d'ioncam cuideachta chun formhuirear a ríomh faoi alt 440.

(16) (a) I gcás go ndéanfaidh pearsa aonair éileamh faoin alt seo i leith tréimhse éilimh agus go ndealraíonn sé ina dhiaidh sin nárbh éileamh a cheadaítear a dhéanamh leis an alt seo an t-éileamh, agus nach mbeidh an méid mar a cheanglaítear le fo-alt (17)(a)(II) aisíoctha ag an bpearsa aonair, measfar méid ioncaim a bheith faighte ag an bpearsa aonair atá ar cóimhéid le 5 oiread cibé méid den mhéid faoin alt seo nár ceadaíodh amhlaidh a dhéanamh (dá ngairtear an 'méid neamhúdaráithe' san fho-alt seo).

(b) Maidir leis an méid neamhúdaráithe, d'ainneoin aon fhoráil eile de na hAchtanna Cánach, measfar gur méid ioncaim é, a d'eascair as an gcéad lá den tréimhse éilimh is inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim faoi Chás IV de Sceideal D.

(c) I gcás go mbeidh méid de bhun mhír (b) ar áireamh in ioncam inchánach pearsan aonair, beidh an chuid den ioncam inchánach atá ar cóimhéid leis an méid sin inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim de réir an ráta chaighdeánaigh a bheidh i bhfeidhm an tráth a íocfar an luathchreidmheas i leith caiteachais trádála ach—

- (i) ní cuid í den tuilleamh ináirithe is inmhuirearaithe i leith méid de Ranníocaí Árachais Shóisialaigh Pá-Choibhneasa faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh, agus
 - (ii) ní méid í ar a n-éileofar tobhach nó muirear, le Cuid 18D nó fúithi.
 - (d) D'ainneoin alt 458 nó aon fhoráil eile de na hAchtanna Cánach, le linn an cháin is iníoctha (de réir bhrí Chuid 41A) ar an méid neamhúdaraith a ríomh faoin bhfo-alt seo, ní cheadófar aon asbhaint, faoiseamh, creidmheas cánach ná laghdú ar cháin.
 - (e) Le linn alt 188 nó Caibidil 2A de Chuid 15 a chur chun feidhme, ní chuirfear i gcuntas aon ioncam a mheasfar a eascróidh faoin bhfo-alt seo ná aon cháin ioncaim is iníoctha ar an ioncam sin.
- (17) (a) Más rud é, tar éis do dhuine éileamh a dhéanamh faoin alt seo, go ndealraíonn sé—
- (i) nach bhfuil na ceanglais i bhfo-alt (4)(b) comhlíonta (agus gairtear ‘éileamh neamhbhailí’ anseo ina dhiaidh seo san fho-alt seo d’éileamh nach bhfuil na ceanglais sin comhlíonta ina leith), nó
 - (ii) gur mó an méid arna éileamh ná an méid atá an duine i dteideal a éileamh faoin alt seo (agus gairtear ‘ró-éileamh’ anseo ina dhiaidh seo san fho-alt seo d’éileamh lena mbaineann an fhomhír seo),
- ansin déanfaidh an duine, gan moill mhírásúnach—
- (I) fógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim i dtaobh an éilimh neamhbhailí nó an ró-éilimh, de réir mar a bheidh, agus
 - (II) an méid seo a leanas a aisíoc leis na Coimisinéirí Ioncaim—
 - (A) i leith éileamh neamhbhailí, an méid a íocadh i leith an éilimh sin,
 - (B) i leith ró-éilimh, an méid ar mó an méid a íocadh i leith an éilimh sin ná an méid atá an duine i dteideal a éileamh (dá ngairtear an ‘méid breise’ anseo ina dhiaidh seo san alt seo).
- (b) I gcás go ndéanfaidh duine éileamh faoin alt seo i leith tréimhse éilimh agus go dtarlóidh sé ina dhiaidh sin gur éileamh neamhbhailí nó ró-éileamh, de réir mar a bheidh, an t-éileamh—
- (i) ansin, faoi réir fhomhír (ii), maidir le méid an luathchreidmheasa le haghaidh caiteachais trádála arna íoc ag na Coimisinéirí Ioncaim i leith an éilimh neamhbhailí, nó maidir le méid an luathchreidmheasa le haghaidh caiteachais trádála arna ró-íoc ag na Coimisinéirí Ioncaim i leith ró-éilimh, de réir mar a bheidh, béarfaidh sé ús arna chinneadh de réir alt 1080(2)(c) amhail is dá mba thagairt don dáta a d’íoc na Coimisinéirí Ioncaim an méid tagairt don dáta ar tháinig an cháin chun bheith dlite agus iníoctha, agus
 - (ii) i gcás nach ndearnadh an t-éileamh neamhbhailí nó an ró-éileamh, de réir mar a bheidh, d’aon turas ná go míchúramach (de réir bhrí

alt 1077E) agus go gcomhlíonfaidh an duine ceanglais mhír (a) (II), béarfaidh an méid arna aisíoc leis na Coimisinéirí Ioncaim i leith an éilimh neamhbhailí nó an ró-éilimh, de réir mar a bheidh, ús arna chinneadh de réir alt 1080(2)(c) amhail is dá mba thagairt don dáta a chomhlíonfar mír (a) tagairt don dáta ar tháinig an cháin chun bheith dlite agus iníoctha.

- (c) Beidh feidhm ag mír (b) maidir le cáin is iníoctha ar mhéideanna neamhúdaraíthe faoi fho-alt (15) agus (16) mar atá feidhm aici maidir le ró-íocaíochtaí a eascróidh as éilimh neamhbhailí nó ró-éilimh.
- (18) (a) Chun críocha an fho-alt seo, beidh le ‘éileamh’ agus le ‘ró-íocaíocht’ na bríonna céanna atá leo faoi seach i bhfo-alt (1) d’alt 960H.
- (b) San fho-alt seo, is ‘tréimhse éilimh laghdaithe’ tréimhse éilimh más rud é—
 - (i) i gcás tréimhse éilimh is tréimhse srianta Covid, go gcríochnóidh an tréimhse éilimh ar dháta dá bhforáiltear (i ndáil leis an tréimhse srianta Covid sin) le mír (c) den mhíniú ar ‘dáta deiridh do thréimhse srianta Covid’ i bhfo-alt (1), agus go mbeidh an dáta sin roimh an dáta a sonraíodh sna srianta Covid (arb iad na srianta sin iad sna téarmaí ina raibh siad leagtha amach ar an dáta tosaigh do thréimhse srianta Covid) gurb é an dáta é a rachaidh na forálacha srianta gnó infheidhme in éag, agus
 - (ii) i gcás tréimhse éilimh is tréimhse fadaithe srianta Covid, go gcríochnóidh an tréimhse éilimh ar dháta dá bhforáiltear (i ndáil leis an tréimhse fadaithe srianta Covid sin) le fo-alt (2)(b)(iii), agus go mbeidh an dáta sin roimh an dáta a sonraíodh sna srianta Covid (arb iad na srianta sin iad sna téarmaí ina raibh siad leagtha amach ar an dáta tosaigh do thréimhse fadaithe srianta Covid) gurb é an dáta é a rachaidh na forálacha srianta gnó infheidhme in éag.
- (c) I gcás go ndéanfaidh duine cáilitheach ró-éileamh i leith tréimhse éilimh laghdaithe, beidh na Coimisinéirí Ioncaim i dteideal an méid breise a ghnóthú ón duine de réir mhír (d) i gcás go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:
 - (i) go ndéanfar an t-éileamh roimh dheireadh na tréimhse éilimh; agus
 - (ii) gur ró-éileamh an t-éileamh de bhíthin amháin gur tréimhse éilimh laghdaithe an tréimhse éilimh.
- (d) Beidh na Coimisinéirí Ioncaim i dteideal an méid breise dá dtagraítear i mír (c) a ghnóthú—
 - (i) tríd an méid de luathchreidmheas le haghaidh caiteachais trádála a bheidh an duine i dteideal go ndéanfar a íoc leis nó léi de réir fho-alt (7) nó (8) a shocrú i gcoinne an mhéid bhreise, nó

- (ii) más rud é, i ndiaidh dheireadh na tréimhse sonraithe, go mbeidh aisíoc dlite don duine i leith éilimh nó ró-íocaíochta, trí mhéid an aisíoca a shocrú i gcoinne an mhéid bhreise.
- (e) I gcás go gcomhlíonfar na coinníollacha dá dtagraítear i mír (c) agus go ngnóthóidh na Coimisinéirí Ioncaim an méid breise de réir mhír (d) laistigh de thréimhse réasúnach ama ó dheireadh na tréimhse sonraithe, ní méid neamhúdairithe faoi fho-alt (15) nó (16), de réir mar a bheidh, a bheidh sa mhéid breise.
- (f) I gcás go gcomhlíonfar na coinníollacha dá dtagraítear i mír (c), béarfaidh an méid breise ús arna chinneadh de réir alt 1080(2)(c) amhail is dá mba thagairt don lá tar éis an lae a thiocfaidh deireadh leis an tréimhse shonraithe an tagairt don dáta ar tháinig an cháin chun bheith dlite agus iníoctha.
- (19) Aon éileamh arna dhéanamh faoin alt seo, measfar chun críocha alt 1077E gur éileamh é i dtaca le creidmheas agus, chun méid a chinneadh de réir alt 1077E(11) nó 1077E(12), déanfar tagairt do mhéid cánach a bheadh iníoctha do na tréimhsí iomchuí ag an duine lena mbaineann a léamh amhail is dá mba thagairt i d'éileamh i leith tréimhse éilimh arna dhéanamh i dtaca le fo-alt (7).
- (20) Beidh duine, gan dochar d'aon phionós eile a dhlífear a chur air nó uirthi, ciontach i gcion faoin alt seo más rud é, maidir leis an duine—
- (a) go ndéanfaidh sé nó sí, go feasach nó go toiliúil, aon tuairisceán nó ráiteas mícheart a sheachadadh, nó go dtabharfaidh sé nó sí, go feasach nó go toiliúil, aon fhaisnéis mhícheart i dtaca le hoibriú an ailt seo nó leis an incháilitheacht maidir le luathchreidmheas le haghaidh caiteachais trádála i ndáil le haon duine, nó
- (b) go gcabhróidh nó go neartóidh nó go gcuideoidh sé nó sí go feasach le duine eile, nó go ngríosóidh nó go n-aslóidh sé nó sí duine eile go feasach, chun aon tuairisceán mícheart a thabhairt nó a sheachadadh, nó aon ráiteas mícheart a dhéanamh nó a sheachadadh, go feasach nó go toiliúil, nó chun aon fhaisnéis mhícheart a thabhairt go feasach nó go toiliúil, i dtaca le hoibriú an ailt seo nó leis an incháilitheacht maidir le luathchreidmheas le haghaidh caiteachais trádála i ndáil le haon duine,
- agus
- beidh feidhm ag na forálacha d'fho-ailt (3) go (10) d'alt 1078, agus d'alt 1079, fara aon mhodhnuithe is gá, chun críocha an fho-ailt seo mar atá feidhm acu chun críoch cionta i ndáil le cáin de réir bhrí alt 1078.
- (21) Beidh riaradh an ailt seo faoi chúram agus faoi bhainistiú na gCoimisinéirí Ioncaim agus beidh feidhm ag alt 849 chun na críche sin fara aon mhodhnuithe is gá mar atá feidhm aige i ndáil le cáin de réir bhrí an ailt sin.

- (22) Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim treoirlínte a ullmhú agus a fhoilsiú maidir le nithe a mheasfaidh siad a bheith ina nithe a dtabharfar aird orthu le linn a chinneadh—
- (a) an amhlaidh go bhfuil forálacha de shrianta Covid ann lena gcuirtear toirmeasc ar dhaoine den phobal rochtain a bheith acu, nó lena ndéantar iad a shrianadh go suntasach ó rochtain a bheith acu, ar an áitreabh gnó ina seoltar gníomhaíocht ghnó iomchuí duine i dtréimhse srianta Covid, nó i dtréimhse fadaithe srianta Covid, de réir mar a bheidh, agus
- (b) de thoradh na bhforálacha dá dtagraítear i mír (a), an amhlaidh nach mbeidh láimhdeachas an duine i leith na gníomhaíochta gnó iomchuí sa tréimhse srianta Covid, nó sa tréimhse fadaithe srianta Covid, de réir mar a bheidh, níos mó ná méid is 25 faoin gcéad (nó níos lú) den mhéid láimhdeachais iomchuí.
- (23) D’ainneoin aon oibleagáidí arna bhforchur ar na Coimisinéirí Ioncaim faoi alt 851A nó faoi aon achtachán eile i ndáil le rúndacht faisnéise i dtaobh cáiniocóirí (de réir bhrí an ailt sin), déanfar na mionsonraí dá dtagraítear i gclásail (I) agus (III) d’fho-alt (14)(a)(ii), maidir leis na daoine go léir ar íoc na Coimisinéirí Ioncaim luathchreidmheas le haghaidh caiteachais trádála leo faoin alt seo, a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim.
- (24) (a) I gcás go gcinntfidh oifigeach Ioncaim nach duine cáilitheach de réir bhrí fho-alt (4)(b) duine, tabharfaidh an t-oifigeach Ioncaim fógra i scríbhinn don duine dá réir sin.
- (b) Féadfaidh duine arb éagóir leis nó léi cinneadh faoi mhír (a) achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh chun na gCoimisinéirí Achomhairc, de réir alt 949I, laistigh den tréimhse 30 lá tar éis an dáta ar a mbeidh fógra faighte faoin gcinneadh.
- (c) I gcás go gcinntfidh na Coimisinéirí Achomhairc gur duine cáilitheach de réir bhrí fho-alt (4)(b) duine, tosóidh an tréimhse 8 seachtaine a shonraítear i bhfo-alt (9) i leith duine den sórt sin an dáta a eiseofar an cinneadh sin.
- (d) Déanfar an tagairt do na hAchtanna Cánach i mír (a) den mhíniú ar ‘Achtanna’ in alt 949A a léamh mar thagairt a fholáíonn tagairt don alt seo.”,

agus

- (b) i Sceideal 29, i gcolún 1, trí “alt 485” a chur isteach.

(2) Measfar gur tháinig *fo-alt (1)* i ngníomh an 13 Deireadh Fómhair 2020.

Leasú ar alt 285A den Phríomh-Acht (liúntais chaithimh agus chuimilte a luathú le haghaidh trealamh áirithe atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de)

12. Leasaítear alt 285A den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1) sa mhíniú ar “tréimhse iomchuí” trí “31 Nollaig 2023” a chur in ionad “31 Nollaig 2020”.

Leasú ar Chaibidil 1 de Chuid 18 den Phríomh-Acht (íocaíochtaí i leith seirbhísí gairmiúla ag daoine áirithe)

13. (1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) in alt 520(1), trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“tá le ‘meán leictreonach’ an bhrí chéanna atá leis in alt 917EA(1);

tá le ‘fógra íocaíochta’ an bhrí a shanntar dó le halt 524(4);

tá le ‘uimhir thagartha an fhógra íocaíochta’ an bhrí a shanntar dó le halt 524(6);

ciallaíonn ‘seirbhís CISG’ cibé córas leictreonach arna chur ar fáil ag na Coimisinéirí Ioncaim chun a chumasú do dhaoine cuntasacha a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi alt 524(4) agus chun cumarsáid leictreonach a éascú idir na Coimisinéirí Ioncaim, daoine cuntasacha, daoine sonraithe agus daoine eile chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh agus folaíonn sé aon fheabhsuithe nó athruithe eile arna ndéanamh ar an gcóras sin agus aon chóras a chuirfear ina ionad;”

(b) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 524:

“Daoine sonraithe a chéannú agus fógraí íocaíochta a aighniú

524. (1) Faoi réir fho-alt (2), tabharfaidh an duine sonraithe don duine cuntasach lena mbaineann—

(a) i gcás duine sonraithe a chónaíonn sa Stát nó duine a bhfuil buanfhóras nó bunáit sheasta aige nó aici sa Stát, mionsonraí i dtaobh na nithe seo a leanas—

(i) uimhir cánach ioncaim nó cánach corparáide an duine shonraithe, de réir mar is cuí, agus

(ii) más ann go n-áirítear méid i leith cáin bhreisluacha san íocaíocht iomchuí, uimhir chlárúcháin cánach breisluacha an duine shonraithe,

agus

(b) i gcás duine sonraithe seachas duine a luaitear i mír (a), mionsonraí i dtaobh na nithe seo a leanas—

(i) tír chónaithe an duine shonraithe,

(ii) tagairt chánach an duine shonraithe sa tír sin, agus

(iii) seoladh agus sonraí teagmhála an duine shonraithe.

(2) (a) I gcás go ndéanfar íocaíocht iomchuí (lena n-áirítear íocaíocht lena mbaineann alt 522) de réir alt 529A(1), tabharfaidh an comhpháirtí tosaíochta uimhir chánach na comhpháirtíochta don duine cuntasach.

(b) Chun críocha mhír (a), ciallaíonn ‘uimhir chánach’ i ndáil le comhpháirtíocht—

- (i) an uimhir chláirúcháin arna leithroinnt ag na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le hoibriú cánach breisluacha, nó aon chánach eile, ag an gcomhpháirtíocht, nó an uimhir thagartha a luaitear ar aon tuairisceán, foirm nó fógra arna eisiúint nó arna heisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil leis an gcomhpháirtíocht, nó
 - (ii) más cuí, tagairt chánach na comhpháirtíochta i dtír eile.
- (3) Chun críocha an ailt seo, féadfaidh duine cuntasach a cheangal ar dhuine sonraithe nó, de réir mar a bheidh, ar chomhpháirtí tosaíochta fianaise ó na Coimisinéirí Ioncaim a sholáthar—
- (a) go mbaineann an uimhir cánach ioncaim nó cánach corparáide arna tabhairt ag an duine sonraithe de réir fho-alt (1)(a)(i) leis an duine sonraithe sin, nó
 - (b) go mbaineann uimhir chánach na comhpháirtíochta arna tabhairt ag an gcomhpháirtí tosaíochta de réir fho-alt (2)(a) leis an gcomhpháirtíocht sin.
- (4) I gcás go mbeidh fo-alt (1) comhlíonta ag an duine sonraithe nó, de réir mar a bheidh, go mbeidh fo-alt (2) comhlíonta ag an gcomhpháirtí tosaíochta, déanfaidh an duine cuntasach, ar íocaíocht iomchuí a dhéanamh, fógra a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim trí úsáid a bhaint as an tseirbhís CISG (dá ngairtear ‘fógra íocaíochta’ sa Chaibidil seo), ina sonrúfar—
- (a) ainm agus seoladh an duine shonraithe nó, de réir mar a bheidh, na comhpháirtíochta,
 - (b) tagairt chánach an duine shonraithe arna tabhairt de réir mhír (a) nó (b) d’fho-alt (1) nó, de réir mar a bheidh, uimhir chánach na comhpháirtíochta arna tabhairt de réir fho-alt (2),
 - (c) méid na híocaíochta iomchuí,
 - (d) méid na cánach cuí a asbhaineadh as an íocaíocht sin,
 - (e) an dáta a rinneadh an íocaíocht, agus
 - (f) cibé faisnéis eile a theastóidh ó na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha an ailt seo.
- (5) Más rud é, roimh an dáta ar a gceanglaítear tuairisceán i leith íocaíocht iomchuí a thabhairt de réir alt 525(7), gurb eol do dhuine cuntasach, nó go dtiocfaidh sé nó sí ar an eolas, go bhfuil carráid nó easnamh i bhfógra íocaíochta a aighníodh i leith na híocaíochta iomchuí, nó nár ceanglaíodh air nó uirthi fógra íocaíochta den sórt sin a thabhairt leis an gCaibidil seo, déanfaidh an duine, roimh an dáta ar a gceanglaítear an tuairisceán a thabhairt—
- (a) an fógra íocaíochta a chealú agus, i gcás go gceanglaítear leis an gCaibidil seo é, fógra íocaíochta breise a aighniú, nó
 - (b) an fógra íocaíochta a leasú.

- (6) Ar fhógra íocaíochta a aighniú, soláthróidh an tseirbhís CISG uimhir thagartha (dá ngairtear ‘uimhir thagartha an fhógra íocaíochta’ sa Chaibidil seo) do dhuine cuntasach, a measfar gur admháil í arna heisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim.
- (7) Más rud é, ar íocaíocht iomchuí a dhéanamh, go mbeidh fo-alt (4) agus, más cuí, fo-alt (5), comhlíonta ag duine cuntasach, déanfaidh an duine cuntasach—
- (a) a luaithe is indéanta, na nithe seo a leanas a sholáthar don duine sonraithe nó, de réir mar a bheidh, don chomhpháirtí tosaíochta, trí mheán scríofa nó leictreonach, mionsonraí i dtaobh na nithe seo a leanas—
- (i) ainm agus uimhir thagartha chánach an duine chuntasaigh,
- (ii) méid comhlán na híocaíochta iomchuí, lena n-áirítear an cháin a asbhaineadh,
- (iii) an méid cánach a asbhaineadh as an íocaíocht iomchuí, agus
- (iv) dáta na híocaíochta iomchuí,
- agus
- (b) i gcás go n-iarrfaidh an duine sonraithe nó, de réir mar a bheidh, an comhpháirtí tosaíochta é, uimhir thagartha an fhógra íocaíochta i leith na híocaíochta iomchuí a sholáthar don duine sin trí mheán scríofa nó leictreonach.
- (8) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, trí mheán leictreonach nó eile, mionsonraí a chur ar fáil do dhuine sonraithe nó do chomhpháirtí tosaíochta faoin bhfaisnéis atá i bhfógra íocaíochta a bhaineann leis an duine sonraithe nó leis an gcomhpháirtíocht, de réir mar a bheidh.”
- (c) in alt 525—
- (i) i bhfo-alt (1), trí “23 lá” a chur in ionad “14 lá”,
- (ii) i bhfo-alt (2), trí “ i ndáil le gach duine sonraithe, nó i gcás ina bhfuil feidhm ag alt 529A, i ndáil le gach comhpháirtíocht, lena ndearnadh íocaíocht iomchuí sa mhéid cánach ioncaim lena mbaineann,” a scriosadh,
- (iii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):
- “(4A) Is trí mheán leictreonach a dhéanfar tuairisceán a thabhairt agus beidh feidhm ag na forálacha iomchuí de Chaibidil 6 de Chuid 38.”,
- agus
- (iv) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):
- “(7) Ar an 23 Feabhra tar éis gach bliana cánach, nó roimhe, cuirfidh duine cuntasach tuairisceán faoi bhráid an Ard-Bhailitheora, i cibé foirm a cheadóidh nó a fhorordóidh na Coimisinéirí Ioncaim, ina mbeidh mionsonraí i dtaobh na nithe seo a leanas—

- (a) na méideanna uile cánach cuí a dhligh an duine cuntasach a asbhaint as íocaíochtaí iomchuí arna ndéanamh le linn na bliana sin,
 - (b) na méideanna uile cánach cuí a thraiseol an duine cuntasach de réir fho-alt (1) le linn na bliana sin, agus
 - (c) aon mhéideanna cánach cuí a dhlítear den duine cuntasach i leith íocaíochtaí iomchuí arna ndéanamh le linn na bliana sin.
- (8) Ar an 23ú lá den mhí tar éis *d'alt 13* den *Acht Airgeadais, 2020* teacht i ngníomh, nó roimhe, déanfaidh duine cuntasach tuairisceán a chur faoi bhráid an Ard-Bhailitheora i cibé foirm a cheadóidh nó a fhorordóidh na Coimisinéirí Ioncaim, ina mbeidh, i ndáil leis an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an dáta a thiocfaidh an t-alt sin i ngníomh, mionsonraí i dtaobh na nithe seo a leanas—
- (a) an méid íocaíochtaí iomchuí arna ndéanamh ag an duine cuntasach le gach duine sonraithe nó, i gcás go mbeidh feidhm ag alt 529A, le gach comhpháirtíocht a ndearna an duine cuntasach íocaíochtaí iomchuí leis nó léi le linn na tréimhse sin,
 - (b) an méid cánach cuí a dhligh an duine cuntasach a asbhaint as íocaíochtaí iomchuí le gach duine sonraithe nó, i gcás go mbeidh feidhm ag alt 529A, le gach comhpháirtíocht a ndearna an duine cuntasach íocaíochtaí iomchuí leis nó léi le linn na tréimhse sin,
 - (c) an méid cánach cuí a thraiseol an duine cuntasach de réir fho-alt (1) le linn na tréimhse sin, agus
 - (d) cibé sonraí eile a cheanglófar leis an tuairisceán.”,
- (d) in alt 526—
- (i) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Déanfaidh an duine sonraithe, i gcás go n-iarrfaidh na Coimisinéirí Ioncaim air nó uirthi é, na nithe seo a leanas a sholáthar i leith gach méid cánach cuí atá ar áireamh in éileamh faoi fho-alt (1) nó (2)—

 - (a) uimhir thagartha an fhógra íocaíochta i leith an fhógra íocaíochta arna dhéanamh de réir alt 524(4), agus
 - (b) i gcás duine sonraithe is comhpháirtí i ndáil le trádáil nó gairm chomhpháirtíochta, an doiciméadacht dá dtagraítear in alt 529A(3).”,

agus
 - (ii) i bhfo-alt (4), trí “fógraí íocaíochta” a chur in ionad “foirmeacha”,
- (e) in alt 527—
- (i) i bhfo-alt (2)(c), trí “uimhir thagartha an fhógra íocaíochta i leith an fhógra íocaíochta arna dhéanamh de réir alt 524(4)” a chur in ionad “an fhoirm a thugann duine cuntasach don duine sonraithe de réir alt 524(2)”,
 - (ii) i bhfo-alt (3)(a), trí “fógraí íocaíochta” a chur in ionad “foirmeacha”,

- (iii) trí fho-alt (3A) a scriosadh, agus
- (iv) i bhfo-alt (4)(b)(ii), trí “fógraí íocaíochta” a chur in ionad “foirmeacha”,
- (f) in alt 528, trí “an fógra íocaíochta” a chur in ionad “an fhoirm”, agus
- (g) in alt 529A(3), trí “a mbeidh ar áireamh ann na mionsonraí a sholáthair an duine cuntasach don chomhpháirtí tosaíochta de réir alt 524(7)” a chur in ionad “mar aon le cóip den fhoirm a thug an duine cuntasach don chomhpháirtí tosaíochta de réir alt 524(2)”.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

Leasú ar Chuid 11C den Phríomh-Acht (teorainneacha astaíocht-bhunaithe ar liúntais agus caiteachais chaipitiúla i leith feithiclí bóthair áirithe)

14. (1) Leasaítear an Príomh-Acht i gCuid 11C—

- (a) in alt 380K—
 - (i) i bhfo-alt (2)—
 - (I) trí “A go F” a chur in ionad “A go G”, agus
 - (II) trí “faoi threoir an deimhnithe iomchuí cineálcheadaithe CE, an deimhnithe iomchuí comhréireachta CE nó an deimhnithe iomchuí clárúcháin feithicle,” a chur in ionad “faoi threoir an deimhnithe iomchuí cineál-cheadaithe CE nó an deimhnithe iomchuí comhréireachta CE,”,
 - (ii) tríd an Tábla seo a leanas a chur in ionad an Tábla a ghabhann le fo-alt (2):

“AN TÁBLA

Earnáil Feithicle	Astaíochtaí CO ₂ (CO ₂ g/km)
A	0g/km go dtí 120g/km agus é sin san áireamh
B	níos mó ná 120g/km go dtí 140g/km agus é sin san áireamh
C	níos mó ná 140g/km go dtí 155g/km agus é sin san áireamh
D	níos mó ná 155g/km go dtí 170g/km agus é sin san áireamh
E	níos mó ná 170g/km go dtí 190g/km agus é sin san áireamh
F	níos mó ná 190g/km

- (iii) i bhfo-alt (3), trí “Earnáil F” a chur in ionad “Earnáil G”, agus
- (iv) i bhfo-alt (4), trí na mínithe seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “astaíochtaí CO₂”:

“ciallaíonn ‘astaíochtaí CO₂’—

(a) i gcás feithicil paisinéirí nó feithicil saothair éadroim—

- (i) mura dtagann an ní faoi réim fhomhír (ii) nó (iii), an leibhéal astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin (CO₂) atá ag feithicil, ar leibhéal é arna thomhas de réir fhorálacha Rialachán (CE) 715/2007 ón gCoimisiún an 20 Meitheamh 2007⁴ agus arna liostú in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Treoir 2007/46/CE ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007⁵, nó
- (ii) i gcás feithicil arb ina leith a eisíodh an deimhniú comhréireachta an 1 Meán Fómhair 2018 nó dá éis, an leibhéal astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin (CO₂) arna thomhas de réir Rialachán (AE) 1151/2017 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2017⁶, nó
- (iii) an leibhéal astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin (CO₂) atá ag feithicil, ar leibhéal é arna thomhas de réir an Rialacháin ón gCoimisiún dá dtagraítear i bhfomhír (ii) agus arna chinneadh trí úsáid a bhaint as an uirlis chomhghaoil dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 1153/2017 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2017⁷,

nó

- (b) i gcás feithicil tromshaothair, an leibhéal astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin (CO₂) arna thomhas de réir Rialachán (CE) 595/2009 ón gCoimisiún an 18 Meitheamh 2009⁸,

agus,

- (i) i gcás mhír (a), arna thaispeáint de réir fhorálacha Threoir 1999/94/CE ón gComhairle an 13 Nollaig 1999⁹, agus
- (ii) i gcás mhír (a) nó (b), atá ar áireamh sa deimhniú iomchuí cineálcheadaithe CE nó sa deimhniú iomchuí comhréireachta CE nó in aon doiciméadacht chuí eile lena ndaingnítear comhlíonadh aon bheart arna ndéanamh chun éifeacht a thabhairt sa Stát d'aon ionstraim de chuid an Aontais Eorpaigh a bhaineann le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát i leith cineál-cheadú don chineál feithicle lena mbaineann;

tá le ‘deimhniú clárúcháin’ an bhrí chéanna atá leis i mír (c) d’Airteagal 2 de Threoir 1999/37/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1999¹⁰.”,

- (b) in alt 380L, i bhfo-ailt (3)(c), (4)(c), (5)(a)(III) agus (6)(c), trí “D, E nó F” a chur in ionad “D, E, F nó G” gach áit a bhfuil sé, agus

- (c) in alt 380M(c), trí “D, E nó F” a chur in ionad “D, E, F nó G”.

- (2) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le caiteachas a thabhfófar an 1 Eanáir 2021 nó dá éis—

4 IO Uimh. L171, 29.6.2007, lch.1

5 IO Uimh. L263, 9.10.2007, lch.1

6 IO Uimh. L175, 7.7.2017, lch.1

7 IO Uimh. L175, 7.7.2017, lch.679

8 IO Uimh. L188, 18.7.2009, lch.1

9 IO Uimh. L12, 18.1.2000, lch.16

10 IO Uimh. L138, 1.6.1999, lch.57

- (a) ar sholáthar feithicle, nó
- (b) ar fhrúiliú feithicle, ach amháin más rud é, roimh an dáta sin—
 - (i) go ndearnadh an conradh chun an fheithicil a fhrúiliú, agus
 - (ii) go ndearnadh an chéad íocaíocht a cheanglaítear faoin gconradh sin.

Praghsáil Aistrithe

15. (1) Leasaítear Cuid 35A den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1) d’alt 835A, trí, sa mhíniú ar “duine iomchuí” san fho-alt sin, “(agus chun críocha ailt 835F agus 835G, i ndáil le comhshocraíocht, folóidh sé duine is soláthróir nó faighteoir agus, maidir le brabúis nó gnóchain nó caillteanais an duine sin laistigh de réim cánach, go gcuirfí i gcuntas leo aon torthaí de chuid na comhshocraíochta)” a chur isteach i ndiaidh “torthaí na comhshocraíochta”.
- (2) Leasaítear Cuid 35A den Phríomh-Acht tuilleadh tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 835E:

“Modhnú ar bhunrialacha maidir le praghsáil aistrithe le haghaidh comhshocraíochtaí idir daoine iomchuí cáilitheacha

835E. (1) Chun críocha na Coda seo, ach faoi réir fho-alt (2), do thréimhse inmhuirearaithe, ciallaíonn ‘duine iomchuí cáilitheach’, i ndáil le comhshocraíocht—

- (a) duine iomchuí—
 - (i) is inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim nó cáin chorparáide faoi Sceideal D don tréimhse inmhuirearaithe i leith brabús nó gnóchan nó caillteanas, ar brabúis nó gnóchain nó caillteanais iad a gcuirtear torthaí iarbhair na comhshocraíochta i gcuntas le linn iad a ríomh, agus
 - (ii) i gcás an duine sin a bheith inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim i leith brabús nó gnóchan nó caillteanas (agus, mar a dúradh, ar brabúis nó gnóchain nó caillteanais iad a gcuirtear torthaí iarbhair na comhshocraíochta i gcuntas le linn iad a ríomh), a bhfuil cónaí air nó uirthi sa Stát chun críoch cánach don tréimhse inmhuirearaithe,
- nó

- (b) duine, nach duine iomchuí lena mbaineann mír (a), is soláthróir nó faighteoir a measfar, faoi mhír (c)(i) d’fho-alt (5), gur páirtí i gcomhshocraíocht iasachta cháilitheach é nó í.
- (2) Ní mheasfar, chun críocha na Coda seo, gur duine iomchuí cáilitheach duine is cuideachta cháilitheach de réir bhrí alt 110.
- (3) Chun críocha an ailt seo, ach faoi réir fho-alt (5)(c)(ii), maidir leis an ríomh a dhéanfar ar bhrabúis nó gnóchain nó caillteanais duine iomchuí, ar brabúis nó gnóchain nó caillteanais iad is inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim nó cáin chorparáide faoi Sceideal D don tréimhse

inmhuirearaithe, de réir mar a bheidh, ní mheasfar go mbeidh torthaí iarbhir comhshocraíochta á gcur i gcuntas leis ach amháin más rud é—

- (a) i gcás faighteoir i ndáil le comhshocraíocht, go gcuirfear an chomaoín iarbhir is iníoctha i leith fáil faoin gcomhshocraíocht i gcuntas go díreach nuair a bheidh an méid de bhrabúis nó de ghnóchain nó de chaillteanais an fhaighteora atá inmhuirearaithe i leith cánach faoi Sceideal D á ríomh,
 - (b) i gcás soláthróir i ndáil le comhshocraíocht, go gcuirfear an chomaoín iarbhir is infhaighte i leith soláthar faoin gcomhshocraíocht i gcuntas go díreach nuair a bheidh an méid de bhrabúis nó de ghnóchain nó de chaillteanais an tsoláthróra atá inmhuirearaithe i leith cánach faoi Sceideal D á ríomh.
- (4) Faoi réir fho-ailt (5) agus (6), i gcás nach mó an chomaoín iarbhir is infhaighte ag an soláthróir i leith soláthar faoi chomhshocraíocht, nó an chomaoín iarbhir is iníoctha ag an bhfaighteoir i leith fáil faoi chomhshocraíocht, ná méid ainmniúil, ní mheasfar, chun críocha an ailt seo, go gcuirfear torthaí iarbhir na comhshocraíochta sin i gcuntas nuair a bheidh brabúis nó gnóchain nó caillteanais an tsoláthróra nó an fhaighteora, de réir mar a bheidh, atá inmhuirearaithe i leith cánach faoi Sceideal D á ríomh.
- (5) (a) San fho-alt seo, maidir le ‘comhshocraíocht iasachta cháilitheach’ do thréimhse inmhuirearaithe, is comhshocraíocht í—
- (i) trína dtugann soláthróir iasacht d’fhaighteoir, ar shlí seachas i gcúrsa trádála arna seoladh ag an soláthróir, agus—
 - (I) i gcás gur cuideachta dá dtagraítear i gclásal (I) nó (II) d’fhomhír (ii) an faighteoir, go bhfuil an faighteoir laistigh de réim cánach corparáide agus maidir leis an soláthróir—
 - (A) gur pearsa aonair é nó í a bhfuil cónaí air nó uirthi sa Stát chun críoch cánach ioncaim, nó
 - (B) gur cuideachta é nó í atá laistigh de réim cánach corparáide,
 - nó
 - (II) i gcás gur cuideachta dá dtagraítear i gclásal (III) d’fhomhír (ii) an faighteoir, gur cuideachtaí iad an soláthróir agus an faighteoir araon atá laistigh de réim cánach corparáide,
 - (ii) más rud é, maidir leis an gcuideachta arb í an faighteoir i ndáil leis an gcomhshocraíocht í—
 - (I) gur cuideachta í atá ar marthain go hiomlán nó go formhór d’fhonn trádáil nó trádálacha a sheoladh,
 - (II) gur cuideachta í arb éard atá go hiomlán nó go formhór ina hioncam brabúis nó gnóchain is inmhuirearaithe i leith cánach faoi Chás V de Sceideal D, nó

(III) gur cuideachta í arb éard atá go hiomlán nó go formhór ina gnó scaireanna a shealbhú go díreach i gcuideachta atá ar marthain go hiomlán nó go formhór d'fhonn trádáil nó trádálacha a sheoladh nó arb éard atá go hiomlán nó go formhór ina hioncam brabúis nó gnóchain is innhuirearaithe i leith cánach faoi Chás V de Sceideal D,

(iii) más rud é—

(I) i gcás faighteoir dá dtagraítear i gclásal (I) d'fhomhír (ii), go bhfuil an faighteoir, don tréimhse innhuirearaithe, innhuirearaithe i leith cánach faoi Chás I de Sceideal D i leith brabús nó gnóchan nó caillteanas agus go ndéanfaí méid iomlán aon úis is innhuirearaithe ar an iasacht a chur i gcuntas go díreach nuair a bheadh méid na mbrabús nó na ngnóchan nó na gcaillteanas sin á ríomh, nó

(II) i gcás faighteoir dá dtagraítear i gclásal (II) d'fhomhír (ii), go bhfuil an faighteoir, don tréimhse innhuirearaithe, innhuirearaithe i leith cánach faoi Chás V de Sceideal D i leith brabús nó gnóchan nó caillteanas agus go ndéanfaí méid iomlán aon úis is innhuirearaithe ar an iasacht a chur i gcuntas go díreach nuair a bheadh méid na mbrabús nó na ngnóchan nó na gcaillteanas sin á ríomh, nó

(III) i gcás faighteoir dá dtagraítear i gclásal (III) d'fhomhír (ii), go mbaineann an faighteoir úsáid as fáлтаis na hiasachta chun iasacht a thabhairt do dhuine eile (dá ngairtear an 'dara comhshocraíocht' sa chlásal seo) agus, le linn na tréimhse innhuirearaithe, go bhfuil ús infhaighte ag an bhfaighteoir faoin dara comhshocraíocht, a chuirfear i gcuntas go díreach nuair a bheidh brabúis nó gnóchain nó caillteanais an fhaighteora atá innhuirearaithe i leith cánach faoi Sceideal D á ríomh (agus i gcás go bhfuil baint ag duine, lena bhfuil an faighteoir i gcomhlachas, leis an dara comhshocraíocht, nach lú méid an úis arna chur i gcuntas go díreach nuair a bheidh na brabúis nó na gnóchain nó na caillteanais sin á ríomh ná méid neamhthuilleamaíoch), ach tugtar, leis an gclásal seo a leanas, rogha ionadúil ar an gclásal seo i gcás faighteoir dá dtagraítear i bhfomhír (ii)(III), nó

(IV) i gcás faighteoir dá dtagraítear i gclásal (III) d'fhomhír (ii), go mbaineann an faighteoir úsáid as fáлтаis na hiasachta chun gnáthscaireanna a fháil go díreach, nó chun suibscríobh le haghaidh gnáthscaireanna, i gcuideachta (dá ngairtear 'cuideachta iomchuí' sa chlásal seo)—

(A) atá ar marthain go hiomlán nó go formhór d'fhonn trádáil nó trádálacha a sheoladh nó i gcuideachta ar cuideachta í arb éard atá go hiomlán nó go formhór ina hioncam brabúis nó gnóchain is innhuirearaithe i leith cánach faoi Chás V de Sceideal D, agus

(B) ar cuideachta í, díreach i ndiaidh na fála nó an tsuibscríofa, de réir mar a bheidh, lena bhfuil an faighteoir i gcomhlachas,

agus ag eascairt as scaireanna sa chuideachta iomchuí a fháil nó a shuibscríobh amhlaidh, de réir mar is cuí, go bhfaigheann an faighteoir, sa tréimhse inmhuirearaithe, nó in aon tréimhse trí bliana a bhfuil an tréimhse inmhuirearaithe ar áireamh inti, méid díbhinní nó dáiltí eile, is mó ná méid ainmniúil, ón gcuideachta iomchuí is inmhuirearaithe i leith cánach faoi Sceideal D nó a bheadh inmhuirearaithe i leith cáin chorparáide murach alt 129,

agus

(iv) go ndéanfar an chomhshocraíocht ar chúiseanna tráchtála *bona fide* agus nach ndéanfar í mar chuid de scéim nó de chomhshocraíocht arb é an príomhchuspóir, nó ceann de na príomhchuspóirí, atá léi cáin a sheachaint.

(b) I gcás faighteoir dá dtagraítear i gclásal (III) de mhír (a)(ii), agus i gcás go n-úsáidfídh, agus a mhéid a úsáidfídh, an faighteoir fáltais iasachta (dá ngairtear an ‘iasacht ionaid’ sa mhír seo) chun iasacht a aisíoc (dá ngairtear an ‘iasacht bhunaidh’ sa mhír seo)—

(i) is iasacht arna soláthar faoi chomhshocraíocht a measadh, faoi mhír (a), gur comhshocraíocht iasachta cháilitheach do thréimhse inmhuirearaithe í, agus

(ii) go ndearnadh fáltais iomlána na hiasachta bunaidh a úsáid chun críche a shonraítear i gclásal (III) nó (IV) de mhír (a)(iii),

measfar fáltais na hiasachta ionaid a bheith á n-úsáid chun críche a shonraítear i gclásal (III) nó (IV) de mhír (a)(iii), de réir mar a bheidh.

(c) Más rud é, do thréimhse inmhuirearaithe, gur comhshocraíocht iasachta cháilitheach comhshocraíocht—

(i) measfar gur páirtí i gcomhshocraíocht iasachta cháilitheach an soláthróir nó an faighteoir, de réir mar a bheidh, chun críocha an ailt seo, ach i gcás go mbeidh feidhm ag clásal (IV) de mhír (a)(iii) nó ag clásal (III) d’fho-alt (6)(b)(iii) i ndáil leis an gcomhshocraíocht iasachta cháilitheach, ní mheasfar gur páirtí i gcomhshocraíocht iasachta cháilitheach an soláthróir ná an faighteoir, de réir mar a bheidh, ach amháin i gcás go bhfuil cónaí orthu araon chun críoch cánach sa Stát, agus

(ii) beidh feidhm ag fo-alt (8) maidir leis an soláthróir amhail is dá mbeadh ag an soláthróir, don tréimhse inmhuirearaithe, brabúis nó gnóchain nó caillteanais is inmhuirearaithe i leith cánach faoi Sceideal D, seachas faoi Chás I nó II de Sceideal D, ar brabúis nó gnóchain nó caillteanais iad a gcuirtear torthaí iarbhir na comhshocraíochta iasachta cáilithí i gcuntas le linn iad a ríomh.

- (6) (a) San fho-alt seo, aon tagairt do ‘fiach’, is tagairt í do mhéid airgid a bheidh dlite d’fhaighteoir do sholáthróir—
- (i) a d’eascair go díreach as soláthar earraí, seirbhísí nó sócmhainní faoi chomhshocraíocht lena mbaineann alt 835C(1) (dá ngairtear ‘an chomhshocraíocht fholuiteach’ san fho-alt seo), agus
 - (ii) ar méid comaoine é i leith an tsoláthair agus na fála sin nach bhfuil, ar chúiseanna tráchtála *bona fide*, íoctha.
- (b) Más rud é, do thréimhse inmhuirearaithe, gurb amhlaidh—
- (i) go bhfuil fiach dlite d’fhaighteoir do sholáthróir, a d’eascair ar shlí seachas i gcúrsa trádáil arna seoladh ag an soláthróir, agus—
 - (I) i gcás gur cuideachta dá dtagraítear i gclásal (I) nó (II) d’fhomhír (ii) an faighteoir, go bhfuil an faighteoir laistigh de réim cánach corparáide agus maidir leis an soláthróir—
 - (A) gur pearsa aonair é nó í a bhfuil cónaí air nó uirthi sa Stát chun críoch cánach ioncaim, nó
 - (B) gur cuideachta í atá laistigh de réim cánach corparáide, nó
 - (II) i gcás gur cuideachta dá dtagraítear i gclásal (III) d’fhomhír (ii) an faighteoir, gur cuideachtaí iad an soláthróir agus an faighteoir araon atá laistigh de réim cánach corparáide,
 - (ii) is ionann an chuideachta arb í an faighteoir í agus—
 - (I) cuideachta dá dtagraítear i bhfo-alt (5)(a)(ii)(I),
 - (II) cuideachta dá dtagraítear i bhfo-alt (5)(a)(ii)(II), nó
 - (III) cuideachta dá dtagraítear i bhfo-alt (5)(a)(ii)(III),
 - (iii) más rud é—
 - (I) i gcás faighteoir dá dtagraítear i gclásal (I) d’fhomhír (ii), go bhfuil an faighteoir, don tréimhse inmhuirearaithe, inmhuirearaithe i leith cánach faoi Chás I de Sceideal D i leith brabús nó gnóchan nó caillteanas agus go ndéanfaí méid iomlán aon úis is inmhuirearaithe ar an bhfiach a chur i gcuntas go díreach nuair a bheadh méid na mbrabús nó na ngnóchan nó na gcaillteanas sin á ríomh, nó
 - (II) i gcás faighteoir dá dtagraítear i gclásal (II) d’fhomhír (ii), go bhfuil an faighteoir, don tréimhse inmhuirearaithe, inmhuirearaithe i leith cánach faoi Chás V de Sceideal D i leith brabús nó gnóchan nó caillteanas agus go ndéanfaí méid iomlán aon úis is inmhuirearaithe ar an bhfiach a chur i gcuntas go díreach nuair a bheadh méid na mbrabús nó na ngnóchan nó na gcaillteanas sin á ríomh, nó

(III) i gcás faighteoir dá dtagraítear i gclásal (III) d'fhómhír (ii), gur eascair an fiach go díreach as an bhfaighteoir d'fháil gnáthscaireanna, nó do shuibscríobh le haghaidh gnáthscaireanna, i gcuideachta iomchuí (dá dtagraítear i gclásal (IV) d'fho-alt (5)(a)(iii)) agus ag eascairt as scaireanna sa chuideachta iomchuí a fháil nó a shuibscríobh amhlaidh, de réir mar is cuí, go bhfaigheann an faighteoir, sa tréimhse inmhuirearaithe, nó in aon tréimhse trí bliana ina n-áirítear an tréimhse inmhuirearaithe, méid díbhinní nó dáiltí eile, is mó ná méid ainmniúil, ón gcuideachta iomchuí is inmhuirearaithe i leith cánach faoi Sceideal D nó a bheadh inmhuirearaithe i leith cáin chorparáide murach alt 129,

agus

(iv) go ndearnadh an chomhshocraíocht ba bhun leis an bhfiach ar chúiseanna tráchtála *bona fide* agus nach ndearnadh í mar chuid de scéim ná de chomhshocraíocht arbh é an príomhchuspóir, nó ceann de na príomhchuspóirí, a bhí léi cáin a sheachaint,

ansin, measfar gur comhshocraíocht iasachta cháilitheach de réir bhrí fho-alt (5) an fiach a bheidh dlite den fhaighteoir don soláthróir agus beidh feidhm ag fo-alt (5)(c) fara aon mhodhnuithe is gá.

(c) Maidir le comhshocraíocht fholuiteach, ba bhun le fiach a measfar gur comhshocraíocht iasachta cháilitheach faoi mhír (b) é, ní mheasfar gur comhshocraíocht iasachta cháilitheach í de bhua mhír (b).

(7) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le comhshocraíocht lena mbaineann soláthróir agus faighteoir ar daoine iomchuí cáilitheacha iad i leith na comhshocraíochta sin.

(8) Más rud é, i ndáil le comhshocraíocht lena mbaineann an t-alt seo, do thréimhse inmhuirearaithe, go mbeidh soláthróir nó faighteoir, de réir mar a bheidh, inmhuirearaithe i leith cánach faoi Sceideal D, seachas faoi Chás I nó II de Sceideal D, i leith brabús nó gnóchan nó cailteanas, ar brabúis nó gnóchain nó cailteanais iad a gcuirtear torthaí iarbhir na comhshocraíochta i gcuntas le linn iad a ríomh—

(a) déanfar brabúis nó gnóchain nó cailteanais an tsoláthróra nó an fhaighteora, de réir mar a bheidh, a ríomh ar an mbonn nach bhfuil feidhm ag alt 835C i leith na comhshocraíochta áirithe sin, agus

(b) ní bheidh feidhm ag alt 835G(2) maidir leis an soláthróir ná leis an bhfaighteoir, de réir mar a bheidh, i leith na comhshocraíochta áirithe sin.

(9) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (8) i gcás comhshocraíocht, lena mbaineann soláthróir agus faighteoir ar daoine iomchuí cáilitheacha iad, (dá ngairtear ‘an chomhshocraíocht chéadluaite’ san fho-alt seo) a dhéanfar mar chuid d’aon scéim, nó i dtaca le haon scéim, lena mbaineann an faighteoir i ndáil leis an gcomhshocraíocht chéadluaite, nó duine lena bhfuil an faighteoir i gcomhlachas, do dhéanamh comhshocraíocht le duine nó le daoine nach daoine iomchuí cáilitheacha iad (dá ngairtear an ‘dara

comhshocraíocht a luaitear’ san fho-alt seo) agus gurb é an t-aon chuspóir nó an príomhchuspóir atá leis an gcomhshocraíocht chéadluaite, go díreach nó go neamhdhíreach, buntáiste cánach a bhaint i dtaca leis an dara comhshocraíocht a luaitear.

(10) Chun críocha fho-alt (9), tá le ‘buntáiste cánach’ an bhrí chéanna atá leis in alt 811C.

(11) Cothabhálfaidh soláthróir nó faighteoir, de réir mar a bheidh, agus beidh ar fáil aige nó aici, cibé taifid a theastóidh le réasún chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh an gcomhlíontar ceanglais an ailt seo.”.

(3) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann leis an bPríomh-Acht (sásra chun cáin a mheasúnú, a mhuirearú agus a íoc faoi Sceideal C agus, i gcásanna áirithe, faoi Sceideal D)

16. (1) Leasaítear Sceideal 2 a ghabhann leis an bPríomh-Acht i gCuid 4—

(a) i mír 14—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (1):

“(1) Faoi réir Chaibidil 2 de Chuid 3 agus faoi réir fhomhír (3), déanfaidh gach duine inmhuirearaithe, ar íocaíocht i leith ioncam díbhinne sonraithe a dhéanamh, suim arb ionannas di cáin ioncaim de réir ráta 25 faoin gcéad ar an ioncam sin a asbhaint agus a choimeád agus an cháin ioncaim sin a íoc thar ceann an duine a bhfuil teideal aige nó aici chun an ioncaim sin.”,

agus

(ii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (2):

“(3) Ní bheidh feidhm ag fhomhír (1) maidir le híocaíocht i leith ioncam díbhinne sonraithe le cuideachta más rud é, maidir leis an gcuideachta sin—

(a) go bhfuil teideal tairbhiúil aici chun an ioncaim sin, agus

(b) go bhfuil sí, nó go mbeidh sí, laistigh de réim cánach corparáide i leith an ioncaim sin.”,

(b) i mír 15, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (3):

“(3) Beidh tuairisceán a bheidh dlite faoin Sceideal seo i bhfoirm a fhorordóidh na Coimisinéirí Ioncaim agus beidh na nithe seo a leanas ar áireamh ann:

(a) ainm agus seoladh an duine lena ndéanfar an íocaíocht i leith an ioncaim díbhinne shonraithe;

(b) méid agus cineál na híocaíochta dá dtagraítear i gclásal (a);

(c) an méid cánach ioncaim arna asbhaint i leith na híocaíochta dá dtagraítear i gclásal (a) de réir mhír 14(1);

(d) dearbhú á rá go bhfuil an tuairisceán ceart agus iomlán.”,

agus

(c) i mír 18, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (1):

“(1) Déanfaidh duine inmhuirearaithe taifid a choimeád chun cuntais ar leithligh gach duine de na daoine atá i dteideal ioncam díbhinne sonraithe a fháil a idirdhealú ó chéile agus beidh sna taifid sin—

(a) ainm agus seoladh an duine atá i dteideal ioncam díbhinne sonraithe a fháil,

(b) méid agus cineál na n-íocaíochtaí i leith ioncam díbhinne sonraithe arna n-íoc leis an duine dá dtagraítear i gclásal (a),

(c) na méideanna cánach ioncaim arna n-asbhaint i leith na n-íocaíochtaí dá dtagraítear i gclásal (c) de réir mhír 14(1), agus

(d) i gcás méideanna is iníoctha as aon ioncam poiblí leis an duine dá dtagraítear i gclásal (a), sonraí i dtaobh an ioncaim phoiblí as a bhfuil gach méid ar leithligh iníoctha.”.

(2) Tiocfaidh *fo-alt (1)*, seachas *mír (a)*, i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

(3) Tiocfaidh *fo-alt (1)(a)* i ngníomh an 1 Eanáir 2021.

Liúntais chaithimh agus chuimilte a luathú le haghaidh trealamh sábháilteachta feirme

17. (1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) i gCaibidil 2 de Chuid 9, tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 285C:

“Liúntais chaithimh agus chuimilte a luathú le haghaidh trealamh sábháilteachta feirme

285D.(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘duine incháilithe’ duine a bhfuil feirmeoireacht á seoladh aige nó aici agus a bhfuil na brabúis nó na gnóchain uaithi inmhuirearaithe i leith cánach de réir alt 655;

tá le ‘feirmeoireacht’ an bhrí chéanna atá leis i gCuid 23, seachas in alt 664;

ciallaíonn ‘Aire’ an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara;

ciallaíonn ‘deimhniú cáilitheach’ deimhniú arna eisiúint faoi fho-alt (4);

ciallaíonn ‘trealamh cáilitheach’ trealamh de chineál a shonraítear i gcolún (1) den tábla i gCuid 2 de Sceideal 35 a chomhlíonann an tuairisc a shonraítear i gcolún (2) den tábla sin os coinne na tagartha don chineál trealamh sin i gcolún (1) den chéanna;

ciallaíonn ‘caiteachas cáilitheach’, i ndáil le ball trealamh cháilitheach, an méid, i dtuairim réasúnach an Aire, is praghas ceannaigh cuí;

ciallaíonn ‘cáin iomchuí’, i ndáil le duine incháilithe—

- (a) i gcás gur cuideachta í an duine incháilithe, aon cháin chorparáide, agus
- (b) i gcás nach cuideachta í an duine incháilithe, aon ranníocaí arna n-íoc faoin Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, cáin ioncaim nó muirear sóisialach uilíoch;

ciallaíonn ‘Treoirínte maidir le Tarrtháil agus Athstruchtúrú’ an Chumarsáid ón gCoimisiún i dtaobh Treoirínte maidir le cúnamh Stáit chun gnóthais neamhairgeadais i gcruachás a tharrtháil agus a athstruchtúrú¹¹;

tá le ‘FBM’ an bhrí chéanna atá leis i Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 ón gCoimisiún an 25 Meitheamh 2014¹²;

ciallaíonn ‘gnóthas’ an t-aonad eacnamaíoch iomchuí a measfaí gur gnóthas é chun críocha na dTreoirínte maidir le Tarrtháil agus Athstruchtúrú;

forléireofar ‘gnóthas i gcruachás’ de réir alt 2.2 de na Treoirínte maidir le Tarrtháil agus Athstruchtúrú.

- (2) I gcás go bhfaighidh duine trealamh cáilitheach, féadfaidh an duine iarratas a dhéanamh chun an Aire ar dheimhniú cáilitheach i leith an trealamh.
- (3) Aon duine a dhéanfaidh iarratas chun an Aire faoi fho-alt (2), úsáidfí sé nó sí an fhoirm arna soláthar ag an Aire chun na críche sin agus cuirfidh sé nó sí an fhaisnéis seo a leanas san iarratas:
 - (a) i leith gach baill trealamh cháilitheach lena mbaineann an t-iarratas—
 - (i) tuairisc ar an trealamh, agus
 - (ii) praghas ceannaigh an trealamh;
 - (b) ainm agus seoladh an iarratasóra; agus
 - (c) cibé faisnéis eile, a shonrófar san fhoirm arna soláthar ag an Aire, a mheasfaidh an tAire is gá agus is cuí chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh—
 - (i) ar cheart deimhniú a eisiúint faoi fho-alt (4), agus
 - (ii) an caiteachas cáilitheach i leith ball trealamh cháilitheach.

- (4) Más rud é—

11 IO Uimh. C249, 31.7.2014, lch. 1

12 IO Uimh. L193, 1.7.2014, lch. 1

- (a) go ndéanfaidh duine iarratas chun an Aire faoi fho-alt (2),
 - (b) gur deimhin leis an Aire gur trealamh cáilitheach an trealamh lena mbaineann, agus
 - (c) nach mbeidh feidhm ag fo-alt (5) i leith an trealaime lena mbaineann, eiseoidh an tAire deimhniú chuig an duine.
- (5) Beidh feidhm ag an bhfo-alt seo i leith trealamh cáilitheach arb ina leith a dhéanfar iarratas faoi fho-alt (2) i gcás gur mó an caiteachas cáilitheach don trealamh sin ná méid arna chinneadh de réir na foirmle—

€5,000,000 – M

más rud é—

gurb é M méid (agus féadfaidh gur nialas é) atá ar cóimhéid le comhiomlán an chaiteachais cháilithigh, más ann, gan aon mhéid cánach breisluacha a chur san áireamh, arb ina leith—

- (a) a bheidh deimhniú cáilitheach eisithe roimh an dáta a rinneadh an t-iarratas, sa bhliain ina bhfuarthas an t-iarratas, agus
 - (b) a bheadh deimhniú cáilitheach eisithe, dá n-éireodh le hachomharc i gcoinne breith, arna tabhairt roimh an dáta a rinneadh an t-iarratas, sa bhliain ina bhfuarthas an t-iarratas.
- (6) Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar áireamh i ndeimhniú cáilitheach:
- (a) i leith gach baill trealaime cháilithigh lena mbaineann an deimhniú—
 - (i) tuairisc, agus
 - (ii) an caiteachas cáilitheach;
 - (b) uimhir chéannachta dheimhnithe sheicheamhach uathúil arna sannadh ag an Aire;
 - (c) ainm agus seoladh an duine a n-eiseofar an deimhniú chuige nó chuici; agus
 - (d) cibé faisnéis eile a mheasfaidh an tAire nó na Coimisinéirí Ioncaim is gá agus is cuí.
- (7) Déanfaidh an tAire, faoin 28 Feabhra gach bliain, mionsonraí i dtaobh na ndeimhnithe cáilitheacha go léir arna n-eisiúint le linn na bliana roimhe sin a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear, i ndáil le gach deimhniú den sórt sin, an fhaisnéis a shonraítear i bhfo-alt (6).
- (8) I gcás go dtabharfaidh an tAire breith, tar éis iarratas chuige sin a fháil ó dhuine faoi fho-alt (2)—
- (a) gan deimhniú cáilitheach a eisiúint, nó
 - (b) deimhniú cáilitheach a eisiúint lena sonrófar, mar an caiteachas cáilitheach i leith ball trealaime cháilithigh lena mbaineann an

deimhniú, méid is lú ná méid phraghas ceannaigh an bhaill trealamh a shonrófar san iarratas,

tabharfaidh an tAire fógra don duine i dtaobh na breithe sin.

(9) Maidir le fógra faoi fho-alt (8)—

(a) luafar ann na cúiseanna atá leis an mbreith, agus

(b) cuirfear na nithe seo a leanas in iúl don duine ann—

(i) go bhféadfaidh an duine achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe, trí fhógra i scríbhinn (dá ngairtear ‘fógra achomhairc’ san alt seo), chuig an oifigeach achomharc (de réir bhrí alt 667G) laistigh de 21 lá ó dháta an fhógra,

(ii) go sonrófar san fhógra achomhairc na forais atá leis an achomharc,

(iii) go ndéanfar an bhreith a chur ar fionraí go dtí—

(I) go dtiocfaidh an bhreith chun bheith ina breith chríochnaitheach faoi fho-alt (12), nó

(II) go ndéanfar an t-achomharc a chur de láimh faoin alt seo.

(10) Comhlíonfaidh fógra achomhairc fo-alt (9)(b)(i) agus (ii) agus beidh cibé táille ag gabháil leis a chinntí an tAire ó am go ham, agus foilseofar é ar cibé modh is cuí leis an Aire, lena n-áirítear ar an idirlíon.

(11) I gcás go dtabharfaidh an tAire breith dá dtagraítear i bhfo-alt (8), déanfar an bhreith a chur ar fionraí go dtí—

(a) i gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (12), go dtiocfaidh an bhreith chun bheith ina breith chríochnaitheach faoin bhfo-alt sin, nó

(b) i gcás nach mbeidh feidhm ag fo-alt (12), go ndéanfar an t-achomharc i gcoinne na breithe sin a chur de láimh faoin alt seo.

(12) Más rud é, ar dhul in éag don tréimhse 21 lá dar tosach an dáta a thabharfar fógra faoi fho-alt (8), nach ndéanfaidh an duine ar tugadh fógra dó nó di faoin bhfo-alt sin achomharc ar bith faoin alt seo, is breith chríochnaitheach í an bhreith lena mbaineann an fógra.

(13) Beidh feidhm ag fo-alt (5) go (10) d’alt 667G maidir le hachomharc faoin alt seo mar atá feidhm acu maidir le hachomharc faoin alt sin.

(14) Faoi réir fho-alt (15) agus (16), más rud é, maidir le duine incháilithe—

(a) go dtabhóidh sé nó sí, chun críche feirmeoireachta arna déanamh ag an duine sin, caiteachas caipitiúil ar threalamh cáilitheach an 1 Eanáir 2021 nó dá éis agus an 31 Nollaig 2023 nó roimhe, agus

(b) gur eisíodh deimhniú cáilitheach i leith an trealamh sin chuige nó chuici,

ansin, maidir le haon tréimhse inmhuirearaithe a mbeidh liúntas caithimh agus cuimilte le déanamh ina leith faoi alt 284 i leith aon chaiteachas

cáilitheach a shonraítear sa deimhniú cáilitheach sin, beidh feidhm ag fo-alt (2) den alt sin amhail is dá mba thagairt do 50 faoin gcéad an tagairt i mír (ad) den fho-alt sin do 12.5 faoin gcéad.

- (15) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (14) más rud é, maidir leis an duine incháilithe lena mbaineann—
- (a) gur gnóthas i gcrúachas é nó í,
 - (b) gur cuid de ghnóthas é nó í a bhfuil cuid de faoi réir ordú gnóthaithe neamhíoctha tar éis breith a bheith tugtha roimhe sin ag Coimisiún an Aontais Eorpaigh lena dearbhaíodh go raibh cúnamh neamhdhleathach agus ar neamhréir leis an margadh inmheánach, nó
 - (c) gur cuid de ghnóthas é nó í nach FBM é.
- (16) Ní mó an méid comhiomlán faoisimh a dheonófar do dhuine faoin alt seo ná €500,000.
- (17) Beidh feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le duine i leith tréimhse inmhuirearaithe i gcás gur mó ná €60,000 comhiomlán mhéid an fhaoisimh a dheonófar don duine sa tréimhse inmhuirearaithe sin agus i dtréimhsí inmhuirearaithe roimhe sin.
- (18) D'ainneoin alt 851A, i gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (17) maidir le duine i leith tréimhse inmhuirearaithe, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an fhaisnéis seo a leanas a nochtadh i leith na bliana ina gcríochnóidh an tréimhse inmhuirearaithe:
- (a) ainm an duine;
 - (b) an earnáil gníomhaíochta ar leibhéal ghrúpa NACE, de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006¹³, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 295/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008¹⁴ agus le Rialachán (AE) 2019/1243 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019¹⁵;
 - (c) an t-aonad críochach, de réir bhrí aicmiú Leibhéal 2 NUTS a shonraítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003¹⁶ arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 1888/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2005¹⁷, Rialachán (CE) Uimh. 105/2007 ón gCoimisiún an 1 Feabhra 2007¹⁸, Rialachán (CE) Uimh. 176/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Feabhra 2008¹⁹, Rialachán (CE) Uimh. 1137/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an

13 IO Uimh. L393, 30.12.2006, lch. 1

14 IO Uimh. L97, 9.4.2008, lch. 13

15 IO Uimh. L198, 25.7.2019, lch. 241

16 IO Uimh. L154, 21.6.2003, lch. 1

17 IO Uimh. L309, 25.11.2005, lch. 1

18 IO Uimh. L39, 10.2.2007, lch. 1

19 IO Uimh. L61, 5.3.2008, lch. 1

22 Deireadh Fómhair 2008²⁰, Rialachán (AE) Uimh. 31/2011 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2011²¹, Rialachán (AE) Uimh. 517/2013 ón gComhairle an 13 Bealtaine 2013²², Rialachán (AE) Uimh. 1319/2013 ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2013²³, Rialachán (AE) Uimh. 868/2014 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2014²⁴, Rialachán (AE) Uimh. 2016/2066 ón gCoimisiún an 21 Samhain 2016²⁵, agus Rialachán Tarmhligthe (AE) 2019/1755 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2019²⁶, ina bhfuil an duine; agus

(d) an bhliain ina ndeonaítear an faoiseamh.

(19) Chun críocha fho-ailt (16) agus (17), is é an méid faoisimh a dheonófar do dhuine i dtréimhse inmhuirearaithe an méid a chinnfear de réir na foirmle—

$$R = A - B$$

más rud é—

gurb é R méid an fhaoisimh arna dheonú don duine sa tréimhse inmhuirearaithe,

gurb é A an méid cánach iomchuí a bheadh iníoctha ag an duine incháilithe don tréimhse inmhuirearaithe, murach fo-alt (14), agus

gurb é B an méid cánach iomchuí is iníoctha ag an duine incháilithe don tréimhse inmhuirearaithe sin.”,

(b) in alt 667F(1), trí “chun críoch achomharc faoi ailt 285D agus 667G” a chur in ionad “chun críoch achomhairc faoi alt 667G”, agus

(c) tríd an Sceideal seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Sceideal 34:

“SCEIDEAL 35

Alt 285D

CUID 1

MÍNITHE

Sa Sceideal seo—

ciallaíonn ‘feithicil feirme’ tarracóir talmhaíochta, meaisín uathghluaisteach talmhaíochta, feithicil uile-thír-raoin nó feithicil tír-raoin fónais;

ciallaíonn ‘Treoir maidir le hinnealra’ Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE (athmhúnlú)²⁷.

²⁰ IO Uimh. L311, 21.11.2008, lch.1

²¹ IO Uimh. L13, 18.1.2011, lch.3

²² IO Uimh. L158, 10.6.2013, lch.1

²³ IO Uimh. L342, 18.12.2013, lch.1

²⁴ IO Uimh. L241, 13.8.2014, lch.1

²⁵ IO Uimh. L322, 29.11.2016, lch. 1

²⁶ IO Uimh. L270, 24.10.2019, lch. 1

²⁷ IO Uimh. L157, 9.6.2006, lch. 24

CUID 2

TREALAMH CÁILITHEACH DÁ DTAGRAÍTEAR IN ALT 285D

An cineál trealamh (1)	Tuairisc (2)
Córais seacála tarracóra atá suite ar ghéaga nascála hiodrálacha.	Córas seacála tarracóra talmhaíochta a úsáideann na géaga nascála íochtaracha cúluite nó tulsuite chun gur féidir tarracóir talmhaíochta a ardú ionas go bhféadfai aon roth amháin nó níos mó ar an tarracóir talmhaíochta a ionadú. Beidh marcáil CE ar an gcóras seacála de réir Airteagal 16 den Treoir maidir le hinnealra agus beidh an córas i gcomhréir le ceanglais na Treorach sin.
Ardaitheoir málaí móra (atá comhionann le 500kg nó níos mó), fara córas comhtháite gearrtha málaí nó gan córas den sórt sin.	Córas ardúcháin le haghaidh málaí leasacháin nó síolta de mhais 500kg nó níos mó. Beidh an córas suite ar nascáil trí phointe tarracóra talmhaíochta, ar lódaire tosaigh tarracóra talmhaíochta nó suite ar dhruil leasacháin nó ar shíoladóir. Beidh an t-ardaitheoir in ann greim dhaingin a choinneáil ar an mála agus an mála a ardú os cionn leatóir leasacháin nó síoladóra. D'fhéadfadh córas comhtháite chun an mála a oscailt go huathoibríoch a bheith sa chóras. Beidh marcáil CE ar an gcóras ardúcháin de réir Airteagal 16 den Treoir maidir le hinnealra agus beidh an córas i gcomhréir le ceanglais na Treorach sin.
Caibinéid stórála ceimiceán.	Caibinéad stórála a bheidh feistithe le feiste ghlasála agus le bunda comhtháite chun lotnaidicídí agus ceimiceáin eile a stóráil. D'fhéadfadh gur déanta de mhiotal nó de phlaisteach crua, nó de theaghlaim den dá ábhar, a bheadh an caibinéad. Beidh líon cuí gaothairí sa chaibinéad chun carnadh múchanna a chosc.

Geata frithchúlaithe i gcomhair ainmhithe lena úsáid i ngabhlaigh nó i gcosán eallaigh.	Feiste atá le suí ar thaobh gabhlaigh nó ar thaobh cosán gabhlaigh chun ainmhí a chosc ó bheith ag cúlú feadh an ghabhlaigh nó feadh an chosáin gabhlaigh. Cuirfear ar chumas ainmhí, leis an bhfeiste seo, siúl feadh an ghabhlaigh nó feadh an chosáin gabhlaigh agus bogfar an fheiste in áit, go huathoibríoch nó de láimh, a luaithe a bheidh ainmhí tar éis dul thar bráid.
Sásra nascaire thapa le haghaidh cúlnascáil nó tultnascáil trí phointe chun gur féidir gléasanna a nascadh ionas nach gá tuirlingt den tarracóir.	Córas aon choda amháin nó dhá chuid chun gur féidir gléasanna a nascadh le nascáil trí phointe tarracóra talmhaíochta ionas nach gá tuirlingt den tarracóir talmhaíochta. Beidh an córas ceangailte le nascáil hiodrálach trí phointe an tarracóra talmhaíochta a fhágfaidh go bhféadfaidh an tarracóir talmhaíochta nascadh le gléas. Beidh marcáil CE ar an gcóras de réir Airteagal 16 den Treoir maidir le hinnealra agus beidh an córas i gcomhréir le ceanglais na Treorach sin.
Ardaitheoir rochtana, crochán nó rampa comhtháite chuig feithicil feirme a sholáthar, lena n-áirítear bealach isteach modhnaithe nuair is gá.	Rampa comhtháite, ardaitheoir nó crochán a sholáthar chun a éascú do dhuine faoi mhíchumas rochtain a bheith aige nó aici ar fheithicil feirme. D'fhéadfadh bealach isteach modhnaithe ag an taobh nó ar gcúl a bheith mar chuid den chóras chun rochtain a chumasú. Beidh marcáil CE ar an gcóras ardaithe nó crocháin de réir Airteagal 16 den Treoir maidir le hinnealra agus beidh an córas i gcomhréir le ceanglais na Treorach sin.
Srianta i gcomhair cathaoireacha rothaí.	Srianta i gcomhair cathaoireacha rothaí a sholáthar laistigh d'fheithicil feirme.
Stáisiún nasctha cathaoireacha rothaí.	Stáisiún nasctha cathaoireacha rothaí a sholáthar laistigh d'fheithicil feirme.
Rialaitheoirí modhnaithe chun oibriú feithicle feirme go hiomlán de láimh a chumasú.	Athchumraíocht chuimsitheach na bpríomhrialaitheoirí atá riachtanach chun gur féidir le duine faoi mhíchumas feithicil feirme a thiomáint agus a oibriú.

Suíocháin mhodhnaithe chun oibriú feithicle feirme a chumasú.	Suíochán atá modhnaithe go cuimsitheach a sholáthar chun gur féidir le duine faoi mhíchumas feithicil feirme a oibriú.
Céimeanna breise chuig feithicil feirme nó chuig innealra feirme chun rochtain níos éasca a sholáthar.	Céimeanna breise chuig feithicil feirme nó chuig innealra feirme chun rochtain níos éasca a sholáthar. Beidh marcáil CE ar na céimeanna breise de réir Airteagal 16 den Treoir maidir le hinnealra agus beidh siad i gcomhréir le ceanglais na Treorach sin.
Rialaitheoirí modhnaithe i bhfeithicil feirme nó in innealra feirme chun rialú de láimh nó de chois a chumasú.	Athchumraíocht chuimsitheach rialaitheoirí atá riachtanach chun gur féidir le duine faoi mhíchumas feithicil feirme nó innealra feirme a oibriú.
Géaga nascála trí phointe íochtaracha atá suite sa chóras hiodrálach.	Córas hiodrálach a sholáthar chun suíomh na ngéag nascála trí phointe íochtarach ar fheithicil feirme a rialú.

.”.

- (2) Tiocfaidh *fo-alt (1)* i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

CAIBIDIL 5

*Cáin Chorporáide***Leasú ar alt 288 den Phríomh-Acht (liúntais chothromaíochta agus muirir chothromaíochta)**

18. (1) Leasaítear alt 288 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (3C), trí “arna thabhtú roimh an 14 Deireadh Fómhair 2020 ar shócmhainn dholáimhsithe shonraithe de réir bhrí alt 291A a sholáthar” a chur in ionad “arna thabhtú ar shócmhainn doláimhsithe shonraithe de réir bhrí alt 291A a sholáthar”.

- (2) Beidh éifeacht le *fo-alt (1)* amhail ar an agus ón 14 Deireadh Fómhair 2020.

Leasú ar alt 481 den Phríomh-Acht (faoiseamh i leith infheistíocht i scannáin)

19. Leasaítear alt 481 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1B)(b)—

- (a) i bhfomhír (i), trí “2021” a chur in ionad “2020”,
- (b) i bhfomhír (ii), trí “tar éis an 31 Nollaig 2021 ach an 31 Nollaig 2022 nó roimhe” a chur in ionad “tar éis an 31 Nollaig 2020 ach an 31 Nollaig 2021 nó roimhe”,
- (c) i bhfomhír (iii), trí “tar éis an 31 Nollaig 2022 ach an 31 Nollaig 2023 nó roimhe” a chur in ionad “tar éis an 31 Nollaig 2021 ach an 31 Nollaig 2022 nó roimhe”, agus
- (d) i bhfomhír (iv), trí “2023” a chur in ionad “2022”.

Leasú ar Chuid 35B den Phríomh-Acht (cuideachtaí coigríche rialaithe)

20. (1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 835Y:

“Dlínsí neamh-chomhoibríocha: feidhm mhodhnaithe ailt 835T, 835U agus 835V

835YA.(1) San alt seo, ciallaíonn ‘críoch liostaithe’ críoch a áirítear in Iarscríbhinn 1 de na conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach²⁸, arna ionadú le liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach - An Tuarascáil ón Meitheal um an gCód Iompair (cánachas gnó) lena moltar leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle an 18 Feabhra 2020²⁹.

(2) Más rud é, i dtréimhse chuntasaíochta de chuid cuideachta coigríche rialaithe, gur críoch liostaithe an chríoch ina bhfuil cónaí ar an gcuideachta coigríche rialaithe, ní bheidh feidhm ag ailt 835T, 835U agus 835V maidir leis an tréimhse chuntasaíochta sin.”.

(2) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* i leith tréimhse chuntasaíochta dar tosach an 1 Eanáir 2021 nó dá éis.

Leasú ar Chuid 35C den Phríomh-Acht (neamhchomhfhreagairtí hibrídeacha)

21. (1) Leasaítear alt 835AA den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2)—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (e):

“(e) más rud é—

(i) gur eintitis iad an dá fhiontar,

(ii) go mbeidh aon fhiontar amháin (seachas eintiteas neamh-chomhdhlúthúcháin) ar áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite chéanna is atá an fiontar eile, agus

(iii) go ndéanfar na ráitis airgeadais chomhdhlúite dá dtagraítear i bhfomhír (ii) a ullmhú fúthu seo a leanas—

(I) caighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta, nó

(II) cleachtas cuntasaíochta Éireannach a bhfuil glacadh coitianta leis,”

agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (f):

“(f) más rud é—

(i) gur eintitis iad an dá fhiontar, agus

²⁸ IO Uimh. C64, 27.2.2020, lch.8

²⁹ IO Uimh. C331, 7.10.2020, lch.3

(ii) maidir le haon fhiontar amháin (seachas eintiteas neamh-chomhdhlúthúcháin)—

(I) gurb amhlaidh—

(A) nach mbeidh sé ar áireamh i ráitis airgeadais chomhdhlúite, nó

(B) go mbeidh sé ar áireamh i ráitis airgeadais chomhdhlúite arna n-ullmhú ar shlí seachas faoi chleachtas cuntasaíochta dá dtagraítear i mír (e),

agus

(II) go mbeadh sé, dá n-ullmhófaí ráitis airgeadais chomhdhlúite faoin gcleachtas cuntasaíochta dá dtagraítear i mír (e)(iii)(I), ar áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite chéanna is a bheadh an fiontar eile,”

(b) i bhfo-alt (6), trí “Faoi réir fho-alt (7), folóidh tagairtí sa Chuid seo” a chur in ionad “Folóidh tagairtí sa Chuid seo”, agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

“(7) Ní fholóidh tagairtí sa Chuid seo d’idirbheart idir fiontair chomhlachaithe tagairt d’idirbheart idir fiontair ar fhiontair chomhlachaithe iad an tráth a rinneadh nó a foirmíodh an t-idirbheart, ach—

(a) nach fiontair chomhlachaithe iad an tráth a eascróidh an íocaíocht faoin idirbheart, ná

(b) nach fiontair chomhlachaithe iad an tráth a eascróidh asbhaint i leith na híocaíochta dá dtagraítear i mír (a),

agus beidh sé réasúnach a mheas go ndearnadh an chomhshocraíocht, ar dá toradh a scoir na fiontair sin de bheith ina bhfiontair chomhlachaithe, ar chúiseanna tráchtála *bona fide* agus nach cuid í d’aon chomhshocraíocht arb é an príomhchuspóir, nó ceann de na príomhchuspóirí, atá léi cur chun feidhme na Coda seo a sheachaint.”

(2) Leasaítear alt 835AB den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) i mír (c), trí “nó” a scriosadh,

(ii) i mír (d), trí “dhá eintiteas hibrídeacha nó níos mó den sórt sin, nó” a chur in ionad “dhá eintiteas hibrídeacha nó níos mó den sórt sin,” agus

(iii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (d):

“(e) i gcás gur eintiteas ar a ndéanfar muirear cuideachta coigríche rialaithe nó muirear cuideachta coigríche a ghearradh i leith dhá eintiteas hibrídeacha nó níos mó an t-eintiteas, idir dhá eintiteas hibrídeacha nó níos mó den sórt sin,”

agus

(b) i bhfo-alt (3)—

- (i) i bhfomhír (i), trí “nó” a scriosadh,
- (ii) i bhfomhír (ii), trí “dhá eintiteas hibrideacha nó níos mó den sórt sin, nó” a chur in ionad “dhá eintiteas hibrideacha nó níos mó den sórt sin,” agus
- (iii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ii):

“(iii) i gcás gur eintiteas ar a ndéanfar muirear cuideachta coigríche rialaithe nó muirear cuideachta coigríche a ghearradh i leith dhá eintiteas hibrideacha nó níos mó an t-eintiteas dá dtagraítear i bhfo-alt (1), idir dhá eintiteas hibrideacha nó níos mó den sórt sin.”.

(3) Leasaítear alt 835AL den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “Faoi réir fho-alt (1A), eascróidh íocaíocht le hasbhaint eintitis hibridigh” a chur in ionad “Eascróidh íocaíocht le hasbhaint eintitis hibridigh”, agus
- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Ní eascróidh íocaíocht le hasbhaint eintitis hibridigh gan toradh neamhchomhfhreagrach áirimh faoi fho-alt (1) i leith íocaíocht le heintiteas hibrideach i gcás gur eintiteas é an rannpháirtí atá, faoi dhlíthe na críche ina bhfuil sé bunaithe, díolmhaithe ó cháin a bhaineann i gcoitinne le brabúis nó le gnóchain sa chríoch sin.”.

Leasú ar alt 769Q den Phríomh-Acht (feidhm)

22. Leasaítear alt 769Q den Phríomh-Acht, trí “an 1 Eanáir 2023” a chur in ionad “an 1 Eanáir 2021”.

CAIBIDIL 6

*Cáin Gnóchan Caipitiúil***Leasú ar alt 541 den Phríomh-Acht (fiacha)**

23. (1) Leasaítear alt 541 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

“(6A) (a) D’ainneoin fho-alt (6), maidir le fiach a bheidh dlite de bhanc i gcás nach in airgeadra an Stáit don fhiach sin agus arb ionannas dó suim chun creidmheasa duine i gcuntas sa bhanc, i gcás go n-aistreoidh an duine an fiach sin, go hiomlán nó go páirteach, chuig cuntas eile de chuid an duine sin sa bhanc lena mbaineann, nó chuig aon bhanc eile, san airgeadra céanna, déileálfar leis an aistriú (dá ngairtear ‘aistriú lena mbaineann mír (a)’ i mír (b)) amhail is go ndearnadh é ar chomaoín de cibé méid a d’áiritheodh nach bhfabhródh gnóchan ná caillteanas chuig an duine sin ar an aistriú sin.

- (b) Ar aon diúscairt ar an bhfiach nó ar chuid den fhiach ag an duine arb é nó í sealbhóir an chuntais dá dtagraítear i mír (a), seachas aon aistriú breise lena mbaineann mír (a), déanfar costas fála an fhéich

nó cuid den fhiach, arna chur i gcuntas le linn méid aon ghnóchain a fhabhróidh chuig an duine sin ar an diúscairt sin a ríomh, a chinneadh amhail is dá mba rud é nár tharla an t-aistriú, ná aon aistriú breise, lena mbaineann mír (a).”.

- (2) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le diúscairtí a dhéanfar ar dháta rite an Achta seo nó dá éis.

Leasú ar alt 597AA den Phríomh-Acht (faoiseamh athleasaithe d’fhiontraithe)

24. (1) Leasaítear alt 597AA den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1)(a), tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “pearsa aonair iomchuí”:

“ciallaíonn ‘pearsa aonair iomchuí’ pearsa aonair—

- (a) a bhí ina úinéir tairbhiúil nó ina húinéir tairbhiúil ar shócmhainn nó ar leas i sócmhainn lena mbaineann fomhír (i) den mhíniú ar ‘sócmhainn inmhuirearaithe ghnó’ i bhfo-alt (2)(a) ar feadh tréimhse leanúnach 3 bliana ar a laghad sna 5 bliana díreach roimh dhiúscairt na sócmhainne sin, nó
- (b) a bhí ina úinéir tairbhiúil nó ina húinéir tairbhiúil ar shealbhán gnáthscaireanna lena mbaineann fomhír (ii) den mhíniú ar ‘sócmhainn inmhuirearaithe ghnó’ i bhfo-alt (2)(a) ar feadh tréimhse leanúnach 3 bliana ar a laghad aon tráth roimh dhiúscairt na scaireanna sin;”,

agus

- (b) i bhfo-alt (2)(a)(ii), tríd an glásal seo a leanas a chur in ionad chlásal (A):

“(A) go raibh 5 faoin gcéad ar a laghad de na gnáthscaireanna ar úinéireacht ag pearsa aonair ar feadh tréimhse leanúnach 3 bliana ar a laghad aon tráth roimh dhiúscairt na scaireanna sin, agus”.

- (2) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le diúscairtí sócmhainní inmhuirearaithe gnó a dhéanfar an 1 Eanáir 2021 ná dá éis.

Leasú ar alt 629 den Phríomh-Acht (cáin scuchta a iarchur)

25. (1) Leasaítear alt 629(9) den Phríomh-Acht tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) Beidh ús simplí iníoctha i leith méid cánach atá dlite agus iníoctha agus a bheidh fágtha gan íoc, agus déanfar é a ríomh, ón dáta sonraithe go dtí an dáta íocaíochta, in aghaidh aon lá nó aon chuid de lá a mbeidh an méid cánach sin fágtha gan íoc lena linn (agus faoi threoir iarmhéid neamhíoctha an mhéid sin, ar leith ó bheith faoi threoir méid tráthchoda áirithe a bheidh dlite) de réir an ráta a bheidh i réim agus a shonraítear sa Tábla a ghabhann le fo-alt (2)(c)(ii) d’alt 1080.”.

- (2) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le méideanna cánach dá dtagraítear in alt 629 den Phríomh-Acht a bheidh fágtha gan íoc an 14 Deireadh Fómhair 2020 nó dá éis.

CUID 2

MÁL

Rátaí cánach táirgí tobac

26. Leasaítear an tAcht Airgeadais, 2005 le héifeacht amhail ar an agus ón 14 Deireadh Fómhair 2020 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2:

“SCEIDEAL 2

RÁTAÍ CÁNACH TÁIRGÍ TOBAC

(Le héifeacht amhail ar an agus ón 14 Deireadh Fómhair 2020)

Tuairisc an Táirge	An Ráta Cánach
Toitíní	Ráta cánach—
	(a) ach amháin i gcás go bhfuil feidhm ag mír (b), € 356.39 an míle i dteannta méid atá ar cóimhéid le 10.06 faoin gcéad den phraghas ar a miondíoltar na toitíní, nó
	(b) €414.24 an míle i leith toitíní a mhiondíoltar i gcás gur lú an ráta cánach ná an ráta sin dá ríomhfaí an ráta de réir mhír (a).
Todóga	Ráta cánach €414.861 an cileagram.
Tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh	Ráta cánach €399.120 an cileagram.
Tobac eile chun a chaite ina dheatach	Ráta cánach €287.812 an cileagram.

”.

Leasú ar Chaibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 1999 agus ar Sceidil 2 agus 2A a ghabhann leis an Acht sin (cáin ola mianra)

27. (1) Leasaítear an tAcht Airgeadais, 1999 le héifeacht amhail ar an agus ón 14 Deireadh Fómhair 2020—
- (a) in alt 96(1B), trí “gurb é A an méid a mhuirearófar in aghaidh an tona CO₂ a astaítear, ar €33.50 é i gcás peitрил, gásailín eitlíochta, agus ola throm a úsáidtear mar thiomántán nó le haghaidh aerloingseoireachta nó le haghaidh loingseoireacht áineasa phríobháideach, agus €26 i gcás gach tuairisce eile d’ola mhianra i Sceideal 2A” a chur in ionad “gurb é A an méid, €26, a mhuirearófar in aghaidh an tona CO₂ a astaítear”,
- (b) tríd an sceideal seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2:

“SCEIDEAL 2
RÁTAÍ CÁNACH OLA MIANRA
(Le héifeacht amhail ar an agus ón 14 Deireadh Fómhair 2020)

Tuairisc na hOla Mianra	An Ráta Cánach
<i>Ola Éadrom:</i>	
Peitreal	€619.36 an 1,000 lítear
Gásailín eitlíochta	€619.36 an 1,000 lítear
<i>Ola Throm:</i>	
A úsáidtear mar thiomántán	€515.38 an 1,000 lítear
A úsáidtear le haghaidh aerloingseoireachta	€515.38 an 1,000 lítear
A úsáidtear le haghaidh loingseoireacht áineasa phríobháideach	€515.38 an 1,000 lítear
Ceirísín a úsáidtear ar shlí seachas mar thiomántán	€65.74 an 1,000 lítear
Ola bhreosla	€95.05 an 1,000 lítear
Ola throm eile	€117.78 an 1,000 lítear
<i>Gás Peitriliam Leachtaithe:</i>	
A úsáidtear mar thiomántán	€106.07 an 1,000 lítear
Gás peitriliam leachtaithe eile	€42.48 an 1,000 lítear
<i>Gás feithicle:</i>	€9.36 in aghaidh na huairé meigeavata

”,

agus

(c) tríd an sceideal seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2A:

“SCEIDEAL 2A
MUIREAR CARBÓIN
(Le héifeacht amhail ar an agus ón 14 Deireadh Fómhair 2020)

Tuairisc na hOla Mianra	An Ráta
<i>Ola Éadrom:</i>	
Peitreal	€77.52 an 1,000 lítear
Gásailín eitlíochta	€77.52 an 1,000 lítear

<i>Ola Throm:</i>	
A úsáidtear mar thiomántán	€89.66 an 1,000 lítear
A úsáidtear le haghaidh aerloingseoireachta	€89.66 an 1,000 lítear
A úsáidtear le haghaidh loingseoireacht áineasa phríobháideach	€89.66 an 1,000 lítear
Ceirisín a úsáidtear ar shlí seachas mar thiomántán	€65.74 an 1,000 lítear
Ola bhreosla	€80.27 an 1,000 lítear
Ola throm eile	€70.42 an 1,000 lítear
<i>Gás Peitri Liam Leachtaithe:</i>	
A úsáidtear mar thiomántán	€42.48 an 1,000 lítear
Gás peitri Liam leachtaithe eile	€42.48 an 1,000 lítear
<i>Gás feithicle:</i>	€5.22 in aghaidh na huaire meigeavata

”.

(2) Leasaítear an tAcht Airgeadais, 1999 tuilleadh, le héifeacht amhail ar an agus ón 1 Bealtaine 2021—

(a) in alt 96—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1A):

“(1A) (a) I gcás go sonraítear ráta i Sceideal 2A le haghaidh ola mhianra d’aon tuairisc, beidh an ráta sin, dá ngairtear an ‘muirear carbóin’ sa Chaibidil seo, san áireamh sa ráta cánach a shonraítear i Sceideal 2 le haghaidh ola mhianra den tuairisc sin.

(b) Maidir leis an ráta cánach in aghaidh an 1,000 lítear a shonraítear le haghaidh gach tuairisce d’ola mhianra, seachas gás feithicle i Sceideal 2A, beidh sé i gcomhréir le hastaíochtaí CO₂ ó thuairisc na hola mianra lena mbaineann a dhó.

(c) Maidir leis an ráta cánach in aghaidh na huaire meigeavata de réir luach calrach comhlán a shonraítear le haghaidh gás feithicle i Sceideal 2A, beidh sé i gcomhréir le hastaíochtaí CO₂ ó ghás nádúrtha a dhó.”,

agus

(ii) trí fho-alt (1B) agus (1C) a scriosadh,

(b) in alt 98(1)—

(i) trí “de réir ráta a shonraítear sa Tábla a ghabhann leis an bhfo-alt seo” a chur in ionad “de réir ráta €71.32 in aghaidh an 1,000 lítear le haghaidh ola troime

agus de réir ráta €48.06 in aghaidh an 1,000 lítear le haghaidh gáis peitрилam leachtaithe”, agus

(ii) tríd an tábla seo a leanas a chur isteach san fho-alt sin:

“AN TÁBLA

Le héifeacht ar an agus ón	Ola Throm An ráta in aghaidh an 1,000 lítear	Gás Peitрилam Leachtaithe An ráta in aghaidh an 1,000 lítear
1 Bealtaine 2021	€90.42	€60.26
1 Bealtaine 2022	€109.41	€72.51
1 Bealtaine 2023	€128.41	€84.75
1 Bealtaine 2024	€147.40	€97.00
1 Bealtaine 2025	€166.39	€109.24
1 Bealtaine 2026	€185.39	€121.48
1 Bealtaine 2027	€204.38	€133.73
1 Bealtaine 2028	€223.38	€145.97
1 Bealtaine 2029	€242.37	€158.22
1 Bealtaine 2030	€258.83	€168.83

”,

(c) tríd an sceideal seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2 (arna leasú le *fo-alt (1)(b)*):

“SCEIDEAL 2

RÁTAÍ CÁNACH OLA MIANRA

Le héifeacht amhail ar an agus ón:	Ola Éadrom: Na rátaí in aghaidh an 1,000 lítear		Ola Throm: Na rátaí in aghaidh an 1,000 lítear						Gás Peitрилam Leachtaithe: Na rátaí in aghaidh an 1,000 lítear		Gás feithicle: An ráta in aghaidh na huaire meigeavata de réir luach calrach comhlán
	Peitreal	Gásailín eitliochta	A úsáidtear mar thiomántán	A úsáidtear le haghaidh aer-loingseoireachta	A úsáidtear le haghaidh loingseoireacht áineasa phríobháideach	Ceirín a úsáidtear ar shlí seachas mar thiomántán	Ola bhreosla	Ola throm eile	A úsáidtear mar thiomántán	Gás peitрилam leachtaithe eile	
1 Bealtaine 2021	€619.36	€619.36	€515.38	€515.38	€515.38	€84.84	€118.01	€138.17	€118.27	€54.68	€9.36
13 Deireadh Fómhair 2021	€636.71	€636.71	€535.46	€535.46	€535.46	€84.84	€118.01	€138.17	€118.27	€54.68	€9.36
1 Bealtaine 2022	€636.71	€636.71	€535.46	€535.46	€535.46	€103.83	€141.12	€158.50	€130.52	€66.93	€9.36
12 Deireadh Fómhair 2022	€654.07	€654.07	€555.53	€555.53	€555.53	€103.83	€141.12	€158.50	€130.52	€66.93	€9.36
1 Bealtaine 2023	€654.07	€654.07	€555.53	€555.53	€555.53	€122.83	€164.23	€178.83	€142.76	€79.17	€9.36
11 Deireadh Fómhair 2023	€671.43	€671.43	€575.61	€575.61	€575.61	€122.83	€164.23	€178.83	€142.76	€79.17	€9.36
1 Bealtaine 2024	€671.43	€671.43	€575.61	€575.61	€575.61	€141.82	€187.34	€199.17	€155.01	€91.42	€10.13
9 Deireadh Fómhair 2024	€688.78	€688.78	€595.68	€595.68	€595.68	€141.82	€187.34	€199.17	€155.01	€91.42	€10.13
1 Bealtaine 2025	€688.78	€688.78	€595.68	€595.68	€595.68	€160.81	€210.45	€219.50	€167.25	€103.66	€11.48
8 Deireadh Fómhair 2025	€706.14	€706.14	€615.76	€615.76	€615.76	€160.81	€210.45	€219.50	€167.25	€103.66	€11.48
1 Bealtaine 2026	€706.14	€706.14	€615.76	€615.76	€615.76	€179.81	€233.57	€239.83	€179.49	€115.90	€12.84
14 Deireadh Fómhair 2026	€723.49	€723.49	€635.83	€635.83	€635.83	€179.81	€233.57	€239.83	€179.49	€115.90	€12.84
1 Bealtaine 2027	€723.49	€723.49	€635.83	€635.83	€635.83	€198.80	€256.68	€260.16	€191.74	€128.15	€14.20

13 Deireadh Fómhair 2027	€740.85	€740.85	€655.90	€655.90	€655.90	€198.80	€256.68	€260.16	€191.74	€128.15	€14.20
1 Bealtaine 2028	€740.85	€740.85	€655.90	€655.90	€655.90	€217.80	€279.79	€280.49	€203.98	€140.39	€15.56
11 Deireadh Fómhair 2028	€758.21	€758.21	€675.98	€675.98	€675.98	€217.80	€279.79	€280.49	€203.98	€140.39	€15.56
1 Bealtaine 2029	€758.21	€758.21	€675.98	€675.98	€675.98	€236.79	€302.90	€300.83	€216.23	€152.64	€16.91
10 Deireadh Fómhair 2029	€773.25	€773.25	€693.38	€693.38	€693.38	€236.79	€302.90	€300.83	€216.23	€152.64	€16.91
1 Bealtaine 2030	€773.25	€773.25	€693.38	€693.38	€693.38	€253.25	€322.93	€318.45	€226.84	€163.25	€18.09

”

agus

(d) tríd an sceideal seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2A (arna leasú le *fo-alt (1)(c)*):

“SCEIDEAL 2A

MUIREAR CARBÓIN

Le héifeacht amhail ar an agus ón:	Ola Éadrom: Na rátaí in aghaidh an 1,000 lítear		Ola Throm: Na rátaí in aghaidh an 1,000 lítear						Gás Peitiriliam Leachtaithe: Na rátaí in aghaidh an 1,000 lítear		Gás feithicle: An ráta in aghaidh na huairé meigeavata de réir luach calrach comhlán
	Peitreal	Gásailín eitióchta	A úsáidtear mar thiomántán	A úsáidtear le haghaidh aer-loingseoireachta	A úsáidtear le haghaidh loingseoireachta áineasa phríobháideach	Ceirínín a úsáidtear ar shlí seachas mar thiomántán	Ola bhreosla	Ola throm eile	A úsáidtear mar thiomántán	Gás peitiriliam leachtaithe eile	
1 Bealtaine 2021	€77.52	€77.52	€89.66	€89.66	€89.66	€84.84	€103.23	€90.81	€54.68	€54.68	€6.06
13 Deireadh Fómhair 2021	€94.87	€94.87	€109.74	€109.74	€109.74	€84.84	€103.23	€90.81	€54.68	€54.68	€6.06
1 Bealtaine 2022	€94.87	€94.87	€109.74	€109.74	€109.74	€103.83	€126.34	€111.14	€66.93	€66.93	€7.41
12 Deireadh Fómhair 2022	€112.23	€112.23	€129.81	€129.81	€129.81	€103.83	€126.34	€111.14	€66.93	€66.93	€7.41
1 Bealtaine 2023	€112.23	€112.23	€129.81	€129.81	€129.81	€122.83	€149.45	€131.47	€79.17	€79.17	€8.77
11 Deireadh Fómhair 2023	€129.59	€129.59	€149.89	€149.89	€149.89	€122.83	€149.45	€131.47	€79.17	€79.17	€8.77
1 Bealtaine 2024	€129.59	€129.59	€149.89	€149.89	€149.89	€141.82	€172.56	€151.81	€91.42	€91.42	€10.13
9 Deireadh Fómhair 2024	€146.94	€146.94	€169.96	€169.96	€169.96	€141.82	€172.56	€151.81	€91.42	€91.42	€10.13
1 Bealtaine 2025	€146.94	€146.94	€169.96	€169.96	€169.96	€160.81	€195.67	€172.14	€103.66	€103.66	€11.48
8 Deireadh Fómhair 2025	€164.30	€164.30	€190.04	€190.04	€190.04	€160.81	€195.67	€172.14	€103.66	€103.66	€11.48
1 Bealtaine 2026	€164.30	€164.30	€190.04	€190.04	€190.04	€179.81	€218.79	€192.47	€115.90	€115.90	€12.84
14 Deireadh Fómhair 2026	€181.65	€181.65	€210.11	€210.11	€210.11	€179.81	€218.79	€192.47	€115.90	€115.90	€12.84
1 Bealtaine 2027	€181.65	€181.65	€210.11	€210.11	€210.11	€198.80	€241.90	€212.80	€128.15	€128.15	€14.20
13 Deireadh Fómhair 2027	€199.01	€199.01	€230.18	€230.18	€230.18	€198.80	€241.90	€212.80	€128.15	€128.15	€14.20
1 Bealtaine 2028	€199.01	€199.01	€230.18	€230.18	€230.18	€217.80	€265.01	€233.13	€140.39	€140.39	€15.56
11 Deireadh Fómhair 2028	€216.37	€216.37	€250.26	€250.26	€250.26	€217.80	€265.01	€233.13	€140.39	€140.39	€15.56
1 Bealtaine 2029	€216.37	€216.37	€250.26	€250.26	€250.26	€236.79	€288.12	€253.47	€152.64	€152.64	€16.91
10 Deireadh Fómhair 2029	€231.41	€231.41	€267.66	€267.66	€267.66	€236.79	€288.12	€253.47	€152.64	€152.64	€16.91
1 Bealtaine 2030	€231.41	€231.41	€267.66	€267.66	€267.66	€253.25	€308.15	€271.09	€163.25	€163.25	€18.09

”

Leasú ar alt 67 den Acht Airgeadais, 2010 (cáin charbóin gáis nádúrtha)

28. Leasaítear alt 67 den Acht Airgeadais, 2010 le héifeacht amhail ar an agus ón 1 Bealtaine 2021—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Faoi réir fhorálacha na Caibidle seo agus aon rialacháin arna ndéanamh fúithi, déanfar dleacht mháil, ar a dtabharfar cáin charbóin gáis nádúrtha, a mhuirearú, a thobhach agus a íoc de réir an ráta a shonraítear i gcolún (2) den Tábla a ghabhann leis an bhfo-alt seo le héifeacht amhail ar an agus ón dáta a shonraítear i gcolún (1) den Tábla sin ar an ngás nádúrtha go léir, seachas gás nádúrtha atá faoi réir cáin ola mianra faoi alt 95(1)(b) den Acht Airgeadais, 1999, a sholáthróidh soláthróir sa Stát.

AN TÁBLA

RÁTA CÁNACH CARBÓIN GÁIS NÁDÚRTHA

Le héifeacht ar an agus ón (1)	An ráta in aghaidh na huaire meigeavata de réir luach calrach comhlán (2)
1 Bealtaine 2021	€6.06
1 Bealtaine 2022	€7.41
1 Bealtaine 2023	€8.77
1 Bealtaine 2024	€10.13
1 Bealtaine 2025	€11.48
1 Bealtaine 2026	€12.84
1 Bealtaine 2027	€14.20
1 Bealtaine 2028	€15.56
1 Bealtaine 2029	€16.91
1 Bealtaine 2030	€18.09

”

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Maidir leis an ráta cánach in aghaidh na huaire meigeavata de réir luach calrach comhlán le haghaidh gás nádúrtha a shonraítear sa Tábla a ghabhann le fo-alt (1), is ráta é a bheidh i gcomhréir le hastaíochtaí CO₂ ó ghás nádúrtha a dhó.”.

Leasú ar Chaibidil 3 de Chuid 3 den Acht Airgeadais, 2010 agus ar Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht sin (cáin charbóin breosla sholadaigh)

29. Leasaítear an tAcht Airgeadais, 2010 le héifeacht amhail ar an agus ón 1 Bealtaine 2021—

(a) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 78:

“**78.**(1) Faoi réir fhorálacha na Caibidle seo agus aon rialacháin arna ndéanamh fúithi, déanfar dleacht mháil, ar a dtabharfar cáin charbóin breosla

sholadaigh, a mhuirearú, a thobhach agus a íoc de réir an ráta a shonraítear i gcolún (2) de Sceideal 1, le héifeacht amhail ar an agus ón dáta a shonraítear i gcolún (1) den Sceideal sin i leith gach tuairisce de bhreosla soladach a shonraítear i Sceideal 1 agus a sholáthróidh soláthróir sa Stát.

- (2) Maidir leis an ráta cánach in aghaidh an tona do gach tuairisc de bhreosla soladach a shonraítear i Sceideal 1, is ráta é atá i gcomhréir le hastaíochtaí CO₂ ón mbreosla soladach lena mbaineann a dhó.”,

agus

- (b) tríd an sceideal seo a leanas a chur in ionad Sceideal 1:

“SCEIDEAL 1

RÁTAÍ CÁNACH CARBÓIN BREOSLA SHOLADAIGH

Le héifeacht amhail ar an agus ón (1)	Tuirisc an Bhreosla Sholadaigh An Ráta Cánach in aghaidh an tona (2)			
	Gual	Brícíní móna	Móin mheilte	Móin eile
1 Bealtaine 2021	€88.23	€61.42	€30.44	€45.65
1 Bealtaine 2022	€107.98	€75.17	€37.25	€55.87
1 Bealtaine 2023	€127.74	€88.93	€44.07	€66.10
1 Bealtaine 2024	€147.49	€102.68	€50.88	€76.32
1 Bealtaine 2025	€167.24	€116.43	€57.70	€86.54
1 Bealtaine 2026	€187.00	€130.18	€64.52	€96.76
1 Bealtaine 2027	€206.75	€143.94	€71.33	€106.98
1 Bealtaine 2028	€226.51	€157.69	€78.15	€117.21
1 Bealtaine 2029	€246.26	€171.44	€84.96	€127.43
1 Bealtaine 2030	€263.38	€183.36	€90.87	€136.29

”.

Leasú ar alt 104 den Acht Airgeadais, 2001 (faoisimh)

30. (1) Leasaítear alt 104 den Acht Airgeadais, 2001 i bhfo-alt (1)—

- (a) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(ba) ar fhórsaí armtha Stáit is páirtí i gConradh an Atlantaigh Thuaidh (arna shíniú in Washington an 4 Aibreán 1949) sa Stát, ach ní ar na Fórsaí Cosanta, lena n-úsáid ag na fórsaí armtha sin, le haghaidh na foirne sibhialtaí a bhíonn á dtionlacan nó mar sholáthairtí dá gcuid bialann nó dá gcuid ceaintíní,”

agus

- (b) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (ba) (a chuirtear isteach le *mír (a)*):

“(bb) ar fhórsaí armtha Ballstáit (seachas na Fórsaí Cosanta) sa Stát, lena n-úsáid ag na fórsaí armtha sin, le haghaidh na foirne sibhialtaí a bhíonn á dtionlacan nó mar sholáthairtí dá gcuid bialann nó dá gcuid ceaintíní, nuair a ghlacann na fórsaí sin páirt in iarracht chosanta a dhéantar chun gníomhaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh faoin gcomhbheartas slándála agus cosanta a chur i ngníomh mar a leagtar amach i Roinn 2 de Chaibidil 2 de Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach;”.

- (2) Tiocfaidh *mír (b) d’fho-alt (1)* i ngníomh an 1 Iúil 2022.

Dleacht mháil a tharscaoileadh ar athnuachan ceadúnas áirithe deochanna meisiciúla, ceadúnas rince phoiblí agus deimhnithe clárúcháin clubanna

31. (1) Faoi réir *fho-alt (3)*, ní bheidh aon dleacht mháil inmhuirearaithe, intoibhithe ná iníoctha faoi alt 43 den *Finance (1909-10) Act* 1910, ar athnuachan, don tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 30 Meán Fómhair 2021, na gceadúnas seo a leanas chun deochanna meisiciúla a dhíol, a shonraítear sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht sin:

- (a) ar-cheadúnais miondíoltóirí;
- (b) ceadúnais árthaí paisinéirí;
- (c) ceadúnais carbad bia iarnróid;
- (d) ceadúnais aerárthaí paisinéirí.

- (2) Faoi réir *fho-alt (3)*, ní bheidh aon dleacht mháil inmhuirearaithe, intoibhithe ná iníoctha—

- (a) faoi alt 171(1) den Acht Airgeadais, 2001 ar athnuachan, don tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 30 Meán Fómhair 2021, ceadúnais arna dheonú faoi alt 2 den Acht Deochanna Meisiciúla (An Ceoláras Náisiúnta), 1983,
- (b) faoi alt 105(1) den Acht Airgeadais, 2000 ar athnuachan, don tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 30 Meán Fómhair 2021, ceadúnais arna dheonú faoi alt 62 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997,
- (c) faoi alt 21(5) den Acht Deochanna Meisiciúla, 2003 ar athnuachan, don tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 30 Meán Fómhair 2021, ceadúnais arna dheonú faoi alt 21(3) den Acht sin,
- (d) faoi alt 1(7) den Acht Deochanna Meisiciúla (Grúdlanna agus Drioglanna), 2018 ar athnuachan, don tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 30 Meán Fómhair 2021, ceadúnais miondíola táirgeora arna eisiúint faoi alt 1(2) den Acht sin lena n-údaraítear deoch mheisiciúil a dhíol de réir alt 1(6)(a) den Acht sin, nó
- (e) faoi alt 1(8) den Acht Deochanna Meisiciúla (An Lárionad Náisiúnta Comhdhála), 2010 ar athnuachan, don tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 30 Meán Fómhair 2021, ceadúnais arna eisiúint faoi alt 1(2) den Acht sin.

- (3) Beidh feidhm ag *fo-ailt (1)* agus (2) maidir le ceadúnais dá dtagraítear sna fo-ailt sin a chuaigh in éag an 30 Meán Fómhair 2020.
- (4) Ní bheidh aon dleacht mháil inmhuirearaithe, intoibhithe ná iníoctha—
 - (a) faoi alt 78(2) den Acht Airgeadais, 1980 ar athnuachan, sa bhliain 2020, ceadúnais rince phoiblí arna dheonú faoi alt 2 den Acht um Hallaí Rinnce Puiblí, 1935, nó
 - (b) faoi alt 48(2) den Acht Airgeadais, 1989 ar athnuachan, sa bhliain 2020, deimhnithe clárúcháin club arna dheonú faoin *Registration of Clubs (Ireland) Act 1904*.

Leasú ar alt 96 den Acht Airgeadais, 2001 (léiriú (Cuid 2))

- 32.** Leasaítear alt 96 den Acht Airgeadais, 2001, i bhfo-alt (1), sa mhíniú ar “coinsíneoir cláraithe”—
- (a) i mír (a)—
 - (i) trí “, seachas coimeádaí stórais údaraithe,” a scriosadh, agus
 - (ii) trí “chuig Ballstát eile” a scriosadh, agus
 - (b) i mír (b)—
 - (i) trí “, seachas coimeádaí stórais údaraithe,” a scriosadh, agus
 - (ii) trí “ón mBallstát eile sin” a scriosadh.

Leasú ar alt 132 den Acht Airgeadais, 1992 (dleacht mháil a mhuirearú)

- 33.** (1) Leasaítear alt 132 den Acht Airgeadais, 1992, i bhfo-alt (3)—
- (a) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i) de mhír (a):
 - “(i) i leith astaíochtaí CO₂ na feithicle—
 - (I) i gcás gur feithicil í arb ina leith a dhéanfar an leibhéal astaíochtaí CO₂ arna thomhas ar an modh dá dtagraítear i bhfomhír (ii) de mhír (a) den mhíniú ar astaíochtaí CO₂ in alt 130 a dhaingniú faoi threoir aon doiciméad a thabharfar ar aird mar thaca leis an dearbhú le haghaidh clárúcháin, faoi threoir Thábla 1 a ghabhann leis an bhfo-alt seo,
 - (II) más rud é—
 - (A) nach féidir an leibhéal astaíochtaí CO₂ a dhaingniú faoi threoir an deimhnithe iomchuí cineálcheadaithe CE, an deimhnithe iomchuí comhréireachta CE nó an deimhnithe iomchuí clárúcháin feithicle arna eisiúint i mBallstát eile, agus
 - (B) nach deimhin leis na Coimisinéirí an leibhéal astaíochtaí CO₂ faoi threoir aon doiciméad eile a thabharfar ar aird mar thaca leis an dearbhú le haghaidh clárúcháin,

de réir ráta méid atá ar cóimhéid leis an gcéatadán is airde a shonraítear i dTábla 1 a ghabhann leis an bhfo-alt seo de luach na feithicle nó €740, cibé acu is mó, nó

(III) i gcás gur feithicil í arb ina leith a dhéanfar an leibhéal astaíochtaí CO₂ arna thomhas ar an modh dá dtagraítear i bhfomhír (i) nó (iii) de mhír (a), nó i mír (b), den mhíniú ar astaíochtaí CO₂ in alt 130 a dhaingniú faoi threoir aon doiciméad a thabharfar ar aird mar thaca leis an dearbhú le haghaidh clárúcháin agus nach ndéanfar an leibhéal astaíochtaí CO₂ arna thomhas ar an modh dá dtagraítear i bhfomhír (ii) de mhír (a) den mhíniú sin a dhaingniú amhlaidh, faoi threoir Thábla 1 a ghabhann leis an bhfo-alt seo, faoi réir an mhodhnaithe go ndéanfar na hastaíochtaí CO₂ atá ag an bhfeithicil a choigeartú—

(A) i leith feithicil den sórt sin arna dearadh chun ola throm a úsáid mar thiomántán, de réir na foirmle seo a leanas:

$$X(1.1405) + 12.858, \text{ nó}$$

(B) i leith aon fheithicil eile den sórt sin, de réir na foirmle seo a leanas:

$$X(0.9227) + 34.554,$$

i gcás gurb é X an leibhéal astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin atá ag an bhfeithicil arna thomhas ar an modh dá dtagraítear i bhfomhír (i) nó (iii) de mhír (a), nó i mír (b), de réir mar a bheidh, den mhíniú ar astaíochtaí CO₂ in alt 130,

agus i gcás go ndéanfar, i leith feithicle, níos mó ná aon leibhéal amháin d’astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin a thomhas ar an modh dá dtagraítear i bhfomhír nó i mír den mhíniú ar astaíochtaí CO₂ in alt 130, is é an leibhéal is airde d’astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin arna thomhas ar an modh sin na hastaíochtaí CO₂ a bheidh ag an bhfeithicil chun críoch chlásal (I) nó (III), de réir mar a bheidh, agus”,

(b) tríd an Tábla seo a leanas a chur in ionad Thábla 1 a ghabhann leis an bhfo-alt sin:

“Tábla 1

Astaíochtaí CO ₂ (CO ₂ g/km)	An céatadán de luach na feithicle is iníoctha
0g/km suas le 50g/km agus é sin san áireamh	7% nó €140 cibé acu is mó
Níos mó ná 50g/km, suas le 80g/km agus é sin san áireamh	9% nó €180 cibé acu is mó

Níos mó ná 80g/km, suas le 85g/km agus é sin san áireamh	9.75% nó €195 cibé acu is mó
Níos mó ná 85g/km, suas le 90g/km agus é sin san áireamh	10.5% nó €210 cibé acu is mó
Níos mó ná 90g/km, suas le 95g/km agus é sin san áireamh	11.25% nó €225 cibé acu is mó
Níos mó ná 95g/km, suas le 100g/km agus é sin san áireamh	12% nó €240 cibé acu is mó
Níos mó ná 100g/km, suas le 105g/km agus é sin san áireamh	12.75% nó €255 cibé acu is mó
Níos mó ná 105g/km, suas le 110g/km agus é sin san áireamh	13.5% nó €270 cibé acu is mó
Níos mó ná 110g/km, suas le 115g/km agus é sin san áireamh	14.25% nó €285 cibé acu is mó
Níos mó ná 115g/km, suas le 120g/km agus é sin san áireamh	15% nó €300 cibé acu is mó
Níos mó ná 120g/km, suas le 125g/km agus é sin san áireamh	15.75% nó €315 cibé acu is mó
Níos mó ná 125g/km, suas le 130g/km agus é sin san áireamh	16.5% nó €330 cibé acu is mó
Níos mó ná 130g/km, suas le 135g/km agus é sin san áireamh	17.25% nó €345 cibé acu is mó
Níos mó ná 135g/km, suas le 140g/km agus é sin san áireamh	18% nó €360 cibé acu is mó
Níos mó ná 140g/km, suas le 145g/km agus é sin san áireamh	19.5% nó €390 cibé acu is mó
Níos mó ná 145g/km, suas le 150g/km agus é sin san áireamh	21% nó €420 cibé acu is mó
Níos mó ná 150g/km, suas le 155g/km agus é sin san áireamh	23.5% nó €470 cibé acu is mó
Níos mó ná 155g/km, suas le 170g/km agus é sin san áireamh	26% nó €520 cibé acu is mó
Níos mó ná 170g/km, suas le 190g/km agus é sin san áireamh	31% nó €620 cibé acu is mó
Níos mó ná 190g/km	37% nó €740 cibé acu is mó

”

agus

(c) tríd an Tábla seo a leanas a chur in ionad Thábla 2 a ghabhann leis an bhfo-alt sin:

“Tábla 2

Astaíochtaí NO _x (NO _x mg/km nó mg/kWh)	An méid is iníoctha in aghaidh an mg/km nó mg/kWh
An chéad 0-40 mg/km nó mg/kWh, de réir mar a bheidh	€5
An chéad 40 mg/km nó mg/kWh eile ina dhiaidh sin, nó cuid den chéanna, de réir mar a bheidh, suas le 80 mg/km nó mg/kWh, de réir mar a bheidh	€15
An fuíoll os cionn 80 mg/km nó mg/kWh, de réir mar a bheidh	€25

”.

(2) Tiocfaidh *fo-alt (1)* i ngníomh an 1 Eanáir 2021.

Leasú ar alt 135C den Acht Airgeadais, 1992 (loghadh nó aisíoc i leith cáin cláraithe feithiclí, etc.)

34. (1) Leasaítear alt 135C den Acht Airgeadais, 1992, i bhfo-alt (3), tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii) de mhír (b):

“(ii) i gcás ina bhfuil praghas díola na feithicle ar an margadh oscailte (de réir bhrí alt 133)—

(I) níos lú ná €40,000 nó ar cóimhéid leis, €5,000,

(II) níos mó ná €40,000 ach níos lú ná €50,000, an méid arna ríomh de réir na foirmle seo a leanas:

$$5000 - \left(\frac{\text{praghas díola ar an margadh oscailte}}{2} \right), \text{ agus}$$

(III) níos mó ná €50,000 nó ar cóimhéid leis, €0.”.

(2) Tiocfaidh *fo-alt (1)* i ngníomh an 1 Eanáir 2021.

Leasú ar Chuid I den Sceideal a ghabhann le hAcht 1952

35. (1) San alt seo, ciallaíonn “Acht 1952” an tAcht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithiclí), 1952.

(2) Beidh feidhm ag *fo-alt (3)* maidir le ceadúnais arna dtógáil amach faoi alt 1 d’Acht 1952 ar feadh tréimhsí dar tosach an 1 Eanáir 2021 nó dá éis.

(3) Leasaítear Cuid I den Sceideal a ghabhann le hAcht 1952, i mír 6—

(a) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (d):

“(d) faoi réir fhomhíreanna (f) go (n), aon fheithicil—

(i) ar feithicil nua í a chláraítear idir an 1 Iúil 2008 agus an 31 Nollaig 2020 faoi alt 131 den Acht Airgeadais, 1992 mar fheithicil de chuid earnáil M1, nó

- (ii) ar feithicil í a chláraítear lasmuigh den Stát idir an 1 Iúil 2008 agus an 31 Nollaig 2020 agus a chláraítear ina dhiaidh sin sa Stát faoi alt 131 den Acht Airgeadais, 1992 an 1 Eanáir 2021 nó dá éis mar feithicil de chuid earnáil M1,

agus ar feithicil í ag a bhfuil leibhéal astaíochtaí CO₂ arna thomhas ar an modh dá dtagraítear i mír (a)(i) nó (iii) den mhíniú ar ‘astaíochtaí CO₂’ in alt 130 den Acht Airgeadais, 1992—

- | | |
|--|--------|
| (I) de 0 gram in aghaidh an chiliméadair, | €120 |
| (II) is mó ná 0 gram in aghaidh an chiliméadair ach nach mó ná 80 gram in aghaidh an chiliméadair, | €170 |
| (III) is mó ná 80 gram in aghaidh an chiliméadair ach nach mó ná 100 gram in aghaidh an chiliméadair, | €180 |
| (IV) is mó ná 100 gram in aghaidh an chiliméadair ach nach mó ná 110 ngram in aghaidh an chiliméadair, | €190 |
| (V) is mó ná 110 ngram in aghaidh an chiliméadair ach nach mó ná 120 gram in aghaidh an chiliméadair, | €200 |
| (VI) is mó ná 120 gram in aghaidh an chiliméadair ach nach mó ná 130 gram in aghaidh an chiliméadair, | €270 |
| (VII) is mó ná 130 gram in aghaidh an chiliméadair ach nach mó ná 140 gram in aghaidh an chiliméadair, | €280 |
| (VIII) is mó ná 140 gram in aghaidh an chiliméadair ach nach mó ná 155 ghram in aghaidh an chiliméadair, | €400 |
| (IX) is mó ná 155 ghram in aghaidh an chiliméadair ach nach mó ná 170 gram in aghaidh an chiliméadair, | €600 |
| (X) is mó ná 170 gram in aghaidh an chiliméadair ach nach mó ná 190 gram in aghaidh an chiliméadair, | €790 |
| (XI) is mó ná 190 gram in aghaidh an chiliméadair ach nach mó ná 225 ghram in aghaidh an chiliméadair, | €1,250 |
| (XII) is mó ná 225 ghram in aghaidh an chiliméadair, | €2,400 |
| (XIII) ar leibhéal é— | |
| (A) nach féidir leis na Coimisinéirí Ioncain a dhaingniú faoi threoir an deimhnithe iomchuí cineálcheadaithe CE nó an deimhnithe iomchuí comhréireachta CE, agus | |

- (B) nach bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim sásta ina leith faoi threoir aon doiciméad eile a thabharfar ar aird mar thaca leis an dearbhú le haghaidh clárúcháin de bhun alt 131 den Acht Airgeadais, 1992, €2,400”,

(b) i mír (n), trí “Nollaig 2011,” a chur in ionad “Nollaig 2011.”, agus

(c) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (n):

“(o) aon fheithicil—

- (i) ar feithicil nua í a chláraítear an 1 Eanáir 2021 nó dá éis faoi alt 131 den Acht Airgeadais, 1992 mar fheithicil de chuid earnáil M1, nó
- (ii) ar feithicil í a chláraítear lasmuigh den Stát idir an 1 Iúil 2008 agus an 31 Nollaig 2020 agus a chláraítear ina dhiaidh sin sa Stát faoi alt 131 den Acht Airgeadais, 1992 an 1 Eanáir 2021 nó dá éis mar fheithicil de chuid earnáil M1,

agus ar feithicil í ag a bhfuil leibhéal astaíochtaí CO₂ arna thomhas ar an modh dá dtagraítear i mír (a)(ii) den mhíniú ar ‘astaíochtaí CO₂’ in alt 130 den Acht Airgeadais, 1992—

- | | |
|---|------|
| (I) de 0 gram in aghaidh an chiliméadair, | €120 |
| (II) is mó ná 0 gram in aghaidh an chiliméadair ach nach mó ná 50 gram in aghaidh an chiliméadair, | €140 |
| (III) is mó ná 50 gram in aghaidh an chiliméadair ach nach mó ná 80 gram in aghaidh an chiliméadair, | €150 |
| (IV) is mó ná 80 gram in aghaidh an chiliméadair ach nach mó ná 90 gram in aghaidh an chiliméadair, | €160 |
| (V) is mó ná 90 gram in aghaidh an chiliméadair ach nach mó ná 100 gram in aghaidh an chiliméadair, | €170 |
| (VI) is mó ná 100 gram in aghaidh an chiliméadair ach nach mó ná 110 ngram in aghaidh an chiliméadair, | €180 |
| (VII) is mó ná 110 ngram in aghaidh an chiliméadair ach nach mó ná 120 gram in aghaidh an chiliméadair, | €190 |
| (VIII) is mó ná 120 gram in aghaidh an chiliméadair ach nach mó ná 130 gram in aghaidh an chiliméadair, | €200 |
| (IX) is mó ná 130 gram in aghaidh an chiliméadair ach nach mó ná 140 gram in aghaidh an chiliméadair, | €210 |

- (X) is mó ná 140 gram in aghaidh an chiliméadair ach nach mó ná 150 gram in aghaidh an chiliméadair, €270
- (XI) is mó ná 150 gram in aghaidh an chiliméadair ach nach mó ná 160 gram in aghaidh an chiliméadair, €280
- (XII) is mó ná 160 gram in aghaidh an chiliméadair ach nach mó ná 170 gram in aghaidh an chiliméadair, €420
- (XIII) is mó ná 170 gram in aghaidh an chiliméadair ach nach mó ná 190 gram in aghaidh an chiliméadair, €600
- (XIV) is mó ná 190 gram in aghaidh an chiliméadair ach nach mó ná 200 gram in aghaidh an chiliméadair, €790
- (XV) is mó ná 200 gram in aghaidh an chiliméadair ach nach mó ná 225 ghran in aghaidh an chiliméadair, €1,250
- (XVI) is mó ná 225 ghran in aghaidh an chiliméadair, €2,400
- (XVII) ar leibhéal é—
 - (A) nach féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim a dhaingniú faoi threoir an deimhnithe iomchuí cineálcheadaithe CE nó an deimhnithe iomchuí comhréireachta CE, agus
 - (B) nach bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim sásta ina leith faoi threoir aon doiciméad eile a thabharfar ar aird mar thaca leis an dearbhú le haghaidh clárúcháin de bhun alt 131 den Acht Airgeadais, 1992, €2,400”.

Leasú ar alt 92 den Acht Airgeadais, 1989

36. (1) Leasaítear alt 92 den Acht Airgeadais, 1989—

- (a) i bhfo-alt (2)(a), trí “lena n-áirítear cibé critéir bhreise liachta i ndáil le míchumais a mheasfar is gá,” a scriosadh, agus
- (b) i bhfo-alt (5)—
 - (i) sa mhíniú ar “bundeimhniúchán liachta”, trí “dá réir sin;” a chur in ionad “dá réir sin.”, agus
 - (ii) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “bundeimhniúchán liachta”:

“ciallaíonn ‘duine atá míchumasaithe go trom agus go buan’ duine a chomhlíonann ceann amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas:

 - (a) tá an duine go hiomlán nó beagnach go hiomlán gan úsáid an dá chos;

- (b) tá an duine go hiomlán gan úsáid ceann amháin dá chosa nó dá cosa agus beagnach go hiomlán gan úsáid a bheith aige nó aici as an gcos eile ar shlí go gcuirtear srian mór air nó uirthi a ghéaga íochtaracha nó a géaga íochtaracha a chorraí;
 - (c) níl aon lámha nó níl aon sciatháin ag an duine;
 - (d) tá aon chos amháin ag an duine nó níl aon chosa aige nó aici;
 - (e) tá an duine go hiomlán nó beagnach go hiomlán gan úsáid an dá lámh nó an dá sciathán agus go hiomlán nó beagnach go hiomlán gan úsáid a bheith aige nó aici as cos amháin;
 - (f) tá an riocht sláinte abhcacht ar an duine agus tá deacrachtaí móra aige nó aici a ghéaga íochtaracha nó a géaga íochtaracha a chorraí.”.
- (2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 1 Eanáir 2021.

CUID 3

CÁIN BHREISLUACHA

Léiriú (Cuid 3)

37. Sa Chuid seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010.

Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht (léiriú - ginearálta)

38. Leasaítear alt 2(1) den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “earraí dochorraithe”:

“tá le ‘earraí dochorraithe’ an bhrí chéanna atá le ‘maoin dhochorraithe’ in Airteagal 13b (a cuireadh isteach le Rialachán Cur Chun Feidhme 1042/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013³⁰) de Rialachán Cur Chun Feidhme 282/2011/AE ón gComhairle an 15 Márta 2011³¹.”.

Leasú ar alt 46 den Phríomh-Acht (rátaí cánach)

39. Leasaítear an Príomh-Acht in alt 46(1) le héifeacht ón 1 Samhain 2020—

- (a) i mír (c), trí “faoi réir mhíreanna (ca) agus (cb)” a chur in ionad “faoi réir mhír (ca)”, agus
- (b) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (ca):

“(cb) le linn na tréimhse 1 Samhain 2020 go 31 Nollaig 2021, 9 faoin gcéad i ndáil le hearraí nó seirbhísí de chineál a shonraítear i míreanna 3(1), 3(3), 7(b) go (e), 8, 11 agus 13(3) de Sceideal 3 ar arbh inmhuirearaithe cáin de réir mhír (c) murach an mhír seo;”.

30 IO Uimh. L284, 26.10.2013, lch.1

31 IO Uimh. L77, 23.3.2011, lch.1

Leasú ar alt 86 den Phríomh-Acht (forálacha speisialta i leith cáin arna sonrasc ag feirmeoirí cothromráta)

40. Leasaítear alt 86 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1), le héifeacht ón 1 Eanáir 2021 trí “5.6 faoin gcéad” a chur in ionad “5.4 faoin gcéad”.

Ionadaí cánach

41. Leasaítear an Príomh-Acht—

- (a) in alt 5(1)(b), trí “94(3), 108C agus 109A” a chur in ionad “94(3) agus 108C”,
- (b) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 109:

“Ionadaí cánach

109A.(1) Faoi réir fho-ailt (2) agus (3), féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, i gcás gur dealraitheach dóibh gur gá déanamh amhlaidh chun an t-ioncam a chosaint, fógra i scríbhinn a sheirbheáil ar dhuine inchánach lena gceanglófar ar an duine ionadaí (dá ngairtear ‘ionadaí cánach’ san alt seo) atá bunaithe sa Chomhphobal a cheapadh chun bheith ina dhuine nó ina duine a bheidh faoi dhliteanas cáin atá dlite agus iníoctha ag an duine inchánach a íoc.

- (2) Beidh feidhm ag fo-alt (1) i gcás nach bhfuil an duine inchánach bunaithe sa Stát agus nach bhfuil aon ionstraim dhlíthiúil a bhaineann le cúnamh frithpháirteach ann a bhfuil raon feidhme aici de shamhail an raoin feidhme dá bhforáiltear i dTreoir 76/308/CEE³² agus i Rialachán (CE) Uimh. 1798/2003³³ leis an tír ina bhfuil an duine inchánach sin bunaithe.
- (3) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) maidir le duine inchánach nach bhfuil bunaithe laistigh den Chomhphobal a roghnaigh an scéim speisialta dá bhforáiltear faoi Roinn 2 de Chaibidil 6 de Theideal XII den Treoir CBL.
- (4) Beidh ionadaí cánach arna cheapadh nó arna ceapadh de réir fho-alt (1) faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach leis an duine inchánach dá dtagraítear san fho-alt sin i leith na cánach a bheidh dlite agus iníoctha ar sholáthairtí inchánacha an duine inchánach, agus beidh sé nó sí faoi dhliteanas an cháin sin a íoc amhail is gur cháin í a bheadh dlite agus iníoctha ag an ionadaí cánach de réir Chaibidil 3 de Chuid 9.
- (5) Maidir le fógra arna sheirbheáil faoi fho-alt (1)—
 - (a) ceanglófar leis ar an duine inchánach mionsonraí i dtaobh cheapachán an ionadaí cánach a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de thréimhse 21 lá ón tráth a gheofar an fógra,
 - (b) sonrófar ann an fhoirm ina ndéanfar na mionsonraí dá dtagraítear i mír (a) a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim, agus
 - (c) cuirfear in iúl ann don duine inchánach na hiarmhairtí, faoi alt 115(8C), a bhaineann le mainneachtain an fógra a chomhlíonadh.”

³² IO Uimh. L73, 19.3.1976, lch.18

³³ IO Uimh. L264, 15.10.2003, lch.1

(c) in alt 111(1)—

- (i) i mír (a), trí “nó 109A(4)” a chur isteach i ndiaidh “alt 108C(3)”, agus
- (ii) i bhfomhír (i)(I), trí “nó 109A(4)” a chur isteach i ndiaidh “alt 108C(3)”,

(d) in alt 115—

- (i) i bhfo-alt (1), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(c) Ní bheidh feidhm ag mír (a) maidir le duine, is ionadaí cánach arna cheapadh nó arna ceapadh de réir alt 109A, más rud é—

- (i) go bhfuil an duine sin faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach de bhua alt 109A, agus

- (ii) maidir leis an bpionós a d’eascródh thairis sin faoi mhír (a), nach mbaineann sé ach amháin leis an gcáin arb ina leith atá an duine sin faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach de bhua an ailt sin.”,

agus

- (ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (8B):

“(8C) Aon duine a mhainneoidh fógra arna sheirbheáil faoi alt 109A(1) a chomhlíonadh, dlífeair pionós €4,000 a chur air nó uirthi.”,

agus

- (e) in alt 116, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1A):

“(1B) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le duine, is ionadaí cánach arna cheapadh nó arna ceapadh de réir alt 109A, más rud é—

- (a) go bhfuil an duine sin faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach de bhua alt 109A, agus

- (b) maidir leis an bpionós a d’eascródh thairis sin faoin alt seo, nach mbaineann sé ach amháin le cáin arb ina leith atá an duine sin faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach de bhua an ailt sin.”.

Leasú ar alt 24, Sceideal 1 agus Sceideal 2 den Phríomh-Acht

42. (1) Leasaítear an Príomh-Acht—

- (a) in alt 24, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Maidir le hiarratas arna dhéanamh ag fórsaí armtha Ballstáit atá ag glacadh páirte in iarracht chosanta a dhéantar chun gníomhaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh faoi chomhbheartas slándála agus cosanta an Aontais Eorpaigh a chur i ngníomh, i leith earraí lena n-úsáid ag na fórsaí armtha sin nó lena n-úsáid ag an bhfoireann shibhialtach a bhíonn ag tionlacan na bhfórsaí armtha sin, ar earraí iad nár cheannaigh na fórsaí armtha sin faoi réir na rialacha ginearálta lena rialaítear cánachas ar mhargadh intíre Ballstáit, déileálfar leis mar fháil earraí laistigh den Chomhphobal ar chomaoín, i gcás nach mbeadh allmhairiú na n-earraí sin incháilithe don

diolúine dá bhforáiltear sna forálacha lena gcuirtear Airteagal 143(1)(ga) den Treoir CBL i ngníomh sa Bhallstát inar ceannaíodh na hearraí ar a mhargadh intíre.”,

- (b) i Sceideal 1, i mír 15, tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (2):

“(3) Fórsaí armtha Ballstáit seachas an Stát d’allmhairiú earraí lena n-úsáid ag na fórsaí sin nó ag an bhfoireann shibhialtach a bhíonn ag tionlacan na bhfórsaí sin nó mar sholáthairtí dá gcuid bialann nó dá gcuid ceaintíní, nuair a ghlacann na fórsaí sin páirt in iarracht chosanta a dhéantar chun gníomhaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh faoi chomhbheartas slándála agus cosanta an Aontais Eorpaigh a chur i ngníomh.”,

agus

- (c) i Sceideal 2, i mír 5—

- (i) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (1A):

“(1B) Earraí nó seirbhísí a sholáthar do Bhallstát seachas an Stát, i gcás go bhfuil na hearraí nó na seirbhísí sin beartaithe d’fhórsaí armtha aon stáit ar páirtí é i gConradh an Atlantaigh Thuaidh, seachas Ballstát cinn scríbe na n-earraí nó na seirbhísí, de réir mar a bheidh, ar earraí nó seirbhísí iad lena n-úsáid ag na fórsaí sin, nó ag an bhfoireann shibhialtach a bhíonn á dtionlacan, nó mar sholáthairtí dá gcuid bialann nó dá gcuid ceaintíní, nuair a ghlacann na fórsaí sin páirt i gcomhiarracht chosanta na bpáirtithe i gConradh an Atlantaigh Thuaidh.”,

agus

- (ii) trí na fomhíreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (1B) (a chuirtear isteach le *fomhír (i)*):

“(1C) Earraí nó seirbhísí a sholáthar laistigh den Stát, i gcás go bhfuil na hearraí nó na seirbhísí sin beartaithe d’fhórsaí armtha Ballstáit seachas an Stát lena n-úsáid ag na fórsaí sin, nó ag an bhfoireann shibhialtach a bhíonn á dtionlacan, nó mar sholáthairtí dá gcuid bialann nó dá gcuid ceaintíní, nuair a ghlacann na fórsaí sin páirt in iarracht chosanta a dhéantar chun gníomhaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh faoi chomhbheartas slándála agus cosanta an Aontais Eorpaigh a chur i ngníomh.

(1D) Earraí nó seirbhísí a sholáthar do Bhallstát seachas an Stát, i gcás go bhfuil na hearraí nó na seirbhísí sin beartaithe d’fhórsaí armtha aon Bhallstáit, seachas Ballstát cinn scríbe na n-earraí nó na seirbhísí, de réir mar a bheidh, lena n-úsáid ag na fórsaí sin, nó ag an bhfoireann shibhialtach a bhíonn á dtionlacan, nó mar sholáthairtí dá gcuid bialann nó dá gcuid ceaintíní, nuair a ghlacann na fórsaí sin páirt in iarracht chosanta a dhéantar chun gníomhaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh faoi chomhbheartas slándála agus cosanta an Aontais Eorpaigh a chur i ngníomh.”.

- (2) Tiocfaidh an t-alt seo, seachas *fo-alt (1)(c)(i)*, i ngníomh an 1 Iúil 2022.

Bia agus deoch**43. Leasaítear an Príomh-Acht—**

- (a) in alt 25, trí fho-alt (2) a scriosadh,
- (b) i Sceideal 2, i mír 8(1)—
 - (i) tríd an gclásal seo a leanas a chur in ionad chlásal (a):

“(a) soláthar lena mbaineann mír 3(1) nó (3) de Sceideal 3,”
 - (ii) i gclásal (b), trí “leis an mír seo,” a chur in ionad “leis an mír seo, agus”,
 - (iii) i gclásal (c), trí “den tábla sin, agus” a chur in ionad “den tábla sin.”, agus
 - (iv) tríd an gclásal seo a leanas a chur isteach i ndiaidh chlásal (c):

“(d) soláthar lena mbaineann mír 5(1) de Sceideal 1.”,

agus

- (c) i Sceideal 3—

- (i) i mír 1(1), tríd an míniú ar “i gcúrsa lónadóireachta” a scriosadh, agus
 - (ii) i mír 3—

- (I) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (1):

“(1) Soláthar seirbhísí bialainne nó lónadóireachta, seachas—

- (a) soláthar lena mbaineann mír 5(1) de Sceideal 1,
 - (b) soláthar bia agus dí a thagann faoi réim Chuid A den tábla maidir le bia agus deoch, agus
 - (c) soláthar bia agus dí a thagann faoi réim cholún (1) de Chuid E den tábla maidir le bia agus deoch, ach gan súnna a bhaintear as torthaí a áireamh.”

agus

- (II) trí fhomhír (2) a scriosadh.

Leasú ar Sceideal 2 (earraí agus seirbhísí nialas-rátaithe) a ghabhann leis an bPríomh-Acht agus ar alt 46 (rátaí cánach) den Phríomh-Acht**44. Leasaítear an Príomh-Acht—**

- (a) i mír 11 de Sceideal 2, tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (3):

“(4) (a) Soláthar trealaimh cosanta pearsanta, teirmiméadar, díghalráin lámh, ocsaigine, aerálaithe liachta agus saintrealaimh riospráide, lena n-áirítear análaitheoirí i gcomhair dianchúraim agus fo-dhianchúraim agus gairis teiripe ocsaigine eile, lena n-áirítear pubaill ocsaigine, nuair a sholáthraítear iad—

(i) dóibh seo a leanas—

(I) Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, lena n-úsáid i seachadadh seirbhísí cúraim sláinte a bhaineann le Covid-19, agus

(II) ospidéal, lia-chleachtóirí ginearálta, tithe banaltrais agus saoráidí cúraim cónaithe, lena n-úsáid i seachadadh seirbhísí cúraim sláinte a bhaineann le Covid-19 dá n-othair nó dá gcónaitheoirí, de réir mar a bheidh,

agus

(ii) faoi réir cibé ordú a dhéanfar faoi alt 46(5), le linn na tréimhse dar tosach an 9 Aibreán 2020 agus dar críoch an 30 Aibreán 2021.

(b) San fhomhír seo, tá le ‘Covid-19’ an bhrí chéanna atá leis san Acht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020.”,

agus

(b) in alt 46, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) (a) I gcás go nglacfaidh an Coimisiún Eorpach breith chun tréimhse feidhme an fhaoisimh arna dheonú le Cinneadh (AE) 2020/491 ón gCoimisiún a fhadú nó a fhadú tuilleadh go dtí dáta is déanaí ná an 30 Aibreán 2021 nó aon dáta is déanaí ná sin, de réir mar a bheidh (dá ngairtear an ‘tréimhse fhadaith’ sa mhír seo), déanfaidh an tAire, le hordú, fochlásal (ii) de mhír 11(4)(a) de Sceideal 2 a leasú chun an tréimhse a shonraítear san fhochlásal sin a fhadú nó a fhadú tuilleadh, de réir mar a bheidh, ar feadh na tréimhse fadaith sin.

(b) Féadfaidh éifeacht chúlghabhálach a bheith le hordú faoi mhír (a), má tá sé sainráite amhlaidh.

(c) Déanfar ordú faoi mhír (a) a leagan faoi bhráid Dháil Éireann a luaithis is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann Dáil Éireann, laistigh den 21 lá a shuífidh Dáil Éireann tar éis an t-ordú a leagan faoina bráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

(d) San fho-alt seo—

ciallaíonn ‘Cinneadh (AE) 2020/491 ón gCoimisiún’ Cinneadh (AE) 2020/491 ón gCoimisiún an 3 Aibreán 2020³⁴ maidir le faoiseamh ó dhleachtanna ar allmhairí agus díolúine CBL ar allmhairiú arna ndeonú le haghaidh earraí is gá chun éifeachtaí ráig Covid-19 a chomhrac le linn 2020, arna leasú le Cinneadh (AE) 2020/1101 ón gCoimisiún an 23 Iúil 2020³⁵ agus le Cinneadh (AE) 2020/1573 ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2020³⁶;

34 IO Uimh. L103, 3.4.2020, lch. 1

35 IO Uimh. L241, 27.7.2020, lch. 36

36 IO Uimh. L359, 29.10.2020, lch. 8

tá le ‘Covid-19’ an bhrí chéanna atá leis san Acht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020.”.

Leasú ar alt 120 den Phríomh-Acht agus ar Sceidil 1 agus 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht (cóiríocht)

45. Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) in alt 120(15), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) na himthosca, na téarmaí agus na coinníollacha faoina bhfuil (chun críocha mhír 11 de Sceideal 3)—

(i) ligean earraí dochorraithe ina ligean san earnáil aíochta nó san earnáil saoire, nó

(ii) cóiríocht ina cóiríocht aíochta nó ina cóiríocht saoire,”

(b) i gCuid 2 de Sceideal 1, i mír 11, trí “soláthairtí den chineál lena mbaineann mír 11 de Sceideal 3” a chur in ionad “cóiríocht óstáin nó cóiríocht saoire den chineál lena mbaineann mír 11 de Sceideal 3 a ligean”, agus

(c) i gCuid 2 de Sceideal 3, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír 11:

“11. Faoi réir rialachán, más ann—

(a) earraí dochorraithe a ligean (seachas i gcúrsa saoraidí den chineál a shonraítear i mír 12 a sholáthar), i gcás gurb é atá sna hearraí sin seomra in óstán nó i dteach aíochta, nó

(b) cóiríocht saoire nó aíochta a sholáthar—

(i) in óstán,

(ii) i dteach aíochta,

(iii) i dteach ina iomláine nó i gcuid de,

(iv) in árasán ina iomláine nó i gcuid de, nó

(v) i mbunachas eile,

lena n-áirítear áit i bpáirc carbhán nó i láithreán campála a ligean.”.

Leasú ar Sceidil 2 agus 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht

46. Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) i Sceideal 2—

(i) i gCuid 1—

(I) i mír 4, tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (2):

“(2A) Seirbhísí, seachas na cinn dá dtagraítear i bhfomhír (2), a sholáthar chun freastal ar riachtanais dhíreacha—

(a) soithí farraige lena mbaineann fomhír (2)(a) nó a lasta, nó

(b) aerárthaí lena mbaineann fomhír (2)(b) nó a lasta.”,

agus

(II) i mír 6(2), tríd an gclásal seo a leanas a chur in ionad chlásal (d):

“(d) seirbhísí den chineál dá dtagraítear—

(i) i mír 4(2) (Soithí farraige nó aerárthaí a sholáthar, a fhruiliú, a dheisiú, a chothabháil, etc.), nó

(ii) i mír 4(2A) (Chun freastal ar riachtanais dhíreacha soithí farraige nó aerárthaí nó a lasta);”,

agus

(ii) i gCuid 2, le héifeacht ón 1 Eanáir 2022, trí mhír 13(4) a scriosadh,

agus

(b) i gCuid 2 de Sceideal 3—

(i) le héifeacht ón 1 Eanáir 2021, tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 5:

“5A. Cupáin mhíosta, fobhrístí míosta agus spúinsí míosta.”,

agus

(ii) i mír 8, tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (3):

“(3) Daoine a ligean isteach chuig páirceanna aonaigh nó chuig páirceanna siamsa, ach gan aon chuid den táille chun daoine a ligean isteach amhlaidh agus a bhaineann le hearraí nó le seirbhísí seachas daoine a ligean isteach amhlaidh a áireamh.”.

CUID 4

DLEACHTANNA STAMPA

Léiriú (Cuid 4)

47. Sa Chuid seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999.

Leasú ar alt 31C den Phríomh-Acht (scaireanna a dhíorthaíonn luach ó mhaoin dhochorraithe atá suite sa Stát)

48. Leasaítear alt 31C den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

“(7A) I gcás go bhfuil comhaontú (de réir bhrí alt 31D) inmhuireacha i leith dleacht stampa faoi alt 31D agus, murach an t-alt sin, go ndéileálfaí leis mar thíolacadh nó aistriú ar dhíol chun críocha fho-alt (5) (de réir fho-

alt (7)), déileálfar leis an gcomhaontú amhlaidh agus ní bheidh sé innhuirearaithe i leith dleacht stampa faoi alt 31D.”.

Leasú ar alt 81C den Phríomh-Acht (faoiseamh breise comhdhlúthúcháin feirme)

49. (1) Leasaítear alt 81C den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1)(a), sa mhíniú ar “tréimhse iomchuí”, trí “an 31 Nollaig 2022” a chur in ionad “an 31 Nollaig 2020”, agus
- (b) i bhfo-alt (12), trí “an 31 Nollaig 2022” a chur in ionad “an 31 Nollaig 2020”.

(2) Tiocfaidh *fo-alt (1)* i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

Leasú ar alt 83D den Phríomh-Acht (dleacht stampa a aisíoc i gcás go n-úsáidtear talamh chun críoch cónaithe)

50. Leasaítear alt 83D den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-ailt (3)(c)(i) agus (5)(a), trí “30 mí” a chur in ionad “2 bhliain”,
- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) I gcás go bhfaighfear an talamh chun aonad teaghaise aonair a fhoirgníú—

- (a) ní bheidh feidhm ag fo-alt (3)(c)(ii), agus
- (b) i gcás go mbeidh dearbhú, á rá go bhfuil sé ar intinn gan bheith páirteach i ndeimhniú reachtúil, aighnithe de réir airteagal 9(5) de Rialacháin 1997 agus go mbeidh sé ar áireamh sa chlár poiblí de réir mhír (10) d’airteagal 20F de na Rialacháin sin, déileálfar leis an aonad teaghaise a shonraítear i bhfógra tosaigh, chun críocha an ailt seo, amhail is go bhfuil sé críochnaithe nuair a eiseofar deimhniú um chríochnú faoi fho-alt (13) nó (14) d’alt 9D den Acht um Rialáil Leictreachais, 1999 tráth nach déanaí ná 30 mí tar éis an dáta a sheolfaidh údarás rialaithe foirgníochta, de réir airteagal 10(2) nó 20A(3)(b), de réir mar a bheidh, de Rialacháin 1997, admháil i ndáil leis an bhfógra tosaigh sin.”,

agus

- (c) i bhfo-alt (18), trí “an 31 Nollaig 2022” a chur in ionad “an 31 Nollaig 2021”.

Rialacháin árachais – dleacht stampa

51. Leasaítear an Príomh-Acht—

- (a) in alt 103(1), sa mhíniú ar “duine cuí”—
 - (i) trí mhíreanna (e) agus (f) a scriosadh,
 - (ii) i mír (j), trí “dóibh féin,” a chur in ionad “dóibh féin;”, agus
 - (iii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (j):

“(k) gnóthas árachais (de réir bhrí Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Árachas agus Atharachas), 2015 (I.R. Uimh. 485 de 2015));”,

- (b) in alt 124B(1), i mír (b) den mhíniú ar “árachóir”, trí “sealbhóir ar údarú chun árachas a sheoladh d’aicme a liostaítear i Sceideal 2 a ghabhann le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Árachas agus Athárachas), 2015 (I.R. Uimh. 485 de 2015)” a chur in ionad “sealbhóir ar údarú de réir bhrí Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (Árachas Saoil), 1994 (I.R. Uimh. 360 de 1994)”;
- (c) in alt 125(1)—
- (i) sa mhíniú ar “méid inmheasúnaithe”, trí “treoirárachóir (mar a úsáidtear an téarma sin i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Árachas agus Athárachas), 2015 (I.R. Uimh. 485 de 2015))” a chur in ionad “treoirárachóir (de réir bhrí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Comhárachas), 1983 (I.R. Uimh. 65 de 1983))”, agus
- (ii) sa mhíniú ar “árachóir”, trí “sealbhóir ar údarú chun árachas a sheoladh d’aicme a liostaítear i Sceideal 1 a ghabhann le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Árachas agus Athárachas), 2015 (I.R. Uimh. 485 de 2015)” a chur in ionad “sealbhóir ar údarú de réir bhrí Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (Árachas Neamh-Shaoil), 1994 (I.R. Uimh. 359 de 1994)”;
- agus
- (d) in alt 125B(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “árachóir”:
- “ciallaíonn ‘árachóir’ sealbhóir ar údarú chun árachas a sheoladh d’aicme a liostaítear i Sceideal 2 a ghabhann le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Árachas agus Athárachas), 2015 (I.R. Uimh. 485 de 2015)”.

Leasú ar alt 126AA den Phríomh-Acht (tobhach breise ar fhorais airgeadais áirithe)

52. (1) Leasaítear alt 126AA(6) den Phríomh-Acht trí “308 faoin gcéad” a chur in ionad “170 faoin gcéad”.
- (2) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* i ndáil le ráiteas a bheidh le seachadadh de réir alt 126AA(2) den Phríomh-Acht don bhliain 2021.

Leasú ar Sceideal 1 a ghabhann leis an bPríomh-Acht (dleachtanna stampa ar ionstraimí)

53. Leasaítear Sceideal 1 a ghabhann leis an bPríomh-Acht, sa Cheannteideal “TÍOLACAS nó AISTRIÚ ar dhíol aon mhaoine seachas stoic nó urrúis inmhargaidh nó polasaí árachais nó polasaí árachais saoil”, i mír (5)(a)(ii), trí “an 1 Eanáir 2024” a chur in ionad “an 1 Eanáir 2021”.

CUID 5

CÁIN FÁLTAS CAIPITIÚIL

Léiriú (Cuid 5)

54. Sa Chuid seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.

Leasú ar alt 46 den Phríomh-Acht (tuairisceáin a sheachadadh)**55.** Leasaítear alt 46 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (4)—

- (a) trí “ríomh,” a chur in ionad “ríomh, nó” i mír (a), agus
- (b) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):
 - “(aa) i gcás gurb é atá sa bhronntanas, nó i gcás go n-áirítear ann, na nithe seo a leanas—
 - (i) maoin talmhaíochta de réir bhrí alt 89(1), nó
 - (ii) maoin ghnó iomchuí de réir bhrí alt 93(1), nó”.

Leasuithe ar an bPríomh-Acht i ndáil leis an teorainn ama 4 bliana le fiosrúcháin, measúnachtaí agus aisíocaí**56.** Leasaítear an Príomh-Acht—

- (a) in alt 46, i bhfo-alt (7A), trí na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (a) agus (b):
 - “(a) faoi réir mhíreanna (b) agus (c), an 31 Nollaig sa bhliain ina bhfaighidh na Coimisinéirí an tuairisceán iomchuí,
 - (b) i gcás oidhreachtaí dá dtagraítear in ailt 15(1) agus 20(1), an dáta a gheobhaidh na Coimisinéirí an tuairisceán iomchuí, nó
 - (c) más déanaí é ná an dáta dá dtagraítear i mír (a), i gcás gurb iomchuí comhlíonadh cibé coinníollacha maidir le measúnacht na cánach lena mbaineann, an dáta is déanaí nárbh fholáir na coinníollacha go léir le haghaidh faoisimh nó le haghaidh díolúine a chomhlíonadh.”
- (b) in alt 49—
 - (i) i bhfo-alt (6A), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):
 - “(a) Chun críocha fho-alt (6), maidir le measúnacht, measúnacht cheartaitheach nó measúnacht bhreise arna déanamh i dtaca le tuairisceán iomchuí nó i ndáil le tuairisceán iomchuí, ní fhéadfar í a dhéanamh tar éis dul in éag do thréimhse 4 bliana—
 - (i) ón 31 Nollaig sa bhliain ina bhfaighidh na Coimisinéirí an tuairisceán iomchuí, nó
 - (ii) i gcás oidhreachtaí dá dtagraítear in ailt 15(1) agus 20(1), ón dáta a gheobhaidh na Coimisinéirí an tuairisceán iomchuí.”
 - agus
 - (ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6B):
 - “(6B) D’ainneoin fho-alt (6A), féadfaidh na Coimisinéirí measúnacht, measúnacht cheartaitheach nó measúnacht bhreise a dhéanamh aon tráth—

- (a) i gcás go mbeidh forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go bhfuil aon chineál calaoise nó faillí (de réir na brí a thugtar in alt 46(7B)(b)) déanta ag aon duine cuntasach, nó thar ceann aon duine cuntasach, i dtaca le haon tuairisceán iomchuí nó i ndáil le haon tuairisceán iomchuí (de réir na brí a thugtar i bhfo-alt (6A)) is ábhar do mheasúnacht, nó
- (b) d'fhonn aon fhíoras nó ní a chur i gcuntas a eascróidh de bhíthin teagmhas a tharlóidh tar éis tuairisceán iomchuí a bheith faighte ag na Coimisinéirí.”,

agus

- (c) in alt 57(3), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) dar tosach an 31 Nollaig sa bhliain inar dlíodh an cháin sin a íoc de réir alt 46(2A), nó”.

CUID 6

ILGHNÉITHEACH

Léiriú (Cuid 6)

57. Sa Chuid seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

Leasú ar an bPríomh-Acht (achomhairc chun na gCoimisinéirí Achomhairc)

58. (1) Leasaítear an Príomh-Acht, i gCuid 40A—

- (a) in alt 949AP, i bhfo-alt (1), trí “Faoi réir alt 949AX, is cinneadh críochnaitheach dochloíte é cinneadh na gCoimisinéirí Achomhairc” a chur in ionad “Is cinneadh críochnaitheach dochloíte é cinneadh na gCoimisinéirí Achomhairc”,
- (b) in alt 949AV, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):
 - “(1) Faoi réir fho-ailt (4) agus (5) (i gcás treorú arna thabhairt faoi alt 949T(1)), féadfaidh na Coimisinéirí Achomhairc achomharc a dhíthe i gcás gur mhainnigh páirtí treorú a chomhlíonadh chun sástacht na gCoimisinéirí Achomhairc, is treorú arna thabhairt acu fúthu seo a leanas—
 - (a) fo-alt (1) d’alt 949E, i ndáil leis an ní dá dtagraítear i mír (2)(a) den alt sin,
 - (b) alt 949Q(1),
 - (c) alt 949S(1), nó
 - (d) alt 949T(1).”.

agus

- (c) tríd an gCaibidil seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chaibidil 7:

“CAIBIDIL 8

*Coimisinéir Achomhairc do scaradh le hoifig sula mbeidh achomharc críochnaithe***Coimisinéir Achomhairc do scaradh le hoifig: sula mbeidh cinneadh déanta**

949AW. Más rud é, i ndáil le hachomharc, go ndearna an Coimisinéir Achomhairc nó na Coimisinéirí Achomhairc a bhí i gceannas ar éisteacht—

- (a) an éisteacht a thosú ach nár chríochnaigh sé nó sí nó siad í, nó
- (b) an éisteacht a chríochnú ach nach ndearna sé nó sí nó siad cinneadh,

(agus gurb é is cúis leis an rud sin roimhe seo a fhágáil gan chríochnú nó gan déanamh Coimisinéir Achomhairc nó Coimisinéirí Achomhairc do scaradh le hoifig, is cuma cad iad na himthosca), maidir leis an achomharc, de réir mar a chinnfidh Coimisinéir Achomhairc eile nó Coimisinéirí Achomhairc eile—

- (i) déanfaidh Coimisinéir Achomhairc eile nó Coimisinéirí Achomhairc eile é a athéisteacht amhail is nár tosaíodh nó nár chríochnaíodh an chéad éisteacht, de réir mar a bheidh, nó
- (ii) in ionad é a athéisteacht, déanfaidh Coimisinéir Achomhairc eile nó Coimisinéirí Achomhairc eile é a bhreithniú de réir alt 949U.

Coimisinéir Achomhairc do scaradh le hoifig: sula mbeidh cás sonraithe críochnaithe agus sínithe

949AX. (1) Más rud é—

- (a) i ndáil le hachomharc, go mbeidh cinneadh déanta,
- (b) go mbeidh fógra eisithe i ndáil leis an gcinneadh sin faoi alt 949AP(2), agus
- (c) go mbeidh aon cheann de na bearta a ghabhann le sonrú agus síniú cáis chun tuairim na hArd-Chúirte a fháil ar an gcinneadh fós le déanamh (agus gurb é is cúis leis na bearta sin a fhágáil gan déanamh an Coimisinéir Achomhairc nó na Coimisinéirí Achomhairc a bhí i gceannas ar an éisteacht lena mbaineann do scaradh le hoifig, is cuma cad iad na himthosca),

seirbheálfaidh Coimisinéir Achomhairc eile nó Coimisinéirí Achomhairc eile fógra ar gach páirtí de na páirtithe san achomharc ina n-iarrfar ar an bpáirtí a rá leis an gCoimisinéir Achomhairc eile nó leis na Coimisinéirí Achomhairc eile, laistigh de thréimhse a shonrófar san fhógra, cibé acu is mian leis an bpáirtí—

- (i) go ndéanfadh an Coimisinéir Achomhairc eile nó na Coimisinéirí Achomhairc eile an t-achomharc a athéisteacht,
- (ii) go ndéanfadh an Coimisinéir Achomhairc eile nó na Coimisinéirí Achomhairc eile an t-achomharc a bhreithniú de réir alt 949U, nó

- (iii) go ndéanfaí na bearta atá fós le déanamh, is bearta a ghabhann le sonrú agus síniú cáis chun tuairim na hArd-Chúirte a fháil ar an gcinneadh, mar a shonraítear in alt 949AQ.
- (2) I gcás go ndéarfaidh an dá pháirtí leis an gCoimisinéir Achomhairc eile nó leis na Coimisinéirí Achomhairc eile, laistigh den tréimhse a shonrófar san fhógra arna sheirbheáil faoi fho-alt (1)—
 - (a) gur mian leo go ndéanfadh an Coimisinéir Achomhairc eile nó na Coimisinéirí Achomhairc eile an t-achomharc a athéisteacht, déanfaidh an Coimisinéir Achomhairc eile nó na Coimisinéirí Achomhairc eile an t-achomharc a athéisteacht agus ní dhéanfar aon bhearta breise i ndáil leis an gcás sonraithe lena mbaineann faoi alt 949AQ,
 - (b) gur mian leo go ndéanfadh an Coimisinéir Achomhairc eile nó na Coimisinéirí Achomhairc eile an t-achomharc a bhreithniú de réir alt 949U, déanfar an t-achomharc a bhreithniú amhlaidh agus ní dhéanfar aon bhearta breise i ndáil leis an gcás sonraithe lena mbaineann faoi alt 949AQ, nó
 - (c) gur mian leo go ndéanfaí na bearta atá fós le déanamh, is bearta a ghabhann le sonrú agus síniú cáis chun tuairim na hArd-Chúirte a fháil ar an gcinneadh, mar a shonraítear in alt 949AQ, féadfaidh an Coimisinéir Achomhairc eile nó na Coimisinéirí Achomhairc eile agus na páirtithe na bearta atá fós le déanamh a dhéanamh i ndáil leis an gcás sonraithe faoin alt sin agus beidh feidhm ag an alt sin dá réir sin.
- (3) Mura mbeidh ráiteas a thagann faoi réim fho-alt (2)(a), (b) nó (c) mar thoradh ar fhógra a sheirbheáil faoi fho-alt (1), féadfaidh an Coimisinéir Achomhairc eile nó na Coimisinéirí Achomhairc eile agus na páirtithe na bearta atá fós le déanamh, is bearta a ghabhann le sonrú agus síniú cáis chun tuairim na hArd-Chúirte a fháil ar an gcinneadh, mar a shonraítear in alt 949AQ, a dhéanamh i ndáil leis an gcás sonraithe faoin alt sin agus beidh feidhm ag an alt sin dá réir sin.
- (4) Beidh feidhm ag fo-alt (5) maidir le cás sonraithe a chuirfear chun na hArd-Chúirte in imthosca ina bhféadfaidh Coimisinéir Achomhairc nó Coimisinéirí Achomhairc seachas an Coimisinéir Achomhairc nó na Coimisinéirí Achomhairc a d'éist an t-achomharc is ábhar do chás sonraithe, de bhua an ailt seo, an cás sonraithe a chríochnú agus a shíniú, agus an tagairt i bhfo-alt (5) do na himthosca iomchuí is tagairt í don dá ní seo a leanas—
 - (a) an dara Coimisinéir Achomhairc nó na dara Coimisinéirí Achomhairc a luaitear san fho-alt seo do scaradh le hoifig, is cuma cad iad na himthosca, agus
 - (b) an chéad Choimisinéir Achomhairc nó na chéad Choimisinéirí Achomhairc a luaitear san fho-alt seo do chríochnú agus do shíniú an cháis shonraithe.

(5) Más rud é, ar chás sonraithe lena mbaineann an fo-alt seo a chur chuici nó dá éis sin, gurb é tuairim na hArd-Chúirte, ag féachaint don mhéid seo a leanas—

- (a) na saincheistanna áirithe a eascraíonn as an gcás sonraithe, nó
- (b) an dóchúlacht go bhfeidhmeoidh sí na cumhachtaí faoi alt 949AR(1) (b) nó (2) i ndáil leis an gcás sonraithe,

nach mbeadh sé i gcomhréir le riaradh cuí an cheartais í do dhul ar aghaidh le déileáil, nó le déileáil tuilleadh, leis an gcás sonraithe, mar gheall ar na himthosca iomchuí, diúltóidh sí déileáil, nó déileáil tuilleadh, leis an gcás sonraithe agus féadfaidh sí ordú a dhéanamh á threorú go ndéanfaidh na Coimisinéirí Achomhairc an t-achomharc, is ábhar don chás sonraithe, a athéisteacht nó cibé ordú eile a dhéanamh a mheasfaidh sí a bheith cóir.”.

(2) Leasaítear an Príomh-Acht, in alt 959AF—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “Faoi réir fho-alt (1A), aon duine arb éagóir leis nó léi” a chur in ionad “Aon duine arb éagóir leis nó léi”, agus
- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Ní bheidh aon ábhar achomhairc ann i gcoinne measúnachta ná i gcoinne measúnacht leasaithe i gcás go mbaineann an t-aon ní, arb éagóir leis an duine ar a ndearnadh an mheasúnacht nó an mheasúnacht leasaithe, de réir mar a bheidh, le formhuirear arna fhorchur faoi alt 1084(2), ach amháin i gcás go mbaineann an foras atá ag an duine sin leis an achomharc leo seo a leanas—

- (a) ní dá dtagraítear in alt 1084(1)(b), nó
- (b) an dáta a seachadadh an tuairisceán ioncaim do thréimhse inmhuirearaithe.”.

Nochtadh sainordaitheach idirbheart áirithe

59. Leasaítear an Príomh-Acht—

- (a) i gCuid 33—
 - (i) in alt 817O—
 - (I) i bhfo-alt (1)(b), trí “alt 817E(a), 817E(b), 817F, 817G nó 817H(1), de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “alt 817E, 817F, 817G nó 817H(1),”, agus
 - (II) i bhfo-alt (2), tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “lá iomchuí”:

“ciallaíonn ‘lá iomchuí’ an chéad lá tar éis dheireadh na tréimhse a shonraítear in alt 817E(a), 817E(b), 817F, 817G nó 817H(1), de réir mar a bheidh, ar lena linn a dhéanfar an oibleagáid arna forchur ar dhuine le halt 817E(a), 817E(b), 817F, 817G nó 817H(1), de réir mar a bheidh, a urscaoileadh.”.

(ii) in alt 817RA(1), tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘na hAchtanna’—

- (a) Codanna 18C agus 18D,
- (b) an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,
- (c) an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,
- (d) na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil,
- (e) na hAchtanna Cánach, agus
- (f) aon ionstraimí arna ndéanamh faoi aon cheann de na hachtacháin dá dtagraítear i míreanna (a) go (e);”,

(iii) in alt 817RB, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) An tagairt i bhfo-alt (1) do ‘cáin’, ní fholóidh sí ná ní dhéanfar í a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt d’aon cheann de na nithe seo a leanas:

- (a) cáin bhreisluacha, dleachtanna custam, nó dleachtanna máil arna cumhdach nó arna gcumhdach le reachtaíocht eile den Aontas Eorpach maidir le comhar riaracháin idir Ballstáit;
- (b) ranníocaí slándála sóisialaí éigeantacha is iníoctha le Ballstát nó le foroinn de chuid Ballstáit nó le forais slándála sóisialaí arna mbunú faoi dhlí poiblí;
- (c) táillí, amhail le haghaidh deimhnithe agus doiciméid eile arna n-eisiúint ag údaráis phoiblí;
- (d) díri de chineál conarthach, amhail comaoin i leith fónais phoiblí.”,

(iv) in alt 817RC—

(I) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

“(6A) Beidh idirghabhálaí díolmhaithe ó thuairisceán a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim faoin alt seo más rud é go mbeidh an méid seo a leanas faighte ag an idirghabhálaí, i scríbhinn, ó aon idirghabhálaí eile a mbeidh baint aige nó aici leis an gcomhshocraíocht trasteorann intuairiscithe chéanna—

- (a) daingniú gur sholáthair an t-idirghabhálaí eile sin an fhaisnéis shonraithe d’údarás inniúil Ballstáit eile,
- (b) cóip den fhaisnéis shonraithe arna soláthar don údarás inniúil dá dtagraítear i mír (a), agus
- (c) an uimhir thagartha arna sannadh ag an údarás inniúil dá dtagraítear i mír (a) don chomhshocraíocht.”,

agus

(II) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (10):

“(10) I gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (9)(b), déanfaidh an t-idirghabhálaí lena mbaineann fógra a thabhairt gan mhoill don cháiniócoir iomchuí maidir leis na hoibleagáidí arna bhforchur ar an gcáiniócoir iomchuí sin faoin gCaibidil seo.”,

(v) in alt 817RD—

(I) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) Beidh cáiniócoir iomchuí díolmhaithe ó thuairisceán a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim faoin alt seo más rud é go mbeidh an méid seo a leanas faighte ag an gcáiniócoir iomchuí, i scríbhinn, ó idirghabhálaí nó ó aon cháiniócoir iomchuí eile a mbeidh baint aige nó aici leis an gcomhshocraíocht trasteorann intuairiscithe chéanna, de réir mar a bheidh—

(a) daingniú gur sholáthair idirghabhálaí den sórt sin nó cáiniócoir iomchuí eile den sórt sin, de réir mar a bheidh, an fhaisnéis shonraithe do na Coimisinéirí Ioncaim i dtuairisceán arna thabhairt faoin gCaibidil seo, agus

(b) an uimhir thagartha arna sannadh ag na Coimisinéirí Ioncaim don chomhshocraíocht.”,

agus

(II) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (8):

“(8) Is duine inmhuirearaithe chun críocha Chuid 41A aon duine a bhaineann buntáiste cánach nó a fhéachann le buntáiste cánach a bhaint as comhshocraíocht trasteorann intuairiscithe, i gcás gur i leith cáin, dleacht, tobhach nó muirear a chuirtear faoi chúram agus faoi bhainistiú na gCoimisinéirí Ioncaim de réir na nAchtanna a bheidh buntáiste cánach den sórt sin.”,

agus

(vi) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 817RH:

“Comhshocraíochtaí sonraithe

817RI. (1) Chun críocha an ailt seo, ciallaíonn ‘comhshocraíocht shonraithe’ comhshocraíocht atá faoi réim ceann amháin de na haicmí comhshocraíochtaí a shonraítear i Sceideal 34.

(2) Maidir le comhshocraíocht shonraithe—

(a) ina mbeadh, murach oibriú an ailt seo, an sainmharc a thuairiscítear i mír (3) d’earnáil A de na sainmharcanna,

(b) a chomhlíonann an tástáil um príomhthairbhe dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV den Treoir, agus

(c) a chomhlíonann na coinníollacha a shonraítear i bhfo-alt (3),

measfar nach bhfuil an sainmharc a thuairiscítear i mír (3) d’earnáil A de na sainmharcanna inti.

(3) Is iad na coinníollacha dá dtagraítear i bhfo-alt (2)—

- (a) go n-eascróidh an buntáiste cánach de bhua an chomhshocraíocht a bheith faoi réim ceann amháin de na haicmí comhshocraíochtaí a shonraítear i Sceideal 34, agus dá bhua sin amháin, agus
- (b) nach idirbheart seachanta cánach í an chomhshocraíocht shonraithe de réir bhrí alt 811C.”,

agus

(b) tríd an Sceideal seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Sceideal 33:

“SCEIDEAL 34

Alt 817RI

COMHSHOCRAÍOCHTAÍ SONRAITHE DÁ DTAGRAÍTEAR IN ALT 817RI

Is iad seo a leanas na haicmí comhshocraíochtaí dá dtagraítear in alt 817RI:

1. Comhshocraíocht imghéillte tuarastail arna ceadú faoi alt 118B.
2. Áitiú coillearnaí mar a fhoráiltear le halt 232.
3. Pearsa aonair do dhiúscairt coillearnaí mar a fhoráiltear le halt 564.
4. Scéim sochar scoir de réir bhrí alt 771, arna ceadú de thuras na huaire ag na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha Chaibidil 1 de Chuid 30.
5. Conradh blianachta nó scéim iontaobhais, nó cuid de Scéim Iontaobhais, arna cheadú nó arna ceadú de thuras na huaire ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi alt 784.
6. Conradh CCSP (de réir bhrí alt 787A) i leith táirge CCSP (de réir bhrí an ailt sin).
7. Plean cáilitheach pinsin thar lear de réir bhrí Chaibidil 2B de Chuid 30.
8. Scéim brabús-roinnte arna ceadú ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi Chuid 2 de Sceideal 11.
9. Iontaobhas scairúinéireachta d’fhostaithe arna cheadú ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi mhír 2 de Sceideal 12.
10. Scéim scair-rogha coigilteas-choibhneasa arna ceadú ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi mhír 2 de Sceideal 12A.
11. Scéim coigiltis chonarthach dheimhnithe arna deimhniú ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi Sceideal 12B.
12. Scéim scair-rogha arna ceadú ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi mhír 2 de Sceideal 12C.”.

Rialacháin árachais**60. Leasaítear an Príomh-Acht—**

- (a) in alt 470(1), sa mhíniú ar “árachóir údaraithe”, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b)(i):

“(i) aon ghnóthas a bheidh arna údarú fúthu seo a leanas—

(I) Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (Árachas Neamh-Shaoil), 1994 (I.R. Uimh. 359 de 1994), nó

(II) Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Árachas agus Athárachas), 2015 (I.R. Uimh. 485 de 2015), i leith árachas d’aicme a liostaítear i Sceideal 2 a ghabhann leis na Rialacháin sin,

nó”,

- (b) in alt 588(1), sa mhíniú ar “cuideachta árachais”, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) duine a shealbhaíonn údarú—

(i) de réir bhrí Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (Árachas Saoil), 1994 (I.R. Uimh. 360 de 1994), nó

(ii) faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Árachas agus Athárachas), 2015 (I.R. Uimh. 485 de 2015), i leith árachas d’aicme a liostaítear i Sceideal 2 a ghabhann leis na Rialacháin sin;”,

- (c) in alt 594(1)(c)(i), sa mhíniú ar “cuideachta árachais”, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad chlásal (II):

“(II) duine a shealbhaíonn údarú—

(A) de réir bhrí Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (Árachas Saoil), 1994 (I.R. Uimh. 360 de 1994), nó

(B) faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Árachas agus Athárachas), 2015 (I.R. Uimh. 485 de 2015), i leith árachas d’aicme a liostaítear i Sceideal 2 a ghabhann leis na Rialacháin sin;”,

- (d) in alt 706(1), sa mhíniú ar “cuideachta árachais”, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) duine a shealbhaíonn údarú—

(i) de réir bhrí Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (Árachas Saoil), 1994 (I.R. Uimh. 360 de 1994), nó

(ii) faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Árachas agus Athárachas), 2015 (I.R. Uimh. 485 de 2015), i leith árachas d’aicme a liostaítear i Sceideal 2 a ghabhann leis na Rialacháin sin;”,

- (e) in alt 730D(2A)(b)(i)(II), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhochlásal (A):

“(A) go ndéanann an chuideachta árachais a thosaigh an polasaí saoil an gnó ón Stát a fhrithgheallúint ar bhonn saoirse seirbhísí faoi Rialachán 50 de Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (Árachas Saoil), 1994 (I.R. Uimh. 360 de 1994), faoi Rialacháin 154 go 163 de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Árachas agus Athárachas), 2015 (I.R. Uimh. 485 de 2015) nó faoi chomhshocraíocht chomhionann eile i stát de chuid LEE, agus”,

(f) in alt 784A(1)(a), i mír (j) den mhíniú ar “bainisteoir ciste cháilithigh”—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

“(i) údarú faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Árachas agus Athárachas), 2015 (I.R. Uimh. 485 de 2015), i leith árachas d’aicme a liostaítear i Sceideal 2 a ghabhann leis na Rialacháin sin, nó”,

(ii) i bhfomhír (ii), trí “i mBallstát den Aontas Eorpach (seachas an Stát), san Íoslainn, i Lichtinstéin nó san Iorua de réir Airteagal 14 de Threoir 2009/138/CE³⁷” a chur in ionad “i mBallstát seachas an Stát de réir Airteagal 6 de Threoir Uimh. 79/267/CEE”, agus

(iii) trí fhomhír (iii) a scriosadh,

(g) in alt 891B(1), sa mhíniú ar “cuideachta árachais”, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) duine a shealbhaíonn údarú—

(i) de réir bhrí Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (Árachas Saoil), 1994 (I.R. Uimh. 360 de 1994), nó

(ii) faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Árachas agus Athárachas), 2015 (I.R. Uimh. 485 de 2015), i leith árachas d’aicme a liostaítear i Sceideal 2 a ghabhann leis na Rialacháin sin;”,

agus

(h) in alt 902B(1), sa mhíniú ar “cuideachta árachais”, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) duine a shealbhaíonn údarú—

(i) de réir bhrí Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (Árachas Saoil), 1994 (I.R. Uimh. 360 de 1994), nó

(ii) faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Árachas agus Athárachas), 2015 (I.R. Uimh. 485 de 2015), i leith árachas d’aicme a liostaítear i Sceideal 2 a ghabhann leis na Rialacháin sin;”.

37 IO Uimh. L335, 17.12.2009, lch. 1

Tuairisceáin ar idirbhearta cárta íocaíochta áirithe ó sholáthraithe cárta íocaíochta

61. Leasaítear Cuid 38 den Phríomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 891D:

“Tuairisceáin ar idirbhearta cárta íocaíochta áirithe ó sholáthraithe cárta íocaíochta**891DA.(1) San alt seo—**

tá le ‘na hAchtanna’ an bhrí chéanna atá leis in alt 851A;

ciallaíonn ‘oifigeach údaraithe’ oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim arna údarú nó arna húdarú acu i scríbhinn chun na cumhachtaí a thugtar leis an alt seo a fheidhmiú;

ciallaíonn ‘idirbheart cárta íocaíochta trasteorann’ idirbheart cárta íocaíochta i gcás go bhfuil an t-íocaí suite in áit seachas an Stát;

ciallaíonn ‘Comhaontú LEE’ an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a síníodh in Porto an 2 Bealtaine 1992 arna choigeartú leis na leasuithe go léir ina dhiaidh sin ar an gComhaontú sin;

ciallaíonn ‘stát de chuid LEE’ stát is páirtí conarthach i gComhaontú LEE;

ciallaíonn ‘íocaí’, i ndáil le hidirbheart cárta íocaíochta trasteorann, an duine a ghlacann leis an íocaíocht lena mbaineann;

ciallaíonn ‘cárta íocaíochta’ aon chárta arna eisiúint ag soláthraí cárta íocaíochta de bhun comhaontú nó comhshocraíocht lena ndéantar foráil maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) eisitheoir nó eisitheoirí cártaí den sórt sin,
- (b) líonra daoine nach bhfuil baint acu le chéile, ná leis an eisitheoir, a chomhaontaíonn glacadh le cártaí den sórt sin mar íocaíocht, agus
- (c) caighdeán agus sásraí chun na hidirbhearta idir eisitheoirí cártaí den sórt sin agus na daoine a chomhaontaíonn glacadh le cártaí den sórt sin mar íocaíocht a shocrú,

agus maidir le haon uimhir chuntais nó tascairí eile a ghabhann le cárta íocaíochta a ghlacadh mar íocaíocht, déileálfar leo, chun críocha an ailt seo, ar an modh céanna ar a ndéileáiltear le híocaíocht chárta den sórt sin a ghlacadh mar íocaíocht;

ciallaíonn ‘soláthraí cárta íocaíochta’—

- (a) duine—
 - (i) is sealbhóir ar cheadúnas arna dheonú faoi alt 9 d’Acht an Bhainc Ceannais, 1971, nó ar údarú arna dheonú faoi alt 9A den Acht sin, nó
 - (ii) a shealbhaíonn ceadúnas nó údarú eile den tsamhail chéanna faoi dhlí stáit de chuid LEE, seachas an Stát, a fhreagraíonn do cheadúnas arna dheonú faoi alt 9 d’Acht an Bhainc Ceannais, 1971,

- (b) institiúid íocaíochta (de réir bhrí Rialachán 18 de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Seirbhísí Íocaíochta), 2018 (I.R. Uimh. 6 de 2018)) atá údaraithe ag Banc Ceannais na hÉireann chun gnó institiúide íocaíochta a sheoladh, nó

- (c) Banc Taisce an Phoist;

ciallaíonn ‘idirbheart cárta íocaíochta’ aon idirbheart ina nglactar le cárta íocaíochta iomchuí mar íocaíocht i gcás nach dtíolactar an cárta íocaíochta iomchuí go fisiciúil don íocaí;

ciallaíonn ‘cárta íocaíochta iomchuí’ cárta íocaíochta a eisítear chuig duine a bhfuil seoladh poist aige nó aici atá, chun na críche a bhaineann le heisiúint an chárta, sa Stát;

tá le ‘cáin’ an bhrí chéanna atá leis in alt 851B;

tá le ‘UAC’ an bhrí chéanna atá leis in alt 891G;

- (2) D’fhonn céannú íocaithe a chumasú, is íocaithe a bhféadfadh oibleagáid a bheith orthu cáin a íoc nó a thraiseoladh faoi na hAchtanna, agus d’fhonn a chinneadh agus a áirithiú go gcomhlíonfaidh íocaithe aon oibleagáidí arna bhforchur orthu leis na hAchtanna i ndáil leis na nithe seo a leanas—

- (a) íoc nó traiseoladh cánacha, úis nó pionós a cheanglaítear a íoc nó a thraiseoladh faoi na hAchtanna, agus

- (b) seachadadh aon tuairisceán atá le tabhairt faoi na hAchtanna,

féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, le toiliú an Aire Airgeadais, foráil a dhéanamh le rialacháin go gceanglófar ar sholáthraí cárta íocaíochta tuairisceán ar cibé faisnéis a shonrófar sna rialacháin a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le hidirbhearta cárta íocaíochta trasteorann.

- (3) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (2), féadfaidh a bheith i rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo, go háirithe, foráil maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) i leith tuairisceán a cheanglófar a thabhairt faoi na rialacháin—

- (i) an tréimhse arb ina leith a bheidh an tuairisceán le tabhairt,

- (ii) an dáta faoina mbeidh an tuairisceán le tabhairt, agus

- (iii) an modh ar a mbeidh an tuairisceán le tabhairt,

- (b) na mionsonraí seo a leanas i leith íocaithe a bheidh le háireamh sa tuairisceán:

- (i) ainm nó ainm gnó gach íocaí;

- (ii) seoladh nó seoladh ríomhphoist gach íocaí;

- (iii) UAC gach íocaí;

- (iv) Uimhir Idirnáisiúnta Cuntais Baine, nó a comhionann, gach íocaí;

- (v) Cód Céannachtóra Baine, nó céannachtóir comhionann, gach íocaí;
 - (vi) cibé mionsonraí eile a mheasfaidh na Coimisinéirí Ioncaim is gá agus is cuí chun céannacht gach íocaí a chinneadh,
- (c) na mionsonraí seo a leanas i leith íocaíochtaí arna ndéanamh de bhun idirbhearta cárta íocaíochta trasteorann a bheidh le háireamh sa tuairisceán:
- (i) dáta agus am gach íocaíochta;
 - (ii) méid gach íocaíochta agus an t-airgeadra ina ndearnadh gach íocaíocht,
- (d) faoi réir fho-alt (4), an aicme nó na haicmí íocaithe arb ina leith a bheidh an fhaisnéis a shonrófar sna rialacháin le háireamh sa tuairisceán, agus
- (e) faoi réir fho-alt (5), an aicme nó na haicmí soláthraithe cárta íocaíochta a gceanglófar orthu tuairisceán a thabhairt.
- (4) (a) Faoi réir mhír (b) agus chun críocha fho-alt (3)(d), déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, ag féachaint do na críocha a shonraítear i bhfo-alt (2), a shonrú sna rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo an aicme nó na haicmí íocaithe faoi threoir an lín agus an luacha chomhiomláin d'idirbhearta cárta íocaíochta trasteorann a ghabhann le cártaí íocaíochta iomchuí arna n-eisiúint ag soláthraí cárta íocaíochta.
- (b) Maidir leis an aicme nó na haicmí íocaithe a shonrófar de réir mhír (a) i rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo, ní bheidh ar áireamh inti ná iontu aon íocaí a chomhlíonfaidh ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:
- (i) le linn na tréimhse a shonrófar i rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo arb ina leith a cheanglófar tuairisceán a thabhairt, go nglacfaidh an t-íocaí le híocaíocht de bhun líon is lú ná 100 idirbhearta cárta íocaíochta trasteorann a ghabhann le cártaí íocaíochta iomchuí arna n-eisiúint ag an soláthraí cárta íocaíochta a bheidh ag tabhairt an tuairisceáin;
 - (ii) gur lú ná €10,000 luach comhiomlán na n-idirbhearta cárta íocaíochta trasteorann arb ina leith a ghlacfaidh an t-íocaí le híocaíocht a ghabhann le cártaí íocaíochta iomchuí arna n-eisiúint ag an soláthraí cárta íocaíochta a bheidh ag tabhairt an tuairisceáin.
- (c) I gcás gur lú ná 12 mhí an tréimhse a shonrófar i rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo arb ina leith a cheanglófar tuairisceán a thabhairt, déanfar an líon idirbhearta cárta íocaíochta a shonraítear i mír (b)(i) agus an luach comhiomlán d'idirbhearta cárta íocaíochta a shonraítear i mír (b)(ii) a laghdú *pro rata*.
- (5) Chun críocha fho-alt (3)(e), déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, ag féachaint do na críocha a shonraítear i bhfo-alt (2), a shonrú sna rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo an aicme nó na haicmí soláthraithe cárta

íocaíochta faoi threoir an lín cártaí íocaíochta iomchuí arna n-eisiúint ag soláthraí cárta íocaíochta agus faoi threoir an luacha chomhiomláin d'idirbhearta cárta íocaíochta a ghabhann leis na cártaí íocaíochta iomchuí sin.

- (6) Faoi réir fho-alt (7), féadfaidh oifigeach údaraithe gach tráth réasúnach dul isteach in aon áitreabh nó áit ghnó de chuid soláthraí cárta íocaíochta—

(a) chun a chinneadh—

(i) an raibh faisnéis a bhí ar áireamh i dtuairisceán a thug an soláthraí cárta íocaíochta faoi rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo ceart agus iomlán, nó

(ii) maidir le faisnéis nach raibh ar áireamh i dtuairisceán den sórt sin, ar cheart gan í a áireamh amhlaidh,

nó

(b) chun scrúdú a dhéanamh ar na nósanna imeachta atá curtha ar bun ag an soláthraí cárta íocaíochta sin chun a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí an tsoláthraí sin faoin alt seo nó faoi rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo.

- (7) Ní rachaidh oifigeach údaraithe, seachas le toiliú an áititheora, isteach i dteaghais phríobháideach gan barántas arna eisiúint faoi fho-alt (8) á údarú dó nó di dul isteach.

- (8) Féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche, más deimhin leis nó léi ar fhianaise faoi mhionn ó oifigeach údaraithe—

(a) go bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann go bhfuil aon fhaisnéis nó taifid, a bheidh ag teastáil le réasún ón oifigeach údaraithe chun críocha a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin alt seo, á sealbhú in aon áitreabh nó i gcuid d'aon áitreabh, agus

(b) gur coisceadh ar oifigeach údaraithe, le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin alt seo a chomhlíonadh, dul isteach san áitreabh nó in aon chuid de,

barántas a eisiúint á údarú don oifigeach údaraithe, agus daoine eile ina theannta nó ina teannta más gá, aon tráth nó tráthanna laistigh de 30 lá ó dháta eisiúna an bharántais, agus ar an mbarántas a thabhairt ar aird má iarrtar air nó uirthi amhlaidh, dul isteach, le forneart réasúnach más gá, san áitreabh nó sa chuid den áitreabh lena mbaineann, agus gach ceann nó aon cheann de na feidhmeanna a thugtar don oifigeach údaraithe faoin alt seo a chomhlíonadh.

- (9) (a) Beidh feidhm ag alt 898O—

(i) maidir le mainneachtain ag soláthraí cárta íocaíochta tuairisceán a cheanglófar a thabhairt faoi rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo a sheachadadh, agus maidir le gach uile mhainneachtain den sórt sin, agus

- (ii) maidir le tuairisceán mícheart nó neamhiomlán a thabhairt,
mar atá feidhm aige maidir le mainneachtain tuairisceán a sheachadadh nó maidir le tuairisceán mícheart nó neamhiomlán a thabhairt dá dtagraítear in alt 898O.
- (b) Aon soláthraí cárta íocaíochta nach gcomhlíonfaidh—
- (i) ceanglais ó oifigeach údaraithe le linn cumhachtaí nó dualgais an oifigigh faoin alt seo a fheidhmiú nó a chomhlíonadh, nó
- (ii) aon cheanglas arna fhorchur ar an soláthraí cárta íocaíochta leis an alt seo nó le rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo,
dlífeair pionós €1,265 a chur air nó uirthi.
- (10) Ní bheidh feidhm ag alt 4 den *Post Office Savings Bank Act* 1861 maidir le nochtadh faisnéise a cheanglófar a áireamh i dtuairisceán a thabharfar faoi rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo agus, dá réir sin, beidh feidhm ag an alt seo maidir le faisnéis a mbeadh feidhm ag an alt sin 4 maidir léi murach an fo-alt seo.
- (11) Gach rialachán a dhéanfar faoin alt seo, leagfar é faoi bhráid Dháil Éireann a luaithé is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann Dáil Éireann, laistigh den 21 lá a shuífidh Dáil Éireann tar éis an rialachán a leagan faoina bráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.”.

Leasuithe de dhroim ascnamh scaireanna chuig taisclann lárnach urrús AE

62. (1) Leasaítear an Príomh-Acht—

- (a) in alt 172A(1)(a), tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “cód aitheantais faighteora”:

“tá le ‘idirghabhálaí cáilitheach aitheanta’, i ndáil le dáileadh iomchuí, an bhrí a shanntar dó le halt 172FA;”;

- (b) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 172F:

“Idirghabhálaithe cáilitheacha aitheanta

172FA.(1)Chun críocha na Caibidle seo, is idirghabhálaí cáilitheach aitheanta duine, más rud é, maidir leis an duine—

- (a) gur idirghabhálaí cáilitheach é nó í is córas imréitigh aitheanta freisin, de réir bhrí alt 264A(2)(a), nó
- (b) gur idirghabhálaí cáilitheach é nó í is duine freisin atá ar lánúinéireacht ag córas imréitigh aitheanta, de réir bhrí alt 246A(2)(a).
- (2) Féadfaidh idirghabhálaí cáilitheach aitheanta dáiltí iomchuí a fháil gan cáin iarchoimeádta díbhinne a asbhaint agus na dáiltí iomchuí sin a íoc, gan cáin iarchoimeádta díbhinne a asbhaint, le hidirghabhálaí cáilitheach aitheanta eile nó le gníomhaire iarchoimeádta údaraithe fad a bheidh fógra i scríbhinn faighte ag an idirghabhálaí cáilitheach

aitheanta ón ngníomhaire iarchoimeádta údaraithe nó ón idirghabhálaí cáilitheach aitheanta eile, á rá gur gníomhaire iarchoimeádta údaraithe nó idirghabhálaí cáilitheach aitheanta é, de réir mar a bheidh, i ndáil leis na dáiltí sin.”,

(c) in alt 172G(1), trí “, go díreach nó trí idirghabhálaí cáilitheach aitheanta amháin nó níos mó,” a chur isteach i ndiaidh “dáileadh iomchuí”,

(d) in alt 172H—

(i) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Aon ghníomhaire iarchoimeádta údaraithe a gheobhaidh, thar ceann daoine eile, aon dáiltí iomchuí a dhéanfaidh aon chuideachta a chónaíonn sa Stát chuige, go díreach nó trí idirghabhálaí cáilitheach aitheanta amháin nó níos mó, cuirfidh sé in iúl don chuideachta sin nó don idirghabhálaí cáilitheach aitheanta sin, de réir mar a bheidh, trí fhógra i scríbhinn, gur gníomhaire iarchoimeádta údaraithe é i ndáil leis na dáiltí sin.”,

(ii) i bhfo-alt (2), trí “go díreach nó trí idirghabhálaí cáilitheach aitheanta amháin nó níos mó,” a chur isteach i ndiaidh “sa Stát”, agus

(iii) i bhfo-alt (3), trí “nó don idirghabhálaí cáilitheach aitheanta, de réir mar a bheidh,” a chur isteach i ndiaidh “in iúl don chuideachta”,

agus

(e) in alt 172LA—

(i) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘úinéir dílis’ an duine a bhfuil teideal tairbhiúil aige nó aici chun dáilte iomchuí de dheasca an teagmhais shonraithe;

ciallaíonn ‘úinéir taifeadta’ an duine a bhfuil teideal tairbhiúil aige nó aici chun dáilte iomchuí roimh an teagmhas sonraithe;

ciallaíonn ‘stocbhróicéir’ ballghnólacht de Stocmhalartán na hÉireann cpt ag trádáil mar *Euronext Dublin*, nó de stocmhalartán aitheanta i gcóir eile.”,

(ii) i bhfo-alt (2)—

(I) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) go bhfuil dáileadh iomchuí déanta ag cuideachta a bhfuil cónaí uirthi sa Stát, go díreach nó go neamhdhíreach trí idirghabhálaí, chuig úinéir taifeadta ar bhonn na faisnéise ar scairchlár na cuideachta, nó ar bhonn cuntas urrús in ainm an úinéara thaifeadta a shealbhaíonn idirghabhálaí, ag dáta áirithe,”

(II) i mír (b), trí “an t-úinéir dílis” a chur in ionad “duine eile (dá ngairtear ‘an t-úinéir dílis’ san alt seo)”, agus

(III) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) go bhfuil sé d’oibleagáid ar dhuine (dá ngairtear ‘duine cuntasach’ san alt seo), arb é nó í an stocbhróicéir nó idirghabhálaí iomchuí a ghníomhaigh don úinéir taifeadta sa teagmhas sonraithe, an dáileadh iomchuí a íoc leis an úinéir dílis nó le hidirghabhálaí a shealbhaíonn urrúis thar ceann an úinéara dhílis, ar gníomh é dá ngairtear ‘an margadhéileamh a shocrú’ san alt seo.”,

(iii) i bhfo-alt (3)—

(I) i mír (b), trí “nó an t-idirghabhálaí” a chur isteach i ndiaidh “stocbhróicéir”, agus

(II) i mír (c), trí “nó an t-idirghabhálaí” a chur isteach i ndiaidh “stocbhróicéir”, agus

(iv) i bhfo-alt (4), trí “nó don idirghabhálaí” a chur isteach i ndiaidh “stocbhróicéir”.

(2) Leasaítear an Príomh-Acht i gCaibidil 2 de Chuid 19 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 545:

“Diúscairtí scaireanna agus taisclanna lárnacha urrús

545A.(1) Ní dhéileálfar le hascnamh scaireanna faoin Acht um Ascnamh Urrús Rannpháirteach, 2019 mar dhiúscairt na scaireanna sin chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil.

(2) Beidh feidhm ag fo-alt (3) i ndáil le scaireanna atá á sealbhú ag taisclann lárnach urrús (de réir bhrí Rialachán 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014³⁸) a gceanglaítear lena rialacha go ndéanfaidh sealbhóirí leasanna i scaireanna den sórt sin na leasanna sin a shealbhú trí leas comhúinéireachta i gcomhthiomsú idirmhalartach de scaireanna foluiteacha.

(3) I gcás go mbeidh feidhm ag an bhfo-alt seo agus go ndiúscróidh duine leas comhúinéireachta dá dtagraítear i bhfo-alt (2), maidir leis an tsócmhainn a mheasfar a bheith diúscairta chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, is ionann í agus leas an duine sna scaireanna foluiteacha.

(4) Maidir le tagairtí dóibh seo a leanas—

(a) scaireanna a luaitear ar stocmhalartán in ailt 29(1A)(b) agus 980(2)(d) agus (e), agus

(b) scaireanna i gcuideachta sa mhíniú ar ‘sócmhainní iomchuí’ in alt 29A(1)(a),

measfar go bhfolaíonn siad tagairtí do leas comhúinéireachta dá dtagraítear i bhfo-alt (2).”.

(3) Leasaítear an Príomh-Acht in alt 743 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

38 IO Uimh. L257, 28.8.2014, lch.1

“(1A) Chun críocha fho-alt (1), ní fholáionn cearta de chineál comhúinéireachta comhshocraíocht de chineál comhúinéireachta nach n-eascaíonn ach amháin as an méid seo a leanas, is é sin le rá—

- (a) rialacha taisclainne lárnaí urrús (de réir bhrí Rialachán 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014³⁹), agus
- (b) a gceanglaítear lena rialacha ar shealbhóirí leasanna in urrúis, atá ar seilbh ag an taisclann, na leasanna sin a shealbhú trí leas comhúinéireachta i gcomhthiomsú idirmhalartach d’urrúis fholuiteacha.”.

(4) Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003—

(a) in alt 6, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) (a) Chun críocha fho-alt (1)(c) agus (2)(d), aon mhaoín arb éard atá inti scaireanna iontu seo a leanas—

- (i) cuideachta arna foirmiú agus arna clárú faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 nó cuideachta láithreach de réir bhrí an Achta sin,
- (ii) comhlacht corpraithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1) d’alt 1312 d’Acht na gCuideachtaí, 2014 (seachas comhlacht dá dtagraítear i bhfo-alt (2) den alt sin mar ‘comhlacht eisiata’),
- (iii) gléas Éireannach um chomhbhainistiú sócmhainní, nó
- (iv) cumann atá cláraithe faoi na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair, 1893 go 2014,

measfar í a bheith suite sa Stát.

(b) San fho-alt seo, folaíonn ‘scaireanna’ aon leas nó ceart dlíthiúil nó cothromasach i scair, nó i ndáil le scair, cibé acu is go díreach nó go neamhdhíreach a shealbháítear leas nó ceart den sórt sin, agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, measfar go bhfoláionn sé na nithe seo a leanas—

- (i) scair is ionannas d’úinéireacht ar scair fholuiteach agus is féidir a thrádáil go neamhspleách ar an scair fholuiteach, agus
- (ii) i gcás scaireanna atá á sealbhú ag taisclann lárnach urrús (de réir bhrí Rialachán 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014⁴⁰) a gceanglaítear lena rialacha ar shealbhóirí leasanna i scaireanna den sórt sin na leasanna sin a shealbhú trí leas comhúinéireachta i gcomhthiomsú idirmhalartach de scaireanna foluiteacha, an leas comhúinéireachta sin.”.

(b) in alt 11, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) (a) Chun críocha fho-alt (1)(b) agus (2)(c), aon mhaoín arb éard atá inti scaireanna iontu seo a leanas—

39 IO Uimh. L257, 28.8.2014, lch.1

40 IO Uimh. L257, 28.8.2014, lch.1

- (i) cuideachta arna foirmiú agus arna clárú faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 nó cuideachta láithreach de réir bhrí an Achta sin,
- (ii) comhlacht corpraithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1) d'alt 1312 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 (seachas comhlacht dá dtagraítear i bhfo-alt (2) den alt sin mar 'comhlacht eisiata'),
- (iii) gléas Éireannach um chomhbhainistiú sócmhainní, nó
- (iv) cumann atá cláraithe faoi na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair, 1893 go 2014,

measfar í a bheith suite sa Stát.

- (b) San fho-alt seo, folaíonn 'scaireanna' aon leas nó ceart dlíthiúil nó cothromasach i scair, nó i ndáil le scair, cibé acu is go díreach nó go neamhdhíreach a shealbhaítear leas nó ceart den sórt sin, agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, measfar go bhfolaíonn sé na nithe seo a leanas—
 - (i) scair is ionannas d'úinéireacht ar scair fholuiteach agus is féidir a thrádáil go neamhspleách ar an scair fholuiteach, agus
 - (ii) i gcás scaireanna atá á sealbhú ag taisclann lárnach urrús (de réir bhrí Rialachán 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014⁴¹) a gceanglaítear lena rialacha ar shealbhóirí leasanna i scaireanna den sórt sin na leasanna sin a shealbhú trí leas comhúinéireachta i gcomhthiomsú idirmhalartach de scaireanna foluiteacha, an leas comhúinéireachta sin.”,

agus

- (c) in alt 75, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) D’fhonn amhras a sheachaint, ní fholáíonn an míniú ar ‘scéim chomhinfheistíochta’ i bhfo-alt (1), agus dá ngairtear ‘scéim chomhinfheistíochta’ san fho-alt sin, taisclann lárnach urrús (de réir bhrí Rialachán 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014⁴²) a gceanglaítear lena rialacha ar shealbhóirí leasanna in urrúis, atá á sealbhú ag an taisclann, na leasanna sin a shealbhú trí leas comhúinéireachta i gcomhthiomsú idirmhalartach d’urrúis fholuiteacha.”.

- (5) Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 i gCuid 6, trí ailt 68 go 78 a chomhdhéanamh mar Chaibidil 1 den Chuid sin agus tríd an gCaibidil seo a leanas a chur isteach i ndiaidh na Caibidle sin:

“CAIBIDIL 2

Forálacha speisialta a bhaineann le hurrúis dhí-ábharaithe

Léiriú (Caibidil 2)

78A.(1) Sa Chaibidil seo—

41 IO Uimh. L257, 28.8.2014, lch.1

42 IO Uimh. L257, 28.8.2014, lch.1

tá le ‘taisclann lárnach urrús’ nó ‘TLU’ an bhrí chéanna atá leis sa Rialachán maidir le TLU;

ciallaíonn ‘an Rialachán maidir le TLU’ Rialachán 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014⁴³ maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoracha 98/26/CE agus 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012;

ciallaíonn ‘urrúis dhí-ábharaithe’ urrúis arb ina leith a cuireadh deireadh le deimhnithe nó doiciméid fhisiciúla teidil ina léirítear úinéireacht, a fhágann nach ann do na hurrúis ach amháin mar thaifid chuntasaíochta nó cuntais reatha;

ciallaíonn ‘admháil taisclainne’ urrús is ionannas d’úinéireacht ar urrús foluiteach agus is féidir a thrádáil go neamhspleách ar an urrús foluiteach;

ciallaíonn ‘díluailiú’ an gníomh a bhaineann le suíomh na n-urrús a chomhchruinniú in TLU, nó thar ceann TLU, ar shlí a chumasófar aistrithe iardain leasanna, sna hurrúis sin, a dhéanamh trí chuntas reatha;

ciallaíonn ‘leas in urrúis’—

- (a) aon leas nó ceart dlíthiúil nó cothromasach in urrús nó i ndáil le hurrús,
- (b) admháil taisclainne,
- (c) leas nó ceart neamhdhíreach in urrúis fholuiteacha, nó i ndáil le hurrúis fholuiteacha, a eascróidh as díluailiú nó dí-ábharú na n-urrús, nó
- (d) gan dochar do ghinearáltacht mhír (c), leas nó ceart in urrúis, nó i ndáil le hurrúis, atá á sealbhú in TLU, nó thar ceann TLU, a gceanglaítear lena rialacha ar shealbhóirí leasanna nó ceart in urrúis, nó i ndáil le hurrúis, na leasanna nó na cearta sin a shealbhú trí leas comhúinéireachta i gcomhthiomsú idirmhalartach d’urrúis fholuiteacha;

ciallaíonn ‘córas iomchuí’ córas socraíochta urrús a oibríonn TLU;

ciallaíonn ‘urrúis’ aon stoic nó urrúis inmhargaidh;

ciallaíonn ‘córas socraíochta urrús’ comhshocraíocht fhoirmiúil lena ngabhann comhrialacha agus comhshocraíochtaí caighdeánaithe chun orduithe aistrithe a fhorghníomhú trí mheán leictreonach;

ciallaíonn ‘TLU tríú tír’ TLU atá suite lasmuigh den Aontas Eorpach a thiocfadh faoi réim an Rialacháin maidir le TLU dá mbeadh sé suite san Aontas Eorpach;

ciallaíonn ‘ordú aistrithe’ treoir atá fíordheimhnithe go cuí chun leas in urrúis a aistriú.

43 IO Uimh. L257, 28.08.2014, lch.1

- (2) Folaíonn tagairt do TLU sa Chaibidil seo tagairt do TLU tríú tír.
- (3) Ní bheidh feidhm ag an gCaibidil seo ach amháin maidir le leasanna in urrúis dhí-ábharaithe a aistriú.

Leas in urrúis a aistriú trí chóras iomchuí

- 78B.** (1) I gcás go ndéanfar, le hordú aistrithe, leas in urrúis a aistriú trí chóras iomchuí, measfar, chun críocha uile an Achta seo, gur ionstraim fhorghníomhaithe tíolacais nó aistrithe ar na hurrúis sin an t-ordú aistrithe, agus measfar gurb é an dáta a fhorghníomhaítear an t-ordú aistrithe dáta fhorghníomhaithe na hionstraime sin.
- (2) Maidir le hordú aistrithe lena ndéanfar leas in urrúis a aistriú lasmuigh de chóras iomchuí, measfar gur ordú aistrithe é lena ndéanfar aistriú den sórt sin trí chóras iomchuí agus beidh feidhm ag fo-alt (1) dá réir sin.
 - (3) I gcás go ndéantar leas in urrúis a aistriú le hordú aistrithe a bhaineann le socraíocht ghlanluacháilte aonair de dhá chonradh nó níos mó chun leasanna sa chineál céanna urrús a aistriú, measfar gur ordú aistrithe gach conradh aonair arb éard atá ann an tsocraíocht ghlanluacháilte aonair agus beidh feidhm ag fo-alt (1) dá réir sin.

Faoiseamh d'idirghabhálaithe agus do thithe imréitigh

- 78C.** I ndáil le hordú aistrithe nó le hordú aistrithe measta dá dtagraítear in alt 78B—
- (a) maidir leis an díolúine ó dhleacht stampa faoi alt 75(3) i ndáil le hidirghabhálaí aitheanta (de réir bhrí fho-alt (1) den alt sin) i leith ionstraimí aistrithe áirithe, beidh feidhm aici freisin i leith an ordaithe aistrithe nó an ordaithe aistrithe mheasta agus beidh feidhm ag alt 75 dá réir sin, agus
 - (b) maidir leis an díolúine ó dhleacht stampa faoi alt 75A(2) i ndáil le teach imréitigh aitheanta (de réir bhrí fho-alt (1) den alt sin) i leith ionstraimí aistrithe áirithe, beidh feidhm aici freisin i leith an ordaithe aistrithe nó an ordaithe aistrithe mheasta agus beidh feidhm ag alt 75A dá réir sin.

Dleacht arna muirearú

- 78D.** (1) I gcás go mbeidh dleacht stampa inmhuirearaithe ar ordú aistrithe, nó ar ordú aistrithe measta, de bhua alt 78B, faoin gceannteideal 'TÍOLACADH nó AISTRIÚ ar dhíol aon stoc nó urrús inmhargaidh' i Sceideal 1 nó faoina threoir, déanfar an dleacht a mhuirearú faoin gceannteideal sin de réir ráta aon faoin gcéad den chomaoín i leith an aistrithe dá dtugann an t-ordú aistrithe, nó an t-ordú aistrithe measta, éifeacht.
- (2) D'ainneoin fho-alt (1)—
 - (a) i gcás go n-oibreoidh aistriú mar dhiúscairt shaorálach *inter vivos*, forléireofar an tagairt san fho-alt sin don chomaoín i leith an aistrithe, i ndáil leis an dleacht a bheidh le muirearú, mar thagairt do luach an úis a aistreofar, agus

- (b) i gcás gur méid nach iolraí ar aon cent amháin toradh an ríofa, déanfar an méid arna ríomh amhlaidh a shlánú go dtí an cent is gaire, agus déanfar aon leathcent a shlánú suas go dtí an chéad cent iomlán eile.

Dleacht a íoc

- 78E.** (1) Faoi réir fho-alt (2), beidh aon dleacht arna muirearú de bhua alt 78B dlite agus iníoctha, agus íocfar leis na Coimisinéirí í, ar an dáta a dhéanfar an t-ordú aistrithe nó an t-ordú aistrithe measta a fhorghníomhú.
- (2) D'ainneoin fho-alt (1), féadfaidh na Coimisinéirí comhaontú a dhéanamh le TLU, nó le páirtí eile, i cibé foirm agus ar cibé téarmaí agus coinníollacha is cuí leo, i ndáil le híoc dleachta stampa agus i gcás go mbeidh comhaontú den sórt sin i bhfeidhm, measfar, maidir le haon dleacht arna híoc de réir an chomhaontaithe, gur íocadh í leis na Coimisinéirí ar an dáta a tháinig sí chun bheith dlite agus iníoctha.
- (3) D'ainneoin alt 2(3), ní cheanglófar an t-ordú aistrithe, nó an t-ordú aistrithe measta, a muirearófar dleacht stampa ina leith de bhua alt 78B a bheith stampáilte agus, dá réir sin, ní bheidh feidhm ag ailt 4, 6, 8, 11, 14, 20, 127 agus 129(1).
- (4) Chun críocha fho-ailt (3) agus (4) d'alt 2, measfar an t-ordú aistrithe, nó an t-ordú aistrithe measta, a muirearófar dleacht stampa ina leith de bhua alt 78B a bheith stampáilte go cuí leis an dleacht stampa cheart tráth a bheidh an dleacht sin, agus aon ús a bhaineann leis an dleacht sin, íoctha leis na Coimisinéirí.
- (5) Más rud é, maidir le dleacht atá dlite agus iníoctha ar an dáta a dhéanfar an t-ordú aistrithe nó an t-ordú aistrithe measta a fhorghníomhú, go n-íocfar í tar éis an dáta sin, déanfar ús a mhuirearú ar an dleacht sin, arna ríomh de réir alt 159D ón dáta a dhéanfar an t-ordú aistrithe, nó an t-ordú aistrithe measta, a fhorghníomhú go dtí an dáta a íocfar an dleacht neamhíoctha.

Measúnachtaí agus achomhairc

- 78F.** (1) Más dealraitheach, aon tráth agus ar aon chúis, nach bhfuil aon dleacht, nó go bhfuil dleacht neamhdhóthanach, íoctha leis na Coimisinéirí, déanfaidh siad measúnacht ar cibé méid dleachta nó dleachta breise ba chóir, de réir mar is fearr is eol agus is feasach dóibh agus mar a chreideann siad, a mhuirearú, a thobhach agus a íoc agus dlífear ar an duine cuntasach an dleacht arna measúnú amhlaidh a íoc.
- (2) Más dealraitheach, aon tráth agus ar aon chúis, measúnacht a bheith mícheart, déanfaidh na Coimisinéirí cibé measúnacht eile is cuí leo agus déanfar an mheasúnacht eile seo a chur in ionad na measúnachta céadluaite.
- (3) Féadfaidh duine cuntasach, arb éagóir leis nó léi measúnacht arna déanamh ar an duine sin faoin alt seo, achomharc a dhéanamh i gcoinne na measúnachta chun na gCoimisinéirí Achomhairc, de réir alt 949I den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, laistigh den tréimhse 30 lá tar éis dháta an fhógra measúnachta.

- (4) Mura ndéanfaidh duine cuntasach dár eisíodh fógra measúnachta achomharc, de réir fho-alt (3), is measúnacht chríochnaitheach dhochloíte í an mheasúnacht a bheidh déanta ar an duine.

Ró-íocaíocht agus aisíoc dleachta

- 78G.** (1) Más rud é, ar éileamh de réir fho-alt (2), go gcruthófar chun sástacht na gCoimisinéirí gurbh ann do ró-íocaíocht dleachta i ndáil le muirear i leith dleachta de bhua alt 78B, déanfar an ró-íocaíocht a aisíoc.
- (2) Déanfar éileamh ar aisíoc i cibé foirm agus ar cibé modh a chinnfidh na Coimisinéirí.
- (3) Déanfar éileamh ar aisíoc laistigh den tréimhse 4 bliana ón dáta a dhéanfar an t-ordú aistrithe nó an t-ordú aistrithe measta, is bun leis an éileamh, a fhorghníomhú.

Oibleagáidí agus pionóis

- 78H.** (1) I gcás go ndéanfar le hordú aistrithe, nó le hordú aistrithe measta, leas in urrúis a aistriú, déanfaidh TLU, aistrí nó duine atá ag gníomhú thar ceann aistrí i ndáil leis an leas in urrúis a aistriú, de réir mar a bheidh—
- (a) fianaise a choinneáil i bhfoirm scríofa inléite, nó i bhfoirm a bheidh inaistrithe go héasca go dtí an fhoirm sin, is fianaise a bheidh sách mionsonraithe chun an méid dleachta, más ann, a bhí innhuirearaithe ar an ordú aistrithe nó ar an ordú aistrithe measta a shuíomh,
- (b) an fhianaise dá dtagraítear i mír (a) a choinneáil ar feadh tréimhse 6 bliana ón dáta a dhéanfar an t-ordú aistrithe nó an t-ordú aistrithe measta a fhorghníomhú, agus
- (c) aon fhianaise den sórt sin a chur ar fáil do na Coimisinéirí ar í a iarraidh.
- (2) Maidir le TLU, aistrí nó duine atá ag gníomhú thar ceann aistrí i ndáil leis an leas in urrúis a aistriú, de réir mar a bheidh, a mhainneoidh fo-alt (1) a chomhlíonadh, dlífear pionós €1,265 a chur air nó uirthi.

Admhálacha taiscí Meiriceánacha

- 78I.** Ní chuirfidh aon ní sa Chaibidil seo cosc ar oibriú alt 90 i ndáil leis an díolúine ón muirear i leith dleacht stampa le haghaidh admhálacha taiscí Meiriceánacha de réir bhrí an ailt sin.

Ascnamh urrús

- 78J.** Ní bheidh dleacht stampa innhuirearaithe ar ascnamh urrús faoin Acht um Ascnamh Urrús Rannpháirteach, 2019.”.

- (6) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

Leasú ar Chuid 7 den Acht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020

- 63.** (1) Leasaítear alt 28 den Acht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020—

(a) i bhfo-alt (12), trí mhír (b) a scriosadh, agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (12):

“(12A) Féadfaidh duine arb éagóir leis nó léi measúnacht, nó measúnacht leasaithe, ar cháin iomchuí arna déanamh ar an duine sin achomharc a dhéanamh i gcoinne na measúnachta nó na measúnachta leasaithe, de réir mar a bheidh, chun na gCoimisinéirí Achomhairc, de réir alt 949I den Acht, laistigh den tréimhse 30 lá tar éis dháta fhógra na measúnachta nó na measúnachta leasaithe, de réir mar is cuí.”.

(2) Leasaítear alt 28A (a cuireadh isteach le halt 2(2) den Acht um Fhorálacha Airgeadais (Covid-19) (Uimh. 2), 2020) den Acht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020—

(a) i bhfo-alt (5)(a), trí “an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta” a chur in ionad “an Roinn Gnó, Post agus Nuálaíochta”, agus

(b) i bhfo-alt (6)(b), trí “i bhfo-alt (3)” a chur in ionad “i bhfo-alt (2)”.

(3) Leasaítear alt 28B (a cuireadh isteach leis an Acht um Fhorálacha Airgeadais (Covid-19) (Uimh. 2), 2020) den Acht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “Aire”:

“tá le ‘stiúrthóir dílseánach’, i ndáil le cuideachta, an bhrí chéanna atá leis in alt 472 den Acht;”,

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “fostaí cáilitheach”:

“ciallaíonn ‘fostaí cáilitheach’, i ndáil le fostóir, faoi réir fho-ailt (1A) agus (1B)—

(a) pearsa aonair atá nó a bhí, i ndáil leis an bhfostóir, ina fhostaí sonraithe nó ina fostaí sonraithe chun críocha alt 28, nó

(b) aon phearsa aonair eile atá ar phárolla an fhostóra aon tráth sa tréimhse cháilitheach agus a fhaigheann sa tréimhse sin íocaíocht díolaíochtaí ón bhfostóir, ach ní fholaíonn sé—

(i) sa chás inar cuideachta an fostóir, aon phearsa aonair is stiúrthóir dílseánach ar an gcuideachta, agus

(ii) aon phearsa aonair atá bainteach leis an bhfostóir,

seachas i gcás ina raibh an phearsa aonair sin ar phárolla an fhostóra aon tráth sa tréimhse ón 1 Iúil 2019 go 30 Meitheamh 2020 agus ina bhfuair sé nó sí sa tréimhse sin íocaíocht díolaíochtaí ón bhfostóir, agus ina mbeidh an fostóir tar éis fógra faoi íocaíocht na ndíolaíochtaí a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim sa tréimhse sin de réir Rialachán 10 de na Rialacháin,

agus, chun críocha an mhínithe seo, is de réir alt 10 den Acht mar atá feidhm aige chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil a

chinnfear an cheist i dtaobh baint a bheith ag pearsa aonair le haon duine eile;”,

agus

- (iii) sa mhíniú ar “íocaíocht fóirdheontais pá”, trí “de réir fho-alt (7), (8) agus (21) (aa) agus (c)” a chur in ionad “de réir fho-alt (7), (8) agus (21)(c)”,

- (b) trí na fo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Ar leith ón bhfo-alt seo, i gcás pearsa aonair is stiúrtóir dílseánach ar dhá chuideachta nó níos mó agus a bheadh ina fhostaí cáilitheach nó ina fostaí cáilitheach i ndáil leis an dá chuideachta sin nó níos mó, beidh éifeacht ansin leis na forálacha seo a leanas den fho-alt seo:

- (a) féadfaidh an phearsa aonair fógra a thabhairt do chuideachta amháin de na cuideachtaí sin, agus don chuideachta sin amháin, á rá gur roghnaigh sé nó sí go ndéileálfaí leis nó léi mar fhostaí cáilitheach i ndáil leis an gcuideachta sin;
- (b) ar an bhfógra dá dtagraítear i mír (a) a fháil, beidh an chuideachta lena mbaineann i dteideal déileáil leis an bpearsa aonair lena mbaineann mar a fostaí cáilitheach, agus ní bheidh aon chuideachta eile a bhfuil an phearsa aonair lena mbaineann ina stiúrtóir dílseánach uirthi i dteideal déileáil leis an bpearsa aonair mar a fostaí cáilitheach;
- (c) mura ndéanfaidh agus go dtí go ndéanfaidh an phearsa aonair an fógra dá dtagraítear i mír (a) a thabhairt do chuideachta dá dtagraítear ansin, ní bheidh aon chuideachta a bhfuil an phearsa aonair ina stiúrtóir dílseánach uirthi i dteideal déileáil leis an bpearsa aonair mar a fostaí cáilitheach.

- (1B) Más rud é, de réir fho-alt (1A)(a), go roghnóidh pearsa aonair go ndéileálfaí leis nó léi mar fhostaí cáilitheach i ndáil le cuideachta, maidir leis an roghnú sin—

- (a) measfar gur tháinig sé in éifeacht amhail ar an agus ón dáta a bheidh an chéad fhógra a luaitear den chéad uair i bhfo-alt (7) le haghaidh na pearsan aonair sin tugtha ag an gcuideachta, agus

- (b) beidh sé neamh-inchúlghairthe.”,

- (c) i bhfo-alt (2)—

- (i) trí “beidh feidhm ag an alt seo maidir le fostóir don tréimhse ón 1 Iúil 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020 (dá ngairtear ‘an tréimhse shonraithe’ san fho-alt seo), más rud é” a chur in ionad “beidh feidhm ag an alt seo maidir le fostóir más rud é”, agus

- (ii) i mír (a)(i)(I), trí “go dtarlóidh sa tréimhse shonraithe” a chur in ionad “go dtarlóidh sa tréimhse ón 1 Iúil 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020 (dá ngairtear ‘an tréimhse shonraithe’ san fho-alt seo)”,

- (d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Faoi réir fho-ailt (4) agus (5), beidh feidhm ag an alt seo maidir le fostóir don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an dáta a rachaidh an tréimhse cháilitheach in éag más rud é—

(a) (i) de réir treoirilinte arna bhfoilsíú ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi fho-alt (20)(a), go léireoidh an fostóir chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim, mar gheall ar Covid-19 agus ar an gcur isteach ar an tráchtáil a ghabhann leis—

(I) go dtiocfaidh, sa tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2021 (dá ngairtear ‘an dara tréimhse shonraithe’ san fho-alt seo), laghdú 30 faoin gcéad ar a laghad, nó cibé laghdú eile de réir céatadán a shonróidh an tAire in ordú a dhéanfaidh sé nó sí faoi fho-alt (21)(b), i láimhdeachas ghnó an fhostóra nó sna horduithe ó chustaiméirí a bheidh á bhfáil ag an bhfostóir faoi threoir na tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 30 Meitheamh 2019 (dá ngairtear ‘an dara tréimhse chomhréire’ san fho-alt seo),

(II) i gcás nár oibrigh gnó an fhostóra ar feadh iomlán an dara tréimhse chomhréire ach gur cuireadh tús le hoibriú an ghnó sin tráth nach déanaí ná an 1 Bealtaine 2019, go dtiocfaidh sa chuid den dara tréimhse shonraithe, atá ar comhréir leis an gcuid den dara tréimhse chomhréire inar oibrigh an gnó, laghdú 30 faoin gcéad ar a laghad, nó cibé laghdú eile de réir céatadán a shonróidh an tAire in ordú a dhéanfaidh sé nó sí faoi fho-alt (21)(b), i láimhdeachas ghnó an fhostóra nó sna horduithe ó chustaiméirí a bheidh á bhfáil ag an bhfostóir faoi threoir an chuid sin den dara tréimhse chomhréire, nó

(III) i gcás gur cuireadh tús le hoibriú ghnó an fhostóra tar éis an 1 Bealtaine 2019, gur gnó de chineál é a fhágfaidh go mbeidh láimhdeachas ghnó an fhostóra nó na horduithe ó chustaiméirí a bheidh á bhfáil ag an bhfostóir sa dara tréimhse shonraithe—

(A) 30 faoin gcéad, nó

(B) cibé céatadán eile a shonróidh an tAire in ordú a dhéanfaidh sé nó sí faoi fho-alt (21)(b),

ar a laghad níos lú ná an láimhdeachas sin nó na horduithe sin ó chustaiméirí, de réir mar a bheidh, a bheadh ann thairis sin mura mbeadh cur isteach ar bith ar an ngnó de dheasca Covid-19,

nó

(ii) go mbeidh ainm an fhostóra taifeadta sa chlár arna bhunú agus arna chothabháil faoi alt 58C den Acht um Chúram Leanaí, 1991,

agus

(b) go gcomhlíonfaidh an fostóir na coinníollacha a shonraítear i bhfo-alt (3).”,

- (e) i bhfo-alt (3), trí “i bhfo-alt (2)(b) nó (2A)(b)” a chur in ionad “i bhfo-alt (2)(b)”,
- (f) i bhfo-alt (5)—
 - (i) trí “de bhua fho-alt (2) (ar leith ó mhír (a)(ii) den fho-alt sin) nó (2A) (ar leith ó mhír (a)(ii) den fho-alt sin)” a chur in ionad “de bhua fho-alt (2) (ar leith ó mhír (a)(ii) den fho-alt sin)”, agus
 - (ii) i mír (b), trí “d’fho-alt (2)(a)(i) nó (2A)(a)(i), de réir mar is cuí” a chur in ionad “d’fho-alt (2)(a)(i)”,
- (g) i bhfo-alt (7)—
 - (i) trí “Faoi réir fho-ailt (8), (9) agus (12A)” a chur in ionad “Faoi réir fho-ailt (8) agus (9)”, agus
 - (ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (d):

“(d) aon íocaíocht nó íocaíocht chomhiomlán a cheanglaítear ar na Coimisinéirí Ioncaim a dhéanamh leis an bhfostóir faoin bhfo-alt seo i ndáil le fostaí cáilitheach nó le fostaithe cáilitheacha, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim í a luaithis is indéanta tar éis an dáta a bheidh an fógra á rá gur íocadh díolaíochtaí leis an bhfostaí cáilitheach nó leis na fostaithe cáilitheacha lena mbaineann tugtha ag an bhfostóir;”,
- (h) i bhfo-alt (8)—
 - (i) trí “Faoi réir fho-ailt (9), (21)(aa) agus (21)(c)” a chur in ionad “Faoi réir fho-ailt (9) agus (21)(c)”, agus
 - (ii) trí na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (a) agus (b):

“(a) sa chás go n-íocann an fostóir pá comhlán €151.50 ar a laghad in aghaidh na seachtaine ach nach mó ná €202.99 in aghaidh na seachtaine leis an bhfostaí cáilitheach, suim—

 - (i) €151.50 in aghaidh na seachtaine ranníoca, nó
 - (ii) i gcás go mbeidh an dáta a dhéanann an fostóir na díolaíochtaí a íoc leis an bhfostaí cáilitheach sa tréimhse dar tosach an 20 Deireadh Fómhair 2020 agus dar críoch an 31 Eanáir 2021, €203 in aghaidh na seachtaine ranníoca,

agus

(b) sa chás go n-íocann an fostóir pá comhlán nach lú ná €203 in aghaidh na seachtaine ach nach mó ná €1,462 in aghaidh na seachtaine leis an bhfostaí cáilitheach, suim—

 - (i) €203 in aghaidh na seachtaine ranníoca, nó
 - (ii) i gcás go mbeidh an dáta a dhéanann an fostóir na díolaíochtaí a íoc leis an bhfostaí cáilitheach sa tréimhse dar tosach an 20 Deireadh Fómhair 2020 agus dar críoch an 31 Eanáir 2021—

(I) €250 in aghaidh na seachtaine ranníoca, i gcás nach mó an pá comhlán arna íoc amhlaidh leis an bhfostaí cáilitheach ná €299.99 in aghaidh na seachtaine,

(II) €300 in aghaidh na seachtaine ranníoca, i gcás nach mó an pá comhlán arna íoc amhlaidh leis an bhfostaí cáilitheach ná €399.99 in aghaidh na seachtaine, nó

(III) €350 in aghaidh na seachtaine ranníoca, i gcás gur €400.00 ar a laghad in aghaidh na seachtaine an pá comhlán arna íoc amhlaidh leis an bhfostaí cáilitheach,”

(i) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (12):

“(12A) Dá mba rud é, ar leith ón bhfo-alt seo, go gceanglófaí ar na Coimisinéirí Ioncaim íocaíocht nó íocaíocht chomhiomlán a dhéanamh le fostóir faoi fho-alt (7), d’fhéadfadh na Coimisinéirí Ioncaim, seachas an íocaíocht nó an íocaíocht chomhiomlán a dhéanamh, méid na híocaíochta sin nó aon chuid den íocaíocht sin a asbhaint as aon mhéid a cheanglófaí ar an bhfostóir a aischistiú leis na Coimisinéirí Ioncaim de réir fho-alt (11).”

(j) i bhfo-alt (14)—

(i) trí mhír (b) a scriosadh, agus

(ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (14):

“(14A) Féadfaidh duine arb éagóir leis nó léi measúnacht, nó measúnacht leasaithe, ar cháin iomchuí arna déanamh ar an duine sin achomharc a dhéanamh i gcoinne na measúnachta nó na measúnachta leasaithe, de réir mar a bheidh, chun na gCoimisinéirí Achomhairc, de réir alt 949I den Acht, laistigh den tréimhse 30 lá tar éis dháta fhógra na measúnachta nó na measúnachta leasaithe, de réir mar is cuí.”

(k) i bhfo-alt (17)—

(i) i mír (a), trí “fho-alt (2) nó (2A)” a chur in ionad “fho-alt (2)”, agus

(ii) i mír (b), trí “fho-alt (2) nó (2A)” a chur in ionad “fho-alt (2)”,

(l) i bhfo-alt (20)(a), trí “i bhfo-alt (2) nó (2A)” a chur in ionad “i bhfo-alt (2)”,

(m) i bhfo-alt (21)—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) ordú gurb é a bheidh in aon lá dá dtagraítear i míreanna (a)(ii) agus (b) (ii) d’fho-alt (8) mar an lá a thosóidh, nó a chríochnóidh, an tréimhse dá dtagraítear ansin cibé lá eile a mheasfaidh an tAire is cuí agus a shonróidh sé nó sí san ordú,”

(ii) i mír (b)—

(I) trí “d’fho-alt (2)(a)(i) nó (2A)(a)(i)” a chur in ionad “d’fho-alt (2)(a)(i)”, agus

(II) trí “alt 28A(3)” a chur in ionad “alt 28A(2)”,

agus

(iii) i mír (c), trí “alt 28A(3)” a chur in ionad “alt 28A(2)”,

agus

(n) i bhfo-alt (22), trí “(a), (aa), (b) nó (c)” a chur in ionad “(a), (b) nó (c)”.

(4) Measfar gur tháinig *fo-alt (1)* i ngníomh an 27 Márta 2020.

(5) Measfar gur tháinig *fo-alt (2)* i ngníomh an 20 Deireadh Fómhair 2020.

(6) Measfar gur tháinig *fo-alt (3)* (seachas *míreanna (i)* agus *(g)(i)* den fho-alt sin) i ngníomh—

(a) maidir le *mír (j)* den fho-alt sin, an 1 Lúnasa 2020,

(b) maidir le *míreanna (a)* (seachas *fomhír (iii)* den mhír sin) agus *(b)* den fho-alt sin, an 1 Meán Fómhair 2020,

(c) maidir le *míreanna (a)(iii), (h), (m)* (seachas *fomhír (ii)(I)* den mhír sin) agus *(n)* den fho-alt sin, an 20 Deireadh Fómhair 2020,

(d) maidir le *mír (g)(ii)* den fho-alt sin, an 1 Samhain 2020, agus

(e) maidir le *míreanna (c), (d), (e), (f), (k), (l)* agus *(m)(ii)(I)* den fho-alt sin, an 1 Eanáir 2021.

Leasú ar an Acht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020

64. Leasaítear an tAcht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 28B:

“Covid-19: stórasú agus ús speisialta (cáin iomchuí a bheidh dlite faoi alt 28(9))

28C. (1) San alt seo—

ciallaíonn ‘na hAchtanna’—

(a) Codanna 18C agus 18D,

(b) an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,

(c) an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,

(d) an tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010 agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,

(e) an tAcht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012 agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,

(f) an tAcht Custam, 2015 agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,

(g) na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil,

- (h) na hAchtanna Cánach,
- (i) na reachtanna a bhaineann leis na dleachtanna máil agus le bainistiú na ndleachtanna sin,
- (j) an tAcht seo, agus
- (k) aon ionstraimí arna ndéanamh faoi aon cheann de na hachtacháin dá dtagraítear i míreanna (a) go (j);

ciallaíonn ‘cáin iomchuí Covid-19’ cáin iomchuí, dá dtagraítear i bhfo-alt (10) d’alt 28, a bheidh dlite agus iníoctha le linn Thréimhse 1 de réir an fho-ailt sin;

ciallaíonn ‘Tréimhse 1’, i ndáil le fostóir, an tréimhse—

- (a) dar tosach an 26 Márta 2020, agus
- (b) dar críoch an lá deiridh den tréimhse inchánach díreach i ndiaidh na tréimhse inchánach ina bhfuil an dáta atosaithe;

ciallaíonn ‘Tréimhse 2’, i ndáil le fostóir, an tréimhse—

- (a) dar tosach an lá díreach i ndiaidh an lae deiridh de Thréimhse 1, agus
- (b) dar críoch—

- (i) an lá is luaithe díobh seo a leanas—

(I) an lá a bheidh ann 12 mhí ón lá a chéadluaitear i mír (a), agus

(II) an 31 Nollaig 2022,

nó

- (ii) i gcás go ndéanfaidh an tAire ordú chun críocha na fomhíre seo, an lá is luaithe díobh seo a leanas—

(I) an lá a shonraítear san ordú, agus

(II) an 31 Nollaig 2022;

ciallaíonn ‘Tréimhse 3’, i ndáil le fostóir, an tréimhse—

- (a) dar tosach an lá díreach i ndiaidh an lae deiridh de Thréimhse 2, agus
- (b) dar críoch an lá a bheidh dliteanas an fhostóra i leith cáin iomchuí Covid-19 urscaoilte ina iomláine ag an bhfostóir;

ciallaíonn ‘dáta atosaithe’, i ndáil le fostóir, an lá is déanaí díobh seo a leanas—

- (a) an lá a scoir gnó an fhostóra de bheith faoi réir srianta dá bhforáiltear i rialacháin arna ndéanamh faoi ailt 5 agus 31A den Acht Sláinte, 1947, agus
- (b) i gcás go léireofar chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim nár atosáiodh an gnó an lá dá dtagraítear i mír (a), an lá ar a atosáiodh an

gnó tar éis dó scor de bheith faoi réir na srianta dá dtagraítear sa mhír sin;

tá le ‘tréimhse inchánach’ an bhrí chéanna atá leis san Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010.

(2) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le fostóir—

(a) nach féidir leis nó léi, de dhroim éifeacht Covid-19 ar ghnó an fhostóra, dliteanas uile an fhostóra i leith cáin iomchuí Covid-19, nó cuid de, a íoc,

(b) a chomhlíonann na ceanglais faoi Chaibidil 4 de Chuid 42 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 agus faoin gCuid seo, agus

(c) arb amhlaidh dó nó di—

(i) go riarann Rannán Pearsanta nó Rannán Gnó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim gnóthaí cánach an fhostóra, nó

(ii) go bhfuil an fostóir tar éis teacht ar an tuairim nach féidir leis an bhfostóir dliteanas uile an fhostóra i leith cáin iomchuí Covid-19, nó cuid de, a íoc agus go bhfuil sé nó sí tar éis fógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim á rá go bhfuil an fostóir tar éis teacht ar an tuairim sin.

(3) Chun críocha fho-alt (2)(c)(i), déileálfar le gnóthaí cánach fhostóra mar ghnóthaí atá á riaradh ag Rannán Pearsanta nó Rannán Gnó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i gcás go léiríonn an comhfhreagras is déanaí a fuair an fostóir ón Oifig sin gurb amhlaidh atá an cás.

(4) Féadfaidh oifigeach atá údaraithe faoi alt 990 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 cibé fiosrúcháin a dhéanamh a mheasfaidh sé nó sí is gá chun a dheimhniú dó féin nó di féin, maidir le dliteanas an fhostóra i leith cáin iomchuí Covid-19, an amhlaidh nach féidir le fostóir é a íoc.

(5) I gcás go bhfuil feidhm ag an alt seo maidir le fostóir, ní bheidh feidhm ag alt 28(13) maidir le dliteanas an fhostóra i leith cáin iomchuí Covid-19.

(6) Más rud é—

(a) go bhfuil feidhm ag an alt seo maidir le fostóir, agus

(b) go gcomhlíonann an fostóir oibleagáidí an fhostóra faoi na hAchtanna, ní bheidh aon ús dlite ná iníoctha ag an bhfostóir i ndáil le dliteanas an fhostóra i leith cáin iomchuí Covid-19 le linn Thréimhse 1 agus Thréimhse 2.

(7) Más rud é—

(a) go bhfuil feidhm ag an alt seo maidir le fostóir,

(b) go gcomhlíonann an fostóir oibleagáidí an fhostóra faoi na hAchtanna,

- (c) roimh Thréimhse 3, go ndearna an fostóir comhaontú leis an Ard-Bhailitheoir chun dliteanas an fhostóra i leith cáin iomchuí Covid-19, mar aon le hús faoin bhfo-alt seo, a íoc, agus

- (d) go gcomhlíonann an fostóir oibleagáidí an fhostóra faoin gcomhaontú dá dtagraítear i mír (c),

ón gcéad lá de Thréimhse 3, íocfaidh an fostóir ús simplí leis na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le haon mhéid den cháin iomchuí Covid-19 a bheidh fágtha gan íoc agus déanfar ús den sórt sin a ríomh, ón lá sin go dtí go n-íocfar an méid in aghaidh aon lá nó cuid de lá ar lena linn a bheidh an méid sin fágtha gan íoc, de réir ráta 0.0082 faoin gcéad.

- (8) Más rud é, maidir le fostóir—

- (a) le linn Thréimhse 1 nó Thréimhse 2, go mainníonn sé nó sí oibleagáid dá dtagraítear i bhfo-alt (6)(b) a chomhlíonadh,

- (b) ar an gcéad lá de Thréimhse 3, nach mbeidh comhaontú dá dtagraítear i bhfo-alt (7)(c) déanta aige nó aici, nó

- (c) le linn Thréimhse 3, go mainníonn sé nó sí oibleagáid dá dtagraítear i bhfo-alt (7)(b) nó (d) a chomhlíonadh,

íocfaidh an fostóir ús simplí leis na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le dliteanas an fhostóra i leith cáin iomchuí Covid-19—

- (i) i gcás ina bhfuil feidhm ag mír (a) nó (c), ón dáta a tharla an teagmhas arb é an toradh a bhí air mainneachtain an oibleagáid lena mbaineann a chomhlíonadh, agus

- (ii) i gcás ina bhfuil feidhm ag mír (b), ón gcéad lá de Thréimhse 3,

agus déanfar ús den sórt sin a ríomh, ón lá sin go dtí go n-íocfar an méid in aghaidh aon lá nó cuid de lá ar lena linn a bheidh an méid sin fágtha gan íoc, de réir ráta 0.0219 faoin gcéad.

- (9) I gcás go mbeidh na ceanglais faoi Chaibidil 4 de Chuid 42 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 agus faoin gCuid seo comhlíonta ag fostóir, ní dhéileálfar, chun críoch alt 1094 nó 1095 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, le mainneachtain an fhostóra cáin iomchuí Covid-19 a íoc mar mhainneachtain na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar an bhfostóir leis na hAchtanna (de réir bhrí alt 1094 nó 1095, de réir mar a bheidh) a chomhlíonadh.

- (10) Ní bheidh feidhm ag alt 960E(2) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 i leith cáin iomchuí Covid-19 i gcás go gcomhlíonann an fostóir lena mbaineann ceanglais an fhostóra faoi Chaibidil 4 de Chuid 42 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 agus faoin gCuid seo.

- (11) (a) Féadfaidh an tAire, le hordú, d'fhonn maolú a dhéanamh ar na droch-iarmhairtí eacnamaíocha a bheidh mar thoradh, nó is dóigh a bheidh mar thoradh, ar leathadh Covid-19, lá a shonrú chun críoch fhomhír (ii) de mhír (b) den mhíniú ar ‘Tréimhse 2’ i bhfo-alt (1).

- (b) Ní dhéanfaidh an tAire lá a thagann tar éis an 31 Nollaig 2022 a shonrú in ordú faoi mhír (a).
- (c) Déanfar ordú faoin bhfo-alt seo a leagan faoi bhráid Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann Dáil Éireann, laistigh den 21 lá a shuífidh Dáil Éireann tar éis an t-ordú a leagan faoina bráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.”.

Covid-19: forálacha speisialta stórasaithe agus úis (cáin ioncaim)

65. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 1080A:

“Covid-19: forálacha speisialta stórasaithe agus úis (cáin ioncaim)

1080B.(1)San alt seo—

tá le ‘na hAchtanna’ an bhrí chéanna atá leis in alt 1080A;

tá le ‘Covid-19’ an bhrí chéanna atá leis san Acht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020;

ciallaíonn ‘cáin ioncaim Covid-19’, faoi réir fho-alt (15), an méid seo a leanas a cheanglaítear ar dhuine iomchuí a íoc le linn Thréimhse 1:

- (a) méid cánach a cheanglaítear ar dhuine iomchuí a íoc de réir alt 959AN chun críoch cánach ioncaim;
- (b) cáin ioncaim is iníoctha ag duine iomchuí do bhliain chánach;

ciallaíonn ‘Tréimhse 1’, i ndáil le duine iomchuí, faoi réir fho-alt (6), an tréimhse—

- (a) dar tosach an dáta ar a mbeidh—

- (i) réamhcháin is cuí don bhliain chánach 2020 chun críoch cánach ioncaim, agus

- (ii) cáin ioncaim is cuí don bhliain chánach 2019,

dlite agus iníoctha, agus

- (b) dar críoch—

- (i) an dáta dá dtagraítear i mír (a), nó

- (ii) más rud é, de dhroim éifeacht Covid-19 ar ioncam an duine iomchuí, nach féidir leis an duine iomchuí cáin ioncaim Covid-19 uile an duine iomchuí is cuí don bhliain chánach 2021, nó cuid di, a íoc agus go bhfuil dearbhú déanta aige nó aici faoi fho-alt (6), an 31 Deireadh Fómhair 2021 nó i gcás go ndéantar tuairisceán an duine iomchuí a chomhdú go leictreonach, cibé dáta is déanaí ná sin a fhógróidh an tArd-Bhailitheoir chun a thuairisceán nó a

tuairisceán ar ioncam don bhliain chánach 2020 a chomhdú go leictreonach;

ciallaíonn ‘Tréimhse 2’, i ndáil le duine iomchuí, an tréimhse—

- (a) dar tosach an lá díreach i ndiaidh an lae deiridh de Thréimhse 1, agus
- (b) dar críoch an lá a bheidh ann 12 mhí ón lá a chéadluaitear i mír (a);

ciallaíonn ‘Tréimhse 3’, i ndáil le duine iomchuí, an tréimhse—

- (a) dar tosach an lá díreach i ndiaidh an lae deiridh de Thréimhse 2, agus
- (b) dar críoch an lá a bheidh an cháin ioncaim Covid-19 urscaoilte ina hiomláine ag an duine iomchuí;

ciallaíonn ‘duine iomchuí’ duine—

- (a) a gceanglaítear air nó uirthi tuairisceán a chomhdú de bhua Chaibidil 1 de Chuid 38, nó
- (b) is duine inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim chun críocha Chuid 41A.

(2) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le duine iomchuí—

- (a) nach féidir leis nó léi, de dhroim éifeacht Covid-19 ar ioncam an duine iomchuí, cáin ioncaim Covid-19 uile an duine iomchuí, nó cuid di, a íoc, agus
- (b) a chomhlíonann na ceanglais chun tuairisceáin a chomhdú faoi Chaibidil 1 de Chuid 38 nó faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A, de réir mar is infheidhme.

(3) Chun críocha fho-alt (2)(a), measfar nach féidir le duine iomchuí cáin ioncaim Covid-19 uile an duine iomchuí, nó cuid di, a íoc i gcás go ndéanfaidh an duine iomchuí dearbhú, de réir fho-alt (5), don Ard-Bhailitheoir á rá—

- (a) go measann an duine iomchuí gur lú ioncam iomlán an duine iomchuí do 2020 ná 75 faoin gcéad d’ioncam iomlán an duine iomchuí do 2019, agus
- (b) gur de dhroim éifeacht srianta ar ioncam an duine iomchuí, is srianta dá bhforáiltear i rialacháin arna ndéanamh faoi ailt 5 agus 31A den Acht Sláinte, 1947, an laghdú ar ioncam iomlán dá dtagraítear i mír (a).

(4) I gcás nár dhuine iomchuí don bhliain chánach 2019 an duine iomchuí, measfar, chun críocha fho-alt (2)(a), nach féidir leis an duine iomchuí cáin ioncaim Covid-19 uile an duine iomchuí, nó cuid di, a íoc, más rud é, maidir leis an duine iomchuí—

- (a) go bhfuil sé nó sí tar éis teacht ar an tuairim, de dhroim éifeacht srianta ar ioncam an duine iomchuí, is srianta dá bhforáiltear i rialacháin arna ndéanamh faoi ailt 5 agus 31A den Acht Sláinte, 1947, nach féidir leis an duine iomchuí cáin ioncaim Covid-19 an duine iomchuí a íoc in 2020, agus
 - (b) go bhfuil dearbhú déanta aige nó aici, de réir fho-alt (5), don Ard-Bhailitheoir á rá go bhfuil an duine iomchuí tar éis teacht ar an tuairim sin.
- (5) Déanfaidh duine iomchuí dearbhú faoi fho-alt (3) nó (4), de réir mar a bheidh—
- (a) nuair a bheidh tuairisceán ar ioncam an duine iomchuí don bhliain chánach 2019 á chomhdú aige nó aici, agus
 - (b) tráth nach déanaí ná an 31 Deireadh Fómhair 2020 nó, i gcás go ndéantar tuairisceán den sórt sin a chomhdú go leictreonach, cibé dáta is déanaí ná sin a fhógróidh an tArd-Bhailitheoir chun tuairisceán ar ioncam an duine iomchuí don bhliain chánach 2019 a chomhdú go leictreonach.
- (6) Más rud é—
- (a) go bhfuil duine iomchuí tar éis teacht ar an tuairim—
 - (i) go mbeidh ioncam iomlán an duine iomchuí do 2021 níos lú ná 75 faoin gcéad d'ioncam iomlán an duine iomchuí do 2019,
 - (ii) gur de dhroim éifeacht srianta ar ioncam an duine iomchuí, is srianta dá bhforáiltear i rialacháin arna ndéanamh faoi ailt 5 agus 31A den Acht Sláinte, 1947, a bheidh an laghdú ar ioncam iomlán dá dtagraítear i bhfomhír (i), agus
 - (iii) de dhroim an laghdaithe ar ioncam iomlán dá dtagraítear i bhfomhír (i), nach féidir leis an duine iomchuí réamhcháin is cuí don bhliain chánach 2021 ná cáin ioncaim is iníoctha don bhliain chánach 2020 a íoc,nó
 - (b) i gcás nár dhuine iomchuí do 2019 duine iomchuí, go bhfuil an duine iomchuí tar éis teacht ar an tuairim, de dhroim éifeacht srianta ar ioncam an duine iomchuí, is srianta dá bhforáiltear i rialacháin arna ndéanamh faoi ailt 5 agus 31A den Acht Sláinte, 1947, nach féidir leis an duine iomchuí réamhcháin is cuí don bhliain chánach 2021 ná cáin ioncaim is iníoctha don bhliain chánach 2020 a íoc,
- féadfaidh an duine iomchuí dearbhú a dhéanamh, de réir fho-alt (7), don Ard-Bhailitheoir á rá go bhfuil an duine iomchuí tar éis teacht ar an tuairim sin.

- (7) Déanfaidh duine iomchuí dearbhú faoi fho-alt (6)—

- (a) nuair a bheidh tuairisceán ar ioncam an duine iomchuí don bhliain chánach 2020 á chomhdú aige nó aici, agus
 - (b) tráth nach déanaí ná an 31 Deireadh Fómhair 2021 nó, i gcás go ndéantar tuairisceán den sórt sin a chomhdú go leictreonach, cibé dáta is déanaí ná sin a fhógróidh an tArd-Bhailitheoir chun tuairisceán ar ioncam an duine iomchuí don bhliain chánach 2020 a chomhdú go leictreonach.
- (8) Féadfaidh oifigeach Ioncaim cibé fiosrúcháin a dhéanamh a mheasfaidh sé nó sí is gá chun a dheimhniú dó féin nó di féin—
- (a) maidir le hioncam iomlán duine iomchuí do 2020 nó do 2021, de réir mar a bheidh, an amhlaidh gur lú é ná 75 faoin gcéad d'ioncam iomlán an duine iomchuí do 2019, nó
 - (b) i gcás nár dhuine iomchuí do 2019 duine iomchuí, an amhlaidh nach féidir leis an duine iomchuí cáin ioncaim Covid-19 an duine iomchuí a íoc in 2020 nó in 2021, de réir mar a bheidh.
- (9) I gcás go bhfuil feidhm ag an alt seo maidir le duine iomchuí, ní bheidh feidhm ag alt 1080 maidir le cáin ioncaim Covid-19 an duine iomchuí.
- (10) Más rud é—
- (a) go bhfuil feidhm ag an alt seo maidir le duine iomchuí, agus
 - (b) go gcomhlíonann an duine iomchuí oibleagáidí an duine iomchuí faoi na hAchtanna,
- ní bheidh aon ús dlite ná iníoctha ag an duine iomchuí i leith cháin ioncaim Covid-19 an duine iomchuí le linn Thréimhse 1 agus Thréimhse 2.
- (11) Más rud é—
- (a) go bhfuil feidhm ag an alt seo maidir le duine iomchuí,
 - (b) go gcomhlíonann an duine iomchuí oibleagáidí an duine iomchuí faoi na hAchtanna,
 - (c) roimh Thréimhse 3, go ndearna an duine iomchuí comhaontú leis an Ard-Bhailitheoir chun cáin ioncaim Covid-19 an duine iomchuí, mar aon le hús faoin bhfo-alt seo, a íoc, agus
 - (d) go gcomhlíonann an duine iomchuí oibleagáidí an duine iomchuí faoin gcomhaontú dá dtagraítear i mír (c),
- ón gcéad lá de Thréimhse 3, íocfaidh an duine iomchuí ús simplí leis na Coimisinéirí Ioncaim ar aon mhéid den cháin ioncaim Covid-19 a bheidh fágtha gan íoc, agus déanfar ús den sórt sin a ríomh, ón lá sin go dtí go n-íocfar an méid in aghaidh aon lá nó cuid de lá ar lena linn a bheidh an méid sin fágtha gan íoc, de réir ráta 0.0082 faoin gcéad.

(12) Más rud é, maidir le duine iomchuí—

- (a) le linn Thréimhse 1 nó Thréimhse 2, go mainníonn sé nó sí oibleagáid dá dtagraítear i bhfo-alt (10)(b) a chomhlíonadh,
- (b) ar an gcéad lá de Thréimhse 3, nach mbeidh comhaontú dá dtagraítear i bhfo-alt (11)(c) déanta aige nó aici, nó
- (c) le linn Thréimhse 3, go mainníonn sé nó sí oibleagáid dá dtagraítear i bhfo-alt (11)(b) nó (d) a chomhlíonadh,

íocfaidh an duine iomchuí ús simplí leis na Coimisinéirí Ioncaim ar aon mhéid den cháin ioncaim Covid-19 a bheidh fágtha gan íoc—

- (i) i gcás ina bhfuil feidhm ag mír (a) nó (c), an dáta a tharla an teagmhas arb é an toradh a bhí air mainneachtain an oibleagáid lena mbaineann a chomhlíonadh, agus

- (ii) i gcás ina bhfuil feidhm ag mír (b), an chéad lá de Thréimhse 3,

agus déanfar ús den sórt sin a ríomh, ón lá sin go dtí go n-íocfar an méid in aghaidh aon lá nó cuid de lá ar lena linn a bheidh an méid sin fágtha gan íoc, de réir ráta 0.0219 faoin gcéad.

(13) Más rud é—

- (a) go ndéanfaidh duine iomchuí dearbhú faoi fho-alt (3), agus go dtarlóidh sé ina dhiaidh sin gur mó ioncam iomlán an duine iomchuí do 2020 ná 75 faoin gcéad, nó go mbeidh sé comhionann le 75 faoin gcéad, d'ioncam iomlán an duine iomchuí do 2019, nó
- (b) go ndéanfaidh duine iomchuí dearbhú faoi fho-alt (4), agus go dtarlóidh sé ina dhiaidh sin nach ndearnadh dochar d'ioncam an duine iomchuí do 2020 le srianta dá bhforáiltear i rialacháin arna ndéanamh faoi ailt 5 agus 31A den Acht Sláinte, 1947,

ansin—

- (i) measfar cáin ioncaim is iníoctha ag an duine iomchuí do 2020 a bheith dlite agus iníoctha an 31 Deireadh Fómhair 2020, agus
- (ii) íocfaidh an duine iomchuí ús leis na Coimisinéirí Ioncaim ar aon mhéid den cháin ioncaim Covid-19 a bheidh fágtha gan íoc an 31 Deireadh Fómhair 2020 agus déanfar ús den sórt sin a ríomh, ón lá sin go dtí go n-íocfar an méid in aghaidh aon lá nó cuid de lá ar lena linn a bheidh an méid sin fágtha gan íoc, de réir ráta 0.0219 faoin gcéad.

(14) I gcás go ndéanfaidh duine iomchuí dearbhú faoi fho-alt (6)—

- (a) i leith an ní a thuairiscítear i mír (a) den fho-alt sin, agus go dtarlóidh sé ina dhiaidh sin gur mó ioncam iomlán an duine iomchuí do 2021 ná 75 faoin gcéad, nó go mbeidh sé comhionann le 75 faoin gcéad, d'ioncam iomlán an duine iomchuí do 2019, nó

- (b) i leith an ní a thuairiscítear i mír (b) den fho-alt sin, agus go dtarlóidh sé ina dhiaidh sin nach ndearnadh dochar d'ioncam an duine iomchuí do 2021 le srianta dá bhforáiltear i rialacháin arna ndéanamh faoi ailt 5 agus 31A den Acht Sláinte, 1947,

ansin—

- (i) measfar cáin ioncaim is iníoctha ag an duine iomchuí do 2021 a bheith dlite agus iníoctha an 31 Deireadh Fómhair 2021, agus
- (ii) íocfaidh an duine iomchuí ús leis na Coimisinéirí Ioncaim ar aon mhéid de cháin ioncaim Covid-19 a bheidh fágtha gan íoc an 31 Deireadh Fómhair 2021 agus déanfar ús den sórt sin a ríomh, ón lá sin go dtí go n-íocfar an méid in aghaidh aon lá nó cuid de lá ar lena linn a bheidh an méid sin fágtha gan íoc, de réir ráta 0.0219 faoin gcéad.
- (15) Más rud é, de réir alt 959AO(3), go measfar go raibh an cháin ioncaim is iníoctha ag duine iomchuí i leith na bliana cánach 2019 dlite agus iníoctha an 31 Deireadh Fómhair 2019, ní cáin ioncaim Covid-19 a bheidh sa cháin ioncaim sin.
- (16) I gcás go bhfuil feidhm ag an alt seo maidir le duine iomchuí, ní bheidh feidhm ag alt 959AO(3) i leith cháin ioncaim Covid-19 an duine sin.
- (17) I gcás go mbeidh na ceanglais chun tuairisceáin a chomhdú faoi Chaibidil 1 de Chuid 38 nó faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A, de réir mar is infheidhme, comhlíonta ag duine iomchuí, ní dhéileálfar, chun críoch alt 1094 nó 1095, le mainneachtain an duine iomchuí cáin ioncaim Covid-19 a íoc, mar mhainneachtain na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar an duine iomchuí leis na hAchtanna (de réir bhrí alt 1094 nó 1095, de réir mar a bheidh) a chomhlíonadh.
- (18) Ní bheidh feidhm ag alt 960E(2) i leith cháin ioncaim Covid-19 i gcás go gcomhlíonann an duine iomchuí lena mbaineann ceanglais an duine iomchuí chun tuairisceáin a chomhdú faoi Chaibidil 1 de Chuid 38 nó faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A, de réir mar is infheidhme.”.

Leasú ar alt 991B den Phríomh-Acht (Covid-19: forálacha speisialta stórasaithe agus úis)

66. Leasaítear alt 991B den Phríomh-Acht—

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (8):

“(8) Más rud é—

- (a) go bhfuil feidhm ag an alt seo maidir le fostóir,
- (b) go gcomhlíonann an fostóir oibleagáidí an fhostóra faoi na hAchtanna,
- (c) roimh Thréimhse 3, go ndearna an fostóir comhaontú leis an Ard-Bhailitheoir chun dliteanaí Covid-19 an fhostóra, mar aon le hús faoin bhfo-alt seo, a íoc, agus

- (d) go gcomhlíonann an fostóir oibleagáidí an fhostóra faoin gcomhaontú dá dtagraítear i mír (c),

ón gcéad lá de Thréimhse 3, íocfaidh an fostóir ús simplí leis na Coimisinéirí Ioncaim ar aon mhéid de na dliteanais Covid-19 a bheidh fágtha gan íoc agus déanfar ús den sórt sin a ríomh, ón lá sin go dtí go n-íocfar an méid in aghaidh aon lá nó cuid de lá ar lena linn a bheidh an méid sin fágtha gan íoc, de réir ráta 0.0082 faoin gcéad.”,

- (b) trí fho-alt (9) a scríosadh,

- (c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (10):

“(10) Más rud é, maidir le fostóir—

- (a) le linn Thréimhse 1 nó Thréimhse 2, go mainníonn sé nó sí oibleagáid dá dtagraítear i bhfo-alt (7)(b) a chomhlíonadh,

- (b) ar an gcéad lá de Thréimhse 3, nach mbeidh comhaontú dá dtagraítear i bhfo-alt (8)(c) déanta aige nó aici, nó

- (c) le linn Thréimhse 3, go mainníonn sé nó sí oibleagáid dá dtagraítear i bhfo-alt (8)(b) nó (d) a chomhlíonadh,

íocfaidh an fostóir ús simplí leis na Coimisinéirí Ioncaim ar aon mhéid de na dliteanais Covid-19 a bheidh fágtha gan íoc—

- (i) i gcás ina bhfuil feidhm ag mír (a) nó (c), an dáta a tharla an teagmhas arb é an toradh a bhí air mainneachtain an oibleagáid lena mbaineann a chomhlíonadh, agus

- (ii) i gcás ina bhfuil feidhm ag mír (b), an chéad lá de Thréimhse 3,

agus déanfar ús den sórt sin a ríomh, ón lá sin go dtí go n-íocfar an méid in aghaidh aon lá nó cuid de lá ar lena linn a bheidh an méid sin fágtha gan íoc, de réir ráta 0.0274 faoin gcéad.”,

agus

- (d) trí fho-alt (11) a scríosadh.

Leasú ar alt 114B den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010 (Covid-19: forálacha speisialta stórasaithe agus úis)

67. Leasaítear alt 114B den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010—

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (8):

“(8) Más rud é—

- (a) go bhfuil feidhm ag an alt seo maidir le duine cuntasach,

- (b) go gcomhlíonann an duine cuntasach oibleagáidí an duine chuntasaigh faoi na hAchtanna,

(c) roimh Thréimhse 3, go ndearna an duine cuntasach comhaontú leis an Ard-Bhailitheoir chun dliteanais Covid-19 an duine chuntasaigh, mar aon le hús faoin bhfo-alt seo, a íoc, agus

(d) go gcomhlíonann an duine cuntasach oibleagáidí an duine chuntasaigh faoin gcomhaontú dá dtagraítear i mír (c),

ón gcéad lá de Thréimhse 3, íocfaidh an duine cuntasach ús simplí leis na Coimisinéirí Ioncaim ar aon mhéid de na dliteanais Covid-19 a bheidh fágtha gan íoc agus déanfar ús den sórt sin a ríomh, ón lá sin go dtí go n-íocfar an méid in aghaidh aon lá nó cuid de lá ar lena linn a bheidh an méid sin fágtha gan íoc, de réir ráta 0.0082 faoin gcéad.”,

(b) trí fho-alt (9) a scríosadh,

(c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (10):

“(10) Más rud é, maidir le duine cuntasach—

(a) le linn Thréimhse 1 nó Thréimhse 2, go mainníonn sé nó sí oibleagáid dá dtagraítear i bhfo-alt (7)(b) a chomhlíonadh,

(b) ar an gcéad lá de Thréimhse 3, nach mbeidh comhaontú dá dtagraítear i bhfo-alt (8)(c) déanta aige nó aici, nó

(c) le linn Thréimhse 3, go mainníonn sé nó sí oibleagáid dá dtagraítear i bhfo-alt (8)(b) nó (d) a chomhlíonadh,

íocfaidh an duine cuntasach ús simplí leis na Coimisinéirí Ioncaim ar aon mhéid de na dliteanais Covid-19 a bheidh fágtha gan íoc—

(i) i gcás ina bhfuil feidhm ag mír (a) nó (c), an dáta a tharla an teagmhas arb é an toradh a bhí air mainneachtain an oibleagáid lena mbaineann a chomhlíonadh, agus

(ii) i gcás ina bhfuil feidhm ag mír (b), an chéad lá de Thréimhse 3,

agus déanfar ús den sórt sin a ríomh, ón lá sin go dtí go n-íocfar an méid in aghaidh aon lá nó cuid de lá ar lena linn a bheidh an méid sin fágtha gan íoc, de réir ráta 0.0274 faoin gcéad.”,

agus

(d) trí fho-alt (11) a scríosadh.

Leasú ar alt 17C den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 (Covid-19: forálacha speisialta stórasaithe agus úis i gcomhair ranníocaí)

68. Leasaítear alt 17C den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (8):

“(8) Más rud é—

- (a) go bhfuil feidhm ag an alt seo maidir le fostóir,
- (b) go gcomhlíonann an fostóir oibleagáidí an fhostóra faoi alt 17A,
- (c) roimh Thréimhse 3, go ndearna an fostóir comhaontú leis an Ard-Bhailitheoir chun dliteanais Covid-19 an fhostóra, mar aon le hús faoin bhfo-alt seo, a íoc, agus
- (d) go gcomhlíonann an fostóir oibleagáidí an fhostóra faoin gcomhaontú dá dtagraítear i mír (c),

ón gcéad lá de Thréimhse 3, íocfaidh an fostóir ús simplí leis an Ard-Bhailitheoir ar aon mhéid de na dliteanais Covid-19 a bheidh fágtha gan íoc agus déanfar ús den sórt sin a ríomh, ón dáta sin go dtí go n-íocfar an méid in aghaidh aon lá nó cuid de lá ar lena linn a bheidh an méid sin fágtha gan íoc, de réir ráta 0.0082 faoin gcéad.”,

- (b) trí fho-alt (9) a scríosadh,
- (c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (10):

“(10) Más rud é, maidir le fostóir—

- (a) le linn Thréimhse 1 nó Thréimhse 2, go mainníonn sé nó sí oibleagáid dá dtagraítear i bhfo-alt (7)(b) a chomhlíonadh,
- (b) ar an gcéad lá de Thréimhse 3, nach mbeidh comhaontú dá dtagraítear i bhfo-alt (8)(c) déanta aige nó aici, nó
- (c) le linn Thréimhse 3, go mainníonn sé nó sí oibleagáid dá dtagraítear i bhfo-alt (8)(b) nó (d) a chomhlíonadh,

íocfaidh an fostóir ús simplí leis an Ard-Bhailitheoir ar aon mhéid de na dliteanais Covid-19 a bheidh fágtha gan íoc—

- (i) i gcás ina bhfuil feidhm ag mír (a) nó (c), an dáta a tharla an teagmhas arb é an toradh a bhí air mainneachtain an oibleagáid lena mbaineann a chomhlíonadh, agus

- (ii) i gcás ina bhfuil feidhm ag mír (b), an chéad lá de Thréimhse 3,

agus déanfar ús den sórt sin a ríomh, ón lá sin go dtí go n-íocfar an méid in aghaidh aon lá nó cuid de lá ar lena linn a bheidh an méid sin fágtha gan íoc, de réir ráta 0.0274 faoin gcéad.”,

agus

- (d) trí fho-alt (11) a scríosadh.

Aisíoc nó aischistiú íocaíochta arna déanamh de bhreis ar dhliteanas i leith cánach arna mheasúnú ag cáiníocóir

69. Leasaítear Caibidil 1B de Chuid 42 den Phríomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 960G:

“Aisíoc nó aischistiú íocaíochta arna déanamh de bhreis ar dhliteanas i leith cánach arna mheasúnú ag cáiníocóir

960GA. D’ainneoin aon fhoráil de na hAchtanna a bhaineann le hús ar an aisíoc nó aischistiú cánach, más rud é, maidir le duine—

- (a) go ndéanfaidh sé nó sí achomharc i gcoinne measúnachta faoi Chuid 40A, nó go ndéanfaidh sé nó sí iarratas chun na hArd-Chúirte faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986) chun athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar bhreith ó na Coimisinéirí Achomhairc i ndáil le measúnacht,
- (b) go ndéanfaidh sé nó sí íocaíocht cánach leis na Coimisinéirí Ioncaim nó leis an Ard-Bhailitheoir go díreach, trí asbhaint nó trí fhritháireamh faoi alt 960H, agus dliteanas is ábhar do mheasúnacht dá dtagraítear i mír (a) (dá ngairtear ‘an mheasúnacht dhíospóidithe’ san alt seo) a shainaithint mar an dliteanas i leith cánach ar mian leis nó léi an íocaíocht a fhritháireamh ina aghaidh, agus
- (c) go mbeidh sé nó sí i dteideal aisíoc nó aischistiú cánach faoi aon fhoráil de na hAchtanna de bhun na nithe seo a leanas—
 - (i) socraíocht trí chomhaontú faoi alt 949V i ndáil leis an measúnacht dhíospóidithe,
 - (ii) cinneadh na gCoimisinéirí Achomhairc faoi alt 949AK i ndáil leis an measúnacht dhíospóidithe, i gcás nach ndéanfar aon achomharc i gcoinne an chinnidh sin nó, i gcás go ndéanfar achomharc den sórt sin, go mbeidh cinneadh na gCoimisinéirí Achomhairc daingnithe go hiomlán nó go páirteach, nó
 - (iii) in aon chás eile, cinneadh críochnaitheach arna dhéanamh ag cúirt ar imeachtaí dlí a bheidh tionscanta i leith na measúnachta díospóidithe,

ní bheidh ús iníoctha ar an aisíoc nó aischistiú cánach dá dtagraítear i mír (c), sa mhéid go mbaineann an t-aisíoc nó an t-aischistiú sin le híocaíocht arna déanamh faoi mhír (b) de bhreis ar an méid a mbeidh measúnacht i leith cánach déanta ag an duine ina leith.”

Leasú ar alt 1001 den Phríomh-Acht (cáin etc. a bheith dlite de shealbhóir muirir shocraithe ar fhiacha leabhair de chuid cuideachta)

70. Leasaítear alt 1001 den Phríomh-Acht—

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Ní bheidh feidhm ag an alt seo mura mbeidh fógra i scríbhinn tugtha do shealbhóir an mhuirir shocraithe ag na Coimisinéirí Ioncaim gur mhainnigh cuideachta méid iomchuí a íoc a dhlitear di a íoc agus, de bhua an ailt seo, maidir le sealbhóir an mhuirir shocraithe—

- (a) féadfaidh sé nó sí teacht chun bheith faoi dhliteanas aon mhéid iomchuí a íoc, is méid a mhainneoidh an chuideachta a íoc ina dhiaidh sin, agus
- (b) i gcás nach mbeidh feidhm ag fo-alt (3A), beidh sé nó sí tagtha chun bheith faoi dhliteanas an méid iomchuí a íoc, is méid a mhainnigh an chuideachta a íoc.”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Más rud é—

- (a) laistigh de 21 lá ó dháta cruthaithe an mhuirir shocraithe, nó
- (b) i gcás go mbeidh an muirear socraithe aistrithe (cibé acu roimh theacht i ngníomh d’alt 72 den Acht Airgeadais, 2019 nó dá éis) ar an lá nó an dáta is déanaí díobh seo a leanas nó roimhe sin—

(i) an 31 Eanáir 2020, agus

(ii) an dáta a bheidh 21 lá ó dháta aistrithe an mhuirir shocraithe,

go ndéanfaidh sealbhóir an mhuirir shocraithe na mionsonraí seo a leanas i ndáil leis an muirear a thabhairt i scríbhinn do na Coimisinéirí Ioncaim:

- (I) ainm na cuideachta ar cruthaíodh an muirear ar a fiacha leabhair;
- (II) uimhir chlárúcháin na cuideachta arna heisiúint ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí chuig an gcuideachta sin;
- (III) uimhir chlárúcháin chánach na cuideachta arna heisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim chuig an gcuideachta sin;
- (IV) an dáta a cruthaíodh nó a aistríodh, de réir mar a bheidh, an muirear socraithe;
- (V) ainm agus seoladh shealbhóir an mhuirir shocraithe,

ansin ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le haon mhéid iomchuí a dhlig an chuideachta a íoc roimh an dáta a fhaigheann an sealbhóir fógra i scríbhinn ó na Coimisinéirí Ioncaim de réir fho-alt (3).”,

agus

(c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Maidir leis an méid nó an méid comhiomlán a dhlífidh duine a íoc i ndáil le cuideachta de réir an ailt seo, ní mó é ná an méid nó an méid comhiomlán—

- (a) a bheidh, le linn don mhuirear socraithe ar fhiacha leabhair i ndáil leis an gcuideachta sin a bheith ar marthain, faighte ag an duine, go díreach nó go neamhdhíreach, ón gcuideachta sin mar íocaíocht nó mar pháirtíocaíocht i leith aon fhiacha a bheidh dlite den chuideachta don duine, nó
- (b) a bheidh faighte ag sealbhóir an mhuirir shocraithe ón gcuideachta tar éis an dáta a fhaigheann an sealbhóir fôgra i scríbhinn ó na Coimisinéirí Ioncaim de réir fho-alt (3).”.

Leasú ar alt 1077E den Phríomh-Acht (pionós mar gheall ar thuairisceáin mhíchruinne, etc., a dhéanamh d’aon turas nó go míchúramach)

71. Leasaítear alt 1077E den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1), sa mhíniú ar “tréimhse”, trí “, tréimhse chuntasaíochta, tréimhse thuairisceáin mar a mhínítear in alt 530 nó mí cánach ioncaim mar a mhínítear in alt 983” a chur in ionad “nó tréimhse chuntasaíochta nó tréimhse thuairisceáin, mar a mhínítear in alt 530”.

Leasú ar Chuid 3 de Sceideal 26A a ghabhann leis an bPríomh-Acht (comhlacht a cheadú mar charthanas cáilithe)

72. Leasaítear Cuid 3 de Sceideal 26A a ghabhann leis an bPríomh-Acht tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 3:

“3A. I gcás go raibh aon chomhlacht amháin nó níos mó ná aon chomhlacht amháin (a ngairtear ‘comhlacht athstruchtúraithe nó cónasctha’ de gach ceann díobh sa mhír seo) ina ábhar d’aon phróiseas atheagrúcháin (cibé acu faoi Chuid 9 d’Acht na gCuideachtaí, 2014 nó ar shlí eile) a fhágann go bhfuil an comhlacht nó na comhlachtaí tagtha chun bheith cónasctha le comhlacht eile (dá ngairtear an ‘comhlacht comharbais’ sa mhír seo) agus—

- (a) gur shealbhaigh gach comhlacht athstruchtúraithe nó cónasctha údarú ar feadh 2 bhliain ar a laghad roimh dháta tionscanta an phróisis atheagrúcháin, agus
- (b) go bhfuil foirceannadh agus dáileadh shócmhainní uile gach comhlachta athstruchtúraithe nó cónasctha críochnaithe,

measfar ansin go gcomhlíonann an comhlacht comharbais mír 3(c).”.

Leasú ar alt 908E den Phríomh-Acht (ordú doiciméid a thabhairt ar aird nó faisnéis a sholáthar)

73. Leasaítear alt 908E(1) den Phríomh-Acht, i mír (a) den mhíniú ar “cion iomchuí”, trí “alt 14 den Acht Custam, 2015” a chur in ionad “alt 186 den *Customs Consolidation Act* 1876”.

Leasuithe teicniúla ilghnéitheacha i ndáil le cáin

74. Maidir leis na hachtacháin a shonraítear sa *Sceideal*—

- (a) déantar iad a leasú a mhéid agus ar an modh a shonraítear i *míreanna 1 go 5* den *Sceideal* sin, agus
- (b) beidh feidhm acu agus tiocfaidh siad i ngníomh de réir *mhír 6* den *Sceideal* sin.

Cúram agus bainistiú cánacha agus dleachtanna

75. Déantar na cánacha agus na dleachtanna go léir a fhorchuirtear leis an Acht seo a chur faoi chúram agus faoi bhainistiú na gCoimisinéirí Ioncaim.

Gearrtheideal, forléiriú agus tosach feidhme

76. (1) Féadfar an tAcht Airgeadais, 2020 a ghairm den Acht seo.

(2) Déanfar *Cuid 1* a fhorléiriú—

- (a) a mhéid a bhaineann sí le cáin ioncaim, i dteannta na nAchtanna Cánach Ioncaim,
 - (b) a mhéid a bhaineann sí le muirear sóisialach uilíoch, i dteannta Chuid 18D den Phríomh-Acht,
 - (c) a mhéid a bhaineann sí le cáin chorparáide, i dteannta na nAchtanna Cánach Corparáide, agus
 - (d) a mhéid a bhaineann sí le cáin gnóchan caipitiúil, i dteannta na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil.
- (3) Déanfar *Cuid 2*, a mhéid a bhaineann sí le dleachtanna máil, a fhorléiriú i dteannta na reachtanna a bhaineann leis na dleachtanna sin agus le bainistiú na ndleachtanna sin.
- (4) Déanfar *Cuid 3* a fhorléiriú i dteannta nAchtanna Cánach Breisluacha.
- (5) Déanfar *Cuid 4* a fhorléiriú i dteannta an Achta Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin.
- (6) Déanfar *Cuid 5* a fhorléiriú i dteannta an Achta Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin.
- (7) Déanfar *Cuid 6* a fhorléiriú—
- (a) a mhéid a bhaineann sí le cáin ioncaim, i dteannta na nAchtanna Cánach Ioncaim,
 - (b) a mhéid a bhaineann sí le muirear sóisialach uilíoch, i dteannta Chuid 18D den Phríomh-Acht,
 - (c) a mhéid a bhaineann sí le cáin chorparáide, i dteannta na nAchtanna Cánach Corparáide,
 - (d) a mhéid a bhaineann sí le cáin gnóchan caipitiúil, i dteannta na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil,

- (e) a mhéid a bhaineann sí le custaim, i dteannta na nAchtanna Custam,
 - (f) a mhéid a bhaineann sí le dleachtanna máil, i dteannta na reachtanna a bhaineann le dleachtanna máil agus le bainistiú na ndleachtanna sin,
 - (g) a mhéid a bhaineann sí le cáin bhreisluacha, i dteannta na nAchtanna Cánach Breisluacha,
 - (h) a mhéid a bhaineann sí le dleacht stampa, i dteannta an Achta Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,
 - (i) a mhéid a bhaineann sí le tobhach sainchónaithe, i dteannta Chuid 18C den Phríomh-Acht,
 - (j) a mhéid a bhaineann sí le cáin bhronntanais nó le cáin oidhreacht, i dteannta an Achta Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin, agus
 - (k) a mhéid a bhaineann sí leis an bhfóirdheontas sealadach pá nó leis an íocaíocht fóirdheontais pá dá bhforáiltear le Cuid 7 den chéad Acht eile a luaitear ina dhiaidh seo, i dteannta Chuid 7 den Acht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin.
- (8) Ach amháin i gcás go bhforáiltear a mhalairt go sainráite i *gCuid 1*, tiocfaidh an Chuid sin i ngníomh an 1 Eanáir 2021.
- (9) Ach amháin i gcás go bhforáiltear a mhalairt go sainráite, i gcás go bhfuil foráil den Acht seo le teacht i ngníomh ar an Aire Airgeadais do dhéanamh ordú, tiocfaidh an fhoráil sin i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

AN SCEIDEAL

Alt 74

LEASUITHE TEICNIÚLA ILGHNÉITHEACHA I NDÁIL LE CÁIN

1. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997—

- (a) in alt 128B(13), trí “alt 959I” a chur in ionad “alt 951”,
- (b) in alt 128F—
 - (i) i bhfo-alt (1), i mír (c)(i)(I) den mhíniú ar “cuideachta cháilitheach”, trí “margadh Fáis *Euronext* a oibríonn Stocmhalartán na hÉireann cpt ag trádáil mar *Euronext Dublin*” a chur in ionad “Margadh na nUrrús Fiontraíochta de Stocmhalartán na hÉireann”, agus
 - (ii) i bhfo-alt (2A)(a)(iii)(I), trí “margadh Fáis *Euronext* a oibríonn Stocmhalartán na hÉireann cpt ag trádáil mar *Euronext Dublin*” a chur in ionad “Margadh na nUrrús Fiontraíochta de Stocmhalartán na hÉireann”,
- (c) in alt 172A(1)(a), sa mhíniú ar “Uimhir AUI”, trí “Stocmhalartán na hÉireann cpt ag trádáil mar *Euronext Dublin*” a chur in ionad “Stocmhalartán na hÉireann Teoranta”,
- (d) in alt 172E(4)(c), trí “Stocmhalartán na hÉireann cpt ag trádáil mar *Euronext Dublin*” a chur in ionad “Stocmhalartán na hÉireann Teoranta”,
- (e) in alt 172G(4)(c), trí “Stocmhalartán na hÉireann cpt ag trádáil mar *Euronext Dublin*” a chur in ionad “Stocmhalartán na hÉireann Teoranta”,
- (f) in alt 284(2)(ac)(i)—
 - (i) trí “Chuid 41A” a chur in ionad “Chuid 41”, agus
 - (ii) trí “alt 959I” a chur in ionad “alt 951”,
- (g) in alt 489, i mír (a) sa mhíniú ar “neamhliostaithe”, trí “margadh Fáis *Euronext* a oibríonn Stocmhalartán na hÉireann cpt ag trádáil mar *Euronext Dublin*” a chur in ionad “Margadh na nUrrús Fiontraíochta de Stocmhalartán na hÉireann”,
- (h) in alt 498(1), trí “alt 508J(1)” a chur in ionad “alt 598J(1)”,
- (i) in alt 753B(1)—
 - (i) i mír (a)(I)(A), trí “dáileadh” a chur in ionad “ús”, agus
 - (ii) i mír (b)(I)(A), trí “ús” a chur in ionad “dáileadh”,
agus
- (j) i Sceideal 25B, trí na hiontrálacha ag Uimhreacha Tagartha 2, 6, 8, 9, 10, 11, 45 agus 48 agus na nithe atá leagtha amach os coinne na n-uimhreacha tagartha sin a scriosadh.

2. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999—

- (a) in alt 75—

- (i) i bhfo-alt (1), i mír (a) den mhíniú ar “ballghnólacht”, trí “Stocmhalartán na hÉireann cpt ag trádáil mar *Euronext Dublin*” a chur in ionad “Stocmhalartán na hÉireann Teoranta”, agus
 - (ii) i bhfo-alt (3)(c)(ii), trí “Stocmhalartán na hÉireann cpt ag trádáil mar *Euronext Dublin*” a chur in ionad “Stocmhalartán na hÉireann Teoranta”, agus
- (b) i bhfo-alt 86A—
- (i) i bhfo-alt (1), trí “margadh Fáis *Euronext* a oibríonn Stocmhalartán na hÉireann cpt ag trádáil mar *Euronext Dublin*” a chur in ionad “Margadh na nUrrús Fiontraíochta a oibríonn Stocmhalartán na hÉireann Teoranta”, agus
 - (ii) i bhfo-alt (2)—
- (I) trí “margadh Fáis *Euronext* a oibríonn Stocmhalartán na hÉireann cpt ag trádáil mar *Euronext Dublin*” a chur in ionad “Margadh na nUrrús Fiontraíochta”, agus
 - (II) trí “Stocmhalartán na hÉireann cpt ag trádáil mar *Euronext Dublin*” a chur in ionad “Stocmhalartán na hÉireann Teoranta”.
3. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003, in alt 86(2A), trí “fho-alt (4A)” a chur in ionad “fho-alt (2)”.
4. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010 in alt 114B (a cuireadh isteach le halt 4 den Acht um Fhorálacha Airgeadais (Covid-19) (Uimh. 2), 2020), i bhfo-alt (2), trí “bailiú dhliteanais an duine chuntasaigh” a chur in ionad “dliteanais an duine chuntasaigh”.
5. Leasaítear an tAcht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020 in alt 28B(10)(b) (a cuireadh isteach le halt 2(2) den Acht um Fhorálacha Airgeadais (Covid-19)(Uimh. 2), 2020)—
- (a) trí “an 1 Eanáir 2021” a chur in ionad “an 1 Eanáir 2020”, agus
 - (b) trí “an 31 Márta 2021” a chur in ionad “an 31 Márta 2020”.
6. (a) Faoi réir *fhomhír (b)*, beidh éifeacht leis an Sceideal seo amhail ar agus ó dháta rite an Achta seo.
- (b) Measfar gur tháinig *mír (5)* i ngníomh ar an agus ón 1 Iúil 2020.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€12.95

